Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# Bonneagar Iompair Éireann

Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais

# 2016

# Faisnéis faoin Tuarascáil seo

*Tugtar léargas ginearálta gearr sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais don bhliain 2016 ar Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus ar ár straitéis chun bonneagar bóthair agus iarnróid éadroim náisiúnta a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil. Beartaítear go soláthraítear sa tuarascáil seo faisnéis dár bpáirtithe leasmhara maidir le ráitis airgeadais, straitéis agus creat rialachais BIÉ. Díríonn ár gcur chuige tuairiscithe maidir lenár ngníomhaíochtaí ar éachtaí BIÉ i rith 2016 agus na spriocanna a leagtar amach don bhliain 2017 a léiriú go soiléir. Réitíodh an fhaisnéis sa tuarascáil seo i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009).*

# Clár Ábhar


## A | Léargas Ginearálta Gnó agus Straitéiseach

**Gluais** 4

**Ráiteas an Chathaoirligh** 5

**Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** 7

**Bonneagar Iompair Éireann – Ról agus Feidhmeanna** 9

## B | Léargas Ginearálta Oibriúcháin

**Gníomhaíochtaí BIÉ** 11

**Léargas Ginearálta Straitéiseach** 13

**Oibríochtaí an Ghréasáin Bhóithre** 15

**Oibríochtaí Tráchtála: Luas agus Dolaí** 21

**Na Gréasáin Bhóithre agus Iarnróid Éadroim Náisiúnta a Nuachóiriú** 25

**Seirbhísí Gairmiúla** 36

## C | Rialacháin agus Rialachas

**Rialáil BIÉ** 39

**Rialachas** 41

Réamhrá (Comhlíonadh an Chóid Chleachtais, Eitice agus Reachtaíochta san áireamh) 44

Comhlíonadh na Reachtaíochta 44

Nochtadh Cosanta 44

Íocaíochtaí Prasa 44

An tAcht um Míchumas, 2005 45

Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde 45

**An Board** 45

Róil agus Freagrachtaí 45

Ceisteanna a Fhorchoimeádtar don Bhord 46

Tarmligean ag an mBord 46

Comhaltaí Boird – Sceideal na dTáillí agus na gCostas a Íocadh 47

Ballraíocht agus Freastal 48

Éifeachtacht/Measúnacht an Bhoird 49

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca 49

An Coiste Straitéise 49

## D | Aguisín D

**Ráiteas Airgeadais 2016** 51

100
PORTWAY
PWT154
LONG VEHICLE
NEED EXTRA SPACE
MULGREW
Rubiconey Timber Frame
06-D-80055
161-D-30494
12-D-29154

# Gluais

| | |
|---|---|
| **BIÉ** | Bonneagar Iompair Éireann |
| **ÚNI** | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| **ÚBN** | An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta |
| **GFI** | An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród |
| **RITS** | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| **CPP** | Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí |
| **BEI** | An Banc Eorpach Infheistíochta |
| **CCAM** | Conradh um Chothabháil agus Athnuachaintí Mótarbhealaigh |
| **CSBE** | Comhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa |
| **RTT** | Ráiteas Tionchair Timpeallachta |
| **ÚFIÉ** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **CBCC** | Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach |
| **RCPA** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |

An M50, Baile Átha Cliath © BIÉ

# Ráiteas an Chathaoirligh

*Tá Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) freagrach as Luas i mBaile Átha Cliath, chomh maith leis na 5,306km de bhóithre náisiúnta. Iompraíonn Luas breis agus 95,000 paisinéir sa lá, agus iompraíonn an gréasán bóithre náisiúnta daoine, earraí agus seirbhísí idir gach ceann de chathracha, bailte, aerfoirt agus poirt mhóra na tíre. Is fíor le rá go n-imríonn gníomhaíochtaí BIÉ tionchar ar gach uile shaoránach agus cuairteoir chuig an Stát.*

Tá sé ina thábhacht do BIÉ, chomh maith, go gcomhlíonann sé a shainchúram ar bhealach a dhéanann sábháilteacht bhonneagair a chothabháil agus a fheabhsú. Déanaimid faireachas ar phríomhstaitisticí sábháilteachta agus lorgaímid chun rátaí timpiste a laghdú i ngach rud a dhéanaimid. Lorgaímid chun feabhas leanúnach a chur ar ár ngréasáin agus táimid meáite ar shábháilteacht úsáideora a uasmhéadú.

Is deas liom a thabhairt le fios gur leanadh le tionscadal Luas Traschathrach a thógáil go tapa i rith 2016. Rachaidh an síneadh atá á chur leis an ngréasán iarnróid éadroim i mBaile Átha Cliath chun mórshochair bheatha thráchtála agus shóisialta na cathrach agus tá súil leis go mbeidh sé ag feidhmiú i dtaobh cúrsaí tráchtála de faoi dheireadh 2017. Nuair a bheidh sé ag oibriú, soláthróidh sé ceangal idir líne Ghlas agus Dhearg Luas i Lár na Cathrach. Soláthróidh sé ceangail, chomh maith, leis an ngréasán iarnróid ag Droichead Broome sa Chabrach agus le campas nua Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin. Creidimid go ndéanfaidh an nasc méadaithe iompair phoiblí seo trácht gluaisteán i lár na cathrach a laghdú, feabhas a chur ar shábháilteacht choisithe agus ar cháilíocht an aeir anuas ar bhrú tráchta a laghdú.

Bhain Tollán Bhaile Átha Cliath deich mbliana d'oibriú amach i rith 2016 agus ba gharsprioc shuntasach é seo. Sholáthair an tollán ceangal ríthábhachtach inár mbonneagar bóithre náisiúnta. Cuireann sé ar chumas earraí agus seirbhísí teacht isteach agus amach ó Phort Bhaile Átha Cliath ón ngréasán mótarbhealaigh náisiúnta. Ar an rud is tábhachtaí a dhéanann sé, baineann sé trácht earraí troma ó Lár na Cathrach, agus cuireann sé feabhas ar shábháilteacht agus ar cháilíocht an aeir do chách.

I rith 2016, rinne obair dul chun cinn ar thrí scéim mhóra bóithre náisiúnta: Mótarbhealach an M17/M18 ón nGort go Tuaim, mótarbhealach an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh agus Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin. Tá gach ceann de na trí thionscadal á soláthar faoin meicníocht Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP), agus fuair BIÉ cúnamh mór ón nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais. Soláthróidh gach ceann de na trí thionscadal tairbhí an-mhóra, go háitiúil agus go náisiúnta araon. Nuair a chuirtear san áireamh an ráta dul chun cinn atá á dhéanamh faoi láthair, meastar go mbeidh mótarbhealach an M17/M18 ón nGort go Tuaim ar oscailt faoi dheireadh 2017, agus tá scéimeanna mhótarbhealach an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh agus Sheachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin in ainm is oscailt i rith 2019.

Lean méideanna tráchta ag dul i méid i rith 2016 ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Léirigh an méadú seo an téarnamh leanúnach geilleagrach, ar léir go gcuireann an tír an-fháilte roimhe. Mar gheall ar an dúshlán a chruthaíonn coimeád sna sála ar éileamh méadaitheach, tá ar BIÉ pleanáil a dhéanamh don fhadtéarma. Tá BIÉ ag oibriú go dlúth lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an RITS) chun sraith bheag mórthionscadal a chruthú. Is ionann an tsraith seo agus an t-íosmhéid a theastaíonn chun gréasán feidhmeach iompair a sholáthar ar féidir leis borradh leanúnach geilleagrach a chumasú. Lena chinntiú go ndéantar na roghanna is fearr agus go mbaintear luach ar airgead amach, leanann BIÉ leis na prionsabail dhiana bhreithmheasa airgeadais agus gheilleagraigh a chur i bhfeidhm a chuimsítear sa Chód Caiteachais Phoiblí chun breithmheas agus bainistíocht a dhéanamh ar gach togra infheistíochta. Sa chomhthéacs seo, d'iarrfaimis ar an Rialtas chun machnamh a dhéanamh ar ligean do BIÉ chun roinnt dá phríomhbhonneagar a chistiú trí leas a bhaint as an meicníocht rathúil CPP, nuair a chuirtear san áireamh an leibhéal de thorthaí geilleagracha atá ar fáil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár nAire, an tUasal Shane Ross, T.D. agus lena oifigigh san RITS a dhéanann idirchaidreamh le agus a thugann cúnamh go minic do BIÉ chun príomhthionscadail bhonneagair a phleanáil agus a fhorghníomhú don tír. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chomh-Bhaill den Bhord as an gcabhair agus an treoir a thug siad i rith na bliana. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Michael Nolan, ár POF, an fhoireann bhainistíochta agus sárfhoireann uile BIÉ as ucht a ndianoibre agus a ngairmiúlachta leanúnaí agus thairis sin uile, as ucht a dtiomantais do shainchúram éilitheach BIÉ a bhaint amach.

**Cormac O'Rourke**
**Cathaoirleach**

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

*Soláthraí bonneagair comhtháite iompair is ea BIÉ a oibríonn i gcomhpháirtíocht dhlúth le hÚdaráis Áitiúla agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, a dhéanann maoirseacht le meas ar ghréasán sábháilte agus éifeachtúil trí fhorbairt, cothabháil agus oibríochtaí bóithre náisiúnta agus Luas.*

Leagann an réimse leathan gníomhaíochtaí faoinar tugadh i rith 2016 an bhéim ar fhairsinge an chumais laistigh de BIÉ fad a thugann sé faoina shainchúram chun bonneagar iompair, a bhfuil géarghá leis, a fhorbairt agus a bhainistiú. Cuireann na gníomhaíochtaí seo feabhas agus barr feabhais ar nascacht réigiúnach agus áitiúil, agus cothaíonn siad borradh dearfach geilleagrach. Baineann tábhacht le gréasán maith iompair chun rath geilleagrach a choimeád i ngeilleagair nua-aimseartha. Braitheann an méid a chuireann an gréasán le feidhmiú geilleagair atá i mbun téarnaimh ar cháilíocht agus iomláine an ghréasáin.

Baineadh dúnadh airgeadais amach do Sheachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin in Eanáir 2016. Ba é seo an tríú tionscadal CPP bóithre in Éirinn den chineál sin a cuireadh san áireamh sa Phlean Caipitil a tháinig chun solais le tacaíocht an Rialtais, an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (an BEI) agus ó infheisteoirí cothromais phríobháidigh. Chomh maith leis sin, bhí Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin ar cheann de roinnt tionscadail 'úrnua' a cuireadh san áireamh i gcéim phíolótach Thionscnamh um Fheabhsú Creidmheasa Banna Tionscadail an Choimisiúin Eorpaigh agus an BEI. Cuireann an tionscnamh seo meicníocht chistithe chun cinn a mhúsclaíonn maoiniú margadh caipitil le haghaidh bonneagar mórscála iompair, fuinnimh agus cumarsáide. Spreagann infheisteoirí nua institiúide, ar nós comhlachtaí árachais agus cistí pinsin chun an bhearna chistithe a líonadh arb ann di go fóill le haghaidh uasghráduithe bonneagracha a bhfuil géarghá leo. Bhí tionscadal Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin i dteannta thionscadail CPP an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh agus an M17/M18 ón nGort go Tuaim ag céim na tógála in 2016, agus rinne an M17/M18 ón nGort go Tuaim dul chun cinn suntasach i rith na bliana, agus choimeád sé chun tosaigh ar an sprioc go n-osclófar é go luath don trácht go déanach in 2017.

Maidir le hiompar poiblí a thógáil, rinne tionscadal Traschathrach Luas dul chun cinn suntasach, agus bhain sé agus sháraigh sé garspriocanna suntasacha agus casta amach i gcaitheamh na bliana. I measc an iomaí dúshlán ar éirigh linn aghaidh a thabhairt air nuair a bhí tionscadal a bhí chomh casta céanna á thógáil trí shráideanna gnóthacha cathrach, ba é ceann de na dúshláin ba mhó a bhí le sárú an dúshlán a bhain le riachtanais a bhí ag teacht chun cinn a éascú, riachtanais Chomóradh Éirí Amach na Cásca, Ceangal Líne Dhearg Luas agus trasnú Dhroichead Shráid Uí Chonaill/Chéanna na Cathrach i rith dheireadh seachtaine Shaoire Bhainc Lúnasa. I measc na dtionscadal iompair phoiblí eile, tá oibreacha a bhaineann le cumas na Líne Glaise a mhéadú. Áiríodh leis seo tús a chur le hardáin a shíneadh idir Áth an Ghainimh agus Faiche Stiabhna, agus toiliú pleanála a fháil chun mionathruithe a dhéanamh ar Iosta Áth an Ghainimh chun freastal ar thramanna níos faide.

I rith na bliana, lean BIÉ le soláthar an chláir thionscadal a chur chun cinn laistigh de na teorainneacha caithimh airgid a leagtar amach sa Phlean Bonneagair agus Infheistíochta Caipitil don tréimhse ó 2016 go 2021. Rinne oibreacha a chumasú agus cáipéisíocht chonartha a ullmhú dul chun cinn i measc roinnt tionscadal. Cuirfidh é seo

ar chumas scéimeanna chun leanúint ar aghaidh chuig céim na tógála de réir mar a thiocfaidh méadú ar chistiú i ndiaidh 2019. Lean tionscadail eile ar aghaidh sa chéim phleanála agus dhearaidh, agus tá súil leis go gcuirfear roinnt de na scéimeanna seo faoi bhráid an Bhoird Phleanála i rith 2017.

Áirítear leis an bpunann tionscadal atá á forbairt mórthionscadail ar nós an Mheitreo Thuaidh Nua. Beidh an Meitreo Thuaidh Nua ar an Tionscadal Bonneagar Iompair Phoiblí is mó agus is uaillmhianaí ar tugadh faoi le glúin anuas. Déanfaidh an tionscadal seo tionchar claochlaithe a imirt ar Bhaile Átha Cliath agus ar a shaoránaigh trí Lár na Cathrach a cheangal le Sord trí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Dearfar an Meitreo chun tacú le fás agus forbairt an daonra feadh a chonaire iomláine agus ceanglófar é le seirbhísí iompair phoiblí eile, ar nós iarnród Mhaigh Nuad agus an ghréasáin Iarnróid Éadroim.

I rith na bliana, thug dul chun cinn seacht miontionscadal bóithre a fhad lena dtógáil le fios go raibh an clár mionscéime ag crapadh. Imríonn na mionscéimeanna seo, anuas ar ár gclár athnuachana agus cothabhála sócmhainní tionchar suntasach ar shábháilteacht an ghréasáin bhóithre náisiúnta. In ainneoin an laghdaithe ar chistiú chun na scéimeanna fiúntacha siúd a thógáil, lean BIÉ ar aghaidh i mbun gníomhaíochta chun punann de na scéimeanna siúd a phleanáil agus a dhearadh agus súil le cistiú breise a bheith á chur ar fáil i mblianta amach anseo.

Rinneadh cistiú le haghaidh cothabháil agus athnuachan bóithre náisiúnta a chiorrú go mór ó tháinig an ghéarchéim airgeadais chun cinn in 2008. Teastaíonn infheistíocht leantach ó bhonneagar in athnuachaintí d'fhonn go mbeidh an líonra athléimneach agus go bhfeidhmeoidh sé go sábháilte agus go héifeachtúil. Díobháil fhadtéarmach agus luach laghdaithe sócmhainne, dar ndóigh, a eascraíonn as gann-infheistíocht leantach, anuas ar thairbhí laghdaithe agus costais bhreise ar úsáideoirí bóithre. Sáraíonn an costas a bhíonn ar idirghabháil iarchurtha go mór an costas a bhíonn ar thabhairt faoi chothabháil agus athnuachan thráthúil ar an tsócmhainn straitéiseach. Ina leith seo, leanann BIÉ le hidirchaidreamh gníomhach a dhéanamh leis an RITS i dtreo an chistithe riachtanaigh a aischur le haghaidh athnuachan pábhála.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár nAire, Shane Ross T.D., an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, ár gCathaoirleach, an tUasal Cormac O'Rourke, mo chomh-Bhaill den Bhord, mo chomhghleacaithe in BIÉ, ár gcomhpháirtithe Údaráis Áitiúil anuas ar ár iomaí páirtí leasmhar agus soláthraí seirbhíse a gcomhlíonann gach duine díobh ról lárnach in oibriú laethúil an Ghréasáin Bhóithre Náisiúnta agus Luas.

**Michael Nolan**
**Príomhfheidhmeannach**

# Bonneagar Iompair Éireann - Róil agus Feidhmeanna

*Úsáideann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (an ÚBN) an t-ainm "Bonneagar Iompair Éireann" (BIÉ) ar mhaithe le cuspóirí oibríochtúla ó aistríodh foireann agus feidhmeanna na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród (an GFI) chuig an ÚBN i Lúnasa 2015 faoi théarmaí Acht na mBóithre, 2015.*

Comhlacht leathstáit neamhthráchtála is ea BIÉ faoi choimirce an RITS agus tá freagracht fhoriomlán air as forbairt agus cothabháil an ghréasáin bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim agus tá freagrachtaí air a bhaineann leis an meitreo a bhíodh ar an GFI roimhe seo.

Tá BIÉ dírithe ar bhonneagar agus seirbhísí iompair ar ardchaighdeán a sholáthar, a sholáthraíonn cáilíocht beatha níos fearr agus a thacaíonn le borradh geilleagrach.

Príomhimreoir é BIÉ i gcomhthéacs bonneagar iompair agus seirbhísí gaolmhara in Éirinn agus tá inniúlachtaí cruthaithe aige i gcur i bhfeidhm a shaineolais tráchtála, airgeadais (CPP san áireamh) agus theicniúil, faoi mar a léirigh soláthar rathúil gréasáin iarnróid éadroim agus mótarbhealaí.

Eascraíonn treise uathúil BIÉ ó eolas agus peirspictíochtaí a chumasc a fhorbraítear ó eispéiris saolré iomláine agus bonneagar agus seirbhísí bóithre agus iarnróid éadroim á soláthar. D'eascair saineolas cruthaithe BIÉ ó choincheapú agus pleanáil luath a dhéanamh; trí bhonneagar a sholáthar, ar a ndearnadh bainistíocht tionscadail; agus trí bhainistíocht leanúnach a dhéanamh ar sheirbhísí agus eispéireas dearfach custaiméara a sholáthar

## LUAS

Is é ról BIÉ i gcomhthéacs iarnróid éadroim soláthar bonneagar iarnróid éadroim agus meitreo a chinntiú, nó é a sholáthar, faoi mar a chinneann an tAire.

Féadfaidh BIÉ iontráil i gcomhaontú chun soláthar bonneagair a bhaint amach trí lamháltas, comhfhiontar, CPP nó bealach eile agus féadfaidh sé forbairt talún in aice oibreacha iarnróid a éadáil agus a éascú sa chás go gcuirfeadh amhlaidh le himharthanacht gheilleagrach na n-oibreacha iarnróid.

Bainistíonn BIÉ Conradh Oibriúcháin Luas, a rialaíonn soláthar seirbhísí agus cothabhála Luas, faoi shannachán ón ÚNI.

## BÓITHRE NÁISIÚNTA

Is é ról BIÉ i gcomhthéacs bóithre náisiúnta chun soláthar gréasáin shábháilte agus éifeachtúil a bhaint amach.

Anuas ar fhreagracht fhoriomlán a bheith air as pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar thógáil agus cothabháil bóithre náisiúnta, tá roinnt feidhmeanna sonracha ag BIÉ a bhaineann le dearadh, tógáil, feabhsú, cothabháil, comharthaíocht, cistiú, taighde, caighdeáin, oiliúint agus tástáil.

Féadfaidh BIÉ iontráil isteach i gcomhaontuithe le páirtithe a chomhaontaíonn tú cuid de na costais nó na costais go léir a bhaineann le tógáil agus/nó cothabháil bóthair agus/nó chun bóthar a uasghrádú agus a bhainistiú. Chomh maith leis sin, féadfaidh BIÉ scéimeanna dolaí a fhorbairt do bhóithre náisiúnta is féidir a úsáid chun an cistiú príobháideach go léir nó cuid de a bhíonn i gceist a aisíoc.

Díscaoiltear go leor d'fheidhmeanna BIÉ trí Údaráis Áitiúla, arb iad na húdaráis bhóithre dá limistéir riaracháin faoi seach.

## STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA BIÉ

Forbraíodh struchtúr eagraíochta BIÉ chun tacú le cur i bhfeidhm Straitéis BIÉ le tarmligean soiléir údaráis agus freagracht a mheaitseáil do agus laistigh de shé rannóg faoi mar a thaispeántar i bhFíor 1.




Fíor 1

# Gníomhaíochtaí BIÉ

## Aicme Shócmhainne

- 1,224 km de Mhótarbhealaí/Dhébhealaí
- 4,082 km de Charrbhealaí Singil
- 36.5 km de Ghréasán Iarnróid Éadroim Luas
- 6 Ionad Seirbhíse Mótarbhealaigh
- 3 thollán (Corcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach)
- 7 nIosta/nGabhann straitéiseacha

## Soláthar Tionscadal Mór

- CPP an M17/18 ón nGort go Tuaim 57 km
- CPP an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh 40 km
- CPP N25 Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin 14 km
- Luas Traschathrach 5.6 km
- Feabhsú Cumais Líne Ghlas Luas
- Clár na Scéimeanna Beaga
  (Na cora is measa agus Sábháilteacht x 19)

Luach Iomlán measta 1.6 billiún (ó 2016 go 2019)

## Plean Infheistíochta

### Réidh le Tógáil

- Uasghrádú an N7 ón Nás go Droichead Nua
- An N4 ó Chúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní
- An N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha
- An N5 ó Chathair na Mart go Turlach
- N59 Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn
- An N56 ó Thamhnach an tSalainn go hInbhear
- An N56 ón gClochán Liath go dtí na Gleannta
- Uasghrádú M8/ N25 /N40 Dhún Citil

## Úsáideoirí an Ghréasáin

- Bóithre Náisiúnta: 5% den ghréasán, 50% den trácht
- M50 = 400,000 aistear uathúil sa lá
- Luas = 95,000 paisinéir sa lá.

## Oibríochtaí agus Oibreacha Athnuachana Sócmhainní

- Mótarbhealaí agus Tolláin
- Luas 34 milliún paisinéir in 2016
- Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh
- 11 Mhótarbhealach Bainisteoir CPP
- Oibríochtaí an Gheimhridh
- Oibríochtaí Dolaí eFlow an M50 (45 milliún paisinéir in 2016)
- Athnuachaintí Pábhálacha agus Friotaíocht in aghaidh Sciorrtha
- Iniúchtaí agus Deisiúchán Droichead
- Córais Iompair Chliste (CIC)
- Oibríochtaí Dolaí Thollán Bhaile Átha Cliath
- Idir-Inoibritheacht Bailithe Dolaí Leictreonacha
- An tSamhail Náisiúnta Iompair

A

B

C

D

## a Caipitil 2016-2022

### Á bPleanáil

- Meitreo Thuaidh Nua
- Luas go dtí an Poll Beag
- Luas go Leamhcán
- Bóthar Faoisimh N72 /73 Mhala
- Seachbhóthar N2 Bhaile Shláine
- Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe
- An N21 / N69 ó Átha Dara go Faing
- An N28 ó Chorcaigh go Rinn an Scidígh

# Léargas Ginearálta Straitéiseach ar BIÉ

| Tosaíocht Straitéiseach | Cuspóirí an Phlean Gnó go dtí 2021 | Forghníomhú na Straitéise |
|---|---|---|
| Gréasáin Bhóithre agus Iarnróid Éadroim Níos Sábháilte | - An Clár um Rangú Sábháilteachta Gréasáin a sholáthar<br>- An Clár um Chigireacht Sábháilteachta ar Bhóithre a sholáthar<br>- Bearta a sholáthar chun minicíocht imbhuailtí bóthair/ iarnróid éadroim a laghdú<br>- Bearta a sholáthar le comhéadain níos sábháilte a chinntiú le coisithe agus le rothaithe<br>- An clár um chumarsáid sábháilteachta | - Leanúint le pleanáil a dhéanamh do chlár um thógáil mionscéimeanna sábháilteachta agus athailínithe bóthair chun na spriocanna a bhaint amach a leagtar amach i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais, de réir mar a bhíonn fáil ar chistiú;<br>- Leanúint le scéimeanna sábháilteachta a shainaithint trí úsáid a bhaint as anailís bhraisle ar thimpistí, agus bearta innealtóireachta a chur i bhfeidhm;<br>- Leanúint ar aghaidh le tionscadail athsholáthair uchtbhallaí ar dhroichid ar an mótarbhealach<br>- Feachtas um margaíocht sábháilteachta Luas a reáchtáil atá dírithe ar thiománaithe/rothaithe/choisithe;<br>- Rian Luas a athsholáthair, faoi mar a theastaíonn, chun oibriú leanúnach sábháilte a chinntiú;<br>- Pleanáil, Dearadh, Tairiscint agus Lárionad barrfheabhsaithe Oibriúcháin Mhótarbhealaigh a sholáthar, atá in ann bainistiú a dhéanamh ar rialú lánaí ar an M50 agus córais athraitheacha bhainistíochta luasteorann;<br>- Leanúint ar aghaidh leis an gclár athnuachaintí ar línte bóthair agus ar shúile cait faoi mar a theastaíonn ar charrbhealaigh singil agus ar an ngréasán mótarbhealaigh;<br>- Leanúint leis an gclár um dheisiúchán/athnuachaintí bacainní nua sábháilteachta agus tabhairt faoi oibreacha uasghrádaithe ar bhacainní sábháilteachta ar an ngréasán neamh-mhótarbhealaigh. |
| Luach Sócmhainne na nGréasán Náisiúnta Bóithre agus Iarnróid Éadroim a Choimeád | - Córais éifeachtacha um bainistíocht sócmhainní a chur i bhfeidhm<br>- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht i ngníomhaíochtaí um chothabháil bóithre<br>- Feabhas a chur ar thabhairt faoi ghníomhaíochtaí seachfhoinsithe cothabhála<br>- An Lárionad Oibríochtaí Mótarbhealaigh a Uasghrádú | - Tabhairt faoi chlár um beartú tosaíochta le haghaidh athnuachaintí pábhála bunaithe ar shonraí nuashonraithe um shuirbhé ar bhail chun clár bliantúil inscálaithe d'athnuachaintí pábhála a éascú;<br>- Monatóireacht a dhéanamh ar bhail na pábhála agus príomhtháscairí nua ardleibhéil a fhorbairt chun príomhthreochtaí baile i ndromchla an struchtúir phábhála agus friotaíocht in aghaidh sciorrtha a léiriú;<br>- Leanúint leis an gclár um dheisiúchán/athnuachaintí bacainní nua sábháilteachta agus tabhairt faoi oibreacha uasghrádaithe ar bhacainní sábháilteachta ar an ngréasán neamh-mhótarbhealaigh. Clár athnuachaintí caipitiúla ríthábhachtacha trealaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Thollán Bhaile Átha Cliath;<br>- Leanúint ar aghaidh leis na conarthaí réigiúnacha um chothabháil téarma le haghaidh oibreacha droichid;<br>- Plean athnuachana sócmhainní bonneagar iarnróid éadroim a chur i bhfeidhm. [Áirítear le clár athnuachana sócmhainní Luas uasghrádú ar shoilsiú ísealfhuinnimh LED ag iosta cothabhála, uasghrádú ar theicneolaíocht chumarsáide Raidió Luas, gach taispeáint faisnéise do phaisinéirí ag stadanna a athsholáthar atá ann le breis agus 10 mbliana agus rian Luas atá caite a athsholáthar le hoibriú leanúnach sábháilte fhlít Luas a chinntiú. |
| Gréasáin Bhóithre Náisiúnta agus Iarnróid Éadroim atá níos láidre | - Bainistíocht teagmhais atá freagrúil agus solúbtha<br>- Soláthairtí teagmhais le haghaidh bainistíocht teagmhais agus imeachtaí tubaisteacha<br>- Feabhas a chur ar sholáthar ár seirbhíse bóithre i rith an gheimhridh | - Clár athnuachaintí caipitiúla ríthábhachtacha trealaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Thollán Bhaile Átha Cliath;<br>- Pleanáil, Dearadh, Tairiscint agus Lárionad barrfheabhsaithe Oibriúcháin Mhótarbhealaigh a sholáthar, atá in ann bainistiú a dhéanamh ar rialú lánaí ar an M50 agus córais athraitheacha bhainistíochta luasteorann;<br>- Moltaí a chur i bhfeidhm a eascraíonn as an athbhreithniú straitéiseach ar oibríochtaí geimhridh ar bhóithre náisiúnta, soláthar oibríochtaí, riachtanais infheistíochta caipitiúla agus tacaíocht cinnidh/socruithe tuair, chun ligean d'infheistíocht phleanáilte caipitil a dhéanamh i rith shaolré an phlean gnó;<br>- Creat ilbhliantúil a chur i bhfeidhm le haghaidh soláthar salainn ar feadh a mhéid le ceithre bliana, le haghaidh bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta araon. |

| Tosaíocht Straitéiseach | Cuspóirí an Phlean Gnó go dtí 2021 | Forghníomhú na Straitéise |
|---|---|---|
| Gréasáin Bhóithre agus iarnróid Éadroim nach bhfuil Brú Tráchta céanna orthu | - Infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna nua bóithre agus iarnróid éadroim<br>- Gréasán bóithre atá níos éifeachtúla a chinntiú trí thús áite a thabhairt do chaolas tráchta agus iad a shainaithint<br>- Oibríochtaí cliste mótarbhealaigh a sholáthar ar an M50<br>- Dul i ngleic le srianta cumais ar Luas | - Luas Traschathrach (LTC) a sholáthar;<br>- Leanúint leis na trí mhórscéim bóthair a thógáil a ghabhann thart ar chaolas tráchta reatha. Mórscéim feabhsaithe cumais a chur chun cinn ar an M7 i gCill Dara agus gné bhonneagar bóthair de chuid Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun cinn;<br>- Tionscadal Uasghrádaithe Bonneagair Líne Ghlas Luas agus tionscadal Feabhsaithe Cumais Líne Ghlas Luas a chur i bhfeidhm;<br>- Píblíne de scéimeanna Feabhsuithe Líonra iarnróid éadroim ar a bhfuil costas níos ísle a fhorbairt a théann i ngleic le riachtanais oibríochtúla, ar nós éifeachtúlachta, inrochtaineachta agus tréscaoilteachta. |
| Gréasáin Níos Inrochtana Bóithre agus Iarnróid Éadroim | - Ceangail níos fearr le gréasáin bhóithre agus iarnróid éadroim<br>- Freastal ar úsáideoirí leochaileacha bóthair | - Ligean do chustaiméirí Páirceáil agus Taisteal chun íoc as a bpáirceáil ag Meaisíní Díola Ticéad (MDTanna) seachas ag meaisíní aonair íoc de réir bá.<br>- Bonneagar níos sábháilte a sholáthar do choisithe agus rothaithe. An chéad chéim eile de mhionoibreacha agus de scéimeanna sábháilteachta a chur chun cinn ina gcorpraítear raonta rothar agus raonta coisithe atá deighilte óna chéile;<br>- LTC a sholáthar agus barr feabhais a chur ar Chumas na Líne Glaise chun feabhas a chur ar inrochtaineacht an chórais iompair do dhaoine a bhfuil luaineacht laghdaithe acu. |
| Gréasáin Níos Inbhuanaithe Bóithre agus Iarnróid Éadroim | - Oibríochtaí atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh a sholáthar<br>- Éifeachtúlacht fuinnimh a leabú isteach i dtionscadail nua<br>- Tionchar comhshaoil ár dtionscadal agus ár n-oibríochtaí a laghdú<br>- A chinntiú go ndéantar breithniú ar gach rogha nuair a fhorbraítear tionscadail<br>- Cur le pleanáil inbhuanaithe um úsáid talún | - Bearta um laghdú fuinnimh a chur i bhfeidhm ar aon dul le Cáipéis Bheartais 2016 "Laghdú Fuinnimh i Soilsiú Poiblí ar Bhóithre Náisiúnta" ("Energy Reduction in Public Lighting on National Roads");<br>- An clár ilbhliantúil díothaithe le haghaidh Glúineach Bhiorach ar an ngréasán bóithre náisiúnta a fhairsingiú agus leanúint leis an gclár ar feadh a fhad le ceithre bliana le díothú éifeachtach a chinntiú;<br>- Staidéar taighde ar Scréachóg Reilige a thabhairt chun críche le Cairde Éanlaith Éireann d'fhonn réitigh a fhorbairt chun an tionchar a imrítear ar scréachóga reilige ar bhóithre náisiúnta a laghdú;<br>- Uirlis nua phrofála carbóin a bhaineann go sonrach le tíortha a fhorbairt, an carbón leabaithe ar thionscadail bhóithre a ríomh, iarnróid éadroim agus tionscadail mheitreo chun Treoracha nua maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a chomhlíonadh;<br>- An clár straitéiseach léarscáilithe torainn a chomhlánú le haghaidh na ngréasán náisiúnta bóithre agus iarnród éadroim agus prótacal a ullmhú chun staitisticí nochta daonra a ríomh;<br>- Tuarascáil a chur i dtoll a chéile ar Mheasúnacht ar chórais saolré agus bhogaigh d'fhonn riachtanais chothabhála agus leibhéil truailleán a thuiscint;<br>- Cód Cleachtais Seandálaíochta nua a fhoilsiú idir an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta a thiocfaidh in ionad chóid an ÚBN agus an GFI. |
| Oibríochtaí Tráchtála atá Inbhuanaithe i dtaobh Cúrsaí Airgeadais de | - An fhreagairt don éileamh ar bhorradh a optamú le haghaidh sheirbhísí Luas<br>- Soláthar a dhearadh chun oibreoir nua dolaí a dhreasú chun bailiúcháin a optamú<br>- An córas forfheidhmithe a threisiú le haghaidh bailiú dolaí<br>- Bainistíocht riosca agus deiseanna | - An conradh oibríochtaí dolaí saorshreabhaidh dara glúin a chur i bhfeidhm chun oibríochtaí éifeachtúla bailithe dolaí a chonrú;<br>- Leanúint le leibhéil drochfhiachais a bhainistiú agus a choimeád;<br>- Cumas Luas a sholáthar le freastal ar leibhéil mhéadaitheacha éilimh – fad 26 tram na Líne Glais a fhairsingiú chun cumas a mhéadú aníos go dtí 6,200 paisinéir san uair;<br>- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar bhainistíocht rialuithe agus riosca inmheánaigh le haghaidh gach próisis agus idirbhirt airgeadais de chuid BIÉ. |

# Oibríochtaí an Ghréasáin Bhóithre

## BÓITHRE NÁISIÚNTA

Déanann an Rannán seo sócmhainní bóthair náisiúnta a oibriú agus a bhainistiú. Tugann na hÚdaráis Áitiúla aonair faoi bhainistíocht dhíreach a dhéanamh ar an ngréasán bóithre dhá lána agus cistíonn BIÉ é. Déanann BIÉ bainistíocht dhíreach ar 1,224 km de ghréasáin mhótarbhealaigh agus débhealaigh: 350km trí chonarthaí CPP, agus déanann Conraitheoirí réigiúnacha Cothabhála agus Athnuachaintí Mótarbhealaigh BIÉ cothabháil ar an gcuid eile den ghréasán. Anuas air sin, tugann BIÉ faoi bhainistíocht ar Tholláin Bhaile Átha Cliath agus Jack Lynch trí oibreoir tolláin BIÉ agus ar thollán Luimnigh atá mar chuid de lamháltas CPP.

Bainistíonn BIÉ gréasán nach mór 100 stáisiún aimsire. Oibríonn ár soláthraí seirbhís gheimhridh agus Met Éireann Córas Faisnéise Aimsire ar na Bóithre a chuireann ar chumas Údaráis Áitiúla agus oibreoirí mótarbhealaigh monatóireacht a dhéanamh ar an aimsir agus cinntí a dhéanamh faoi leatóirí salainn a chur chun feidhme le haghaidh oibríochtaí geimhridh.

## ATHNUACHAINTÍ SÓCMHAINNE

Is ionann luach sócmhainne an ghréasáin bhóithre náisiúnta agus thart ar €32 billiún, agus teastaíonn athinfheistíocht leanúnach uaidh lena leanúint le toradh a fháil ar an infheistíocht bhunaidh. Déanann BIÉ monatóireacht ar bhail ár bpríomhshócmhainní, ár bpábhálacha agus ár ndroichead, trí úsáid a bhaint as córais phábhála agus bhainistíochta droichid.

## TRÁCHT AN GHRÉASÁIN

Leanann na méideanna tráchta ag dul i méid ar an M50, agus déantar thart ar 400,000 turas ar an mbóthar gach lá. Tá seo cosúil leis na leibhéil bhorrtha a bhí le sonrú in 2014 agus 2015. Thug BIÉ faoi roinnt tionscnamh i rith na bliana chun tionchar na méideanna méadaithe a mhaolú.

- D'athraigh BIÉ leaganacha amach coinbhéirsithe ag roinnt acomhal chun an tionchar a imríonn trácht coinbhéirsithe ar shreafaí príomhlíne a laghdú;
- Thug BIÉ córas de chomharthaíocht bealach malairt slí isteach idir acomhail ar an gcuid thuaisceartach den M50, chun cabhrú le tiománaithe i gcás teagmhais a mbíonn blocáil an M50 mar thoradh air; agus
- I gcomhoibriú leis an nGarda Síochána, baineadh triail phíolótach as teicneolaíocht nua um shuirbhéireacht teagmhais ar an M50 agus bhí laghduithe suntasacha mar thoradh air ar an am a ghlacann sé ar an nGarda Síochána chun tabhairt faoi imscrúduithe fóiréinseacha ag suíomhanna imbhuailte.

## OIBRÍOCHTAÍ MÓTARBHEALAIGH

Léirigh méideanna méadaithe tráchta borradh athnuaite geilleagrach, agus d'fhreastail na hoibreoirí Conartha Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaigh (CCAM) ar 5,200 teagmhas. I gcás an M50 amháin, d'fhreastail an lamháltas CPP é féin ar 2,577 teagmhas, ar an iomlán, i rith 2016.

### Tollán Bhaile Átha Cliath

Go déanach in 2016, agus borradh mear ag teacht ar mhéideanna tráchta sa tollán, shuiteáil BIÉ ceamaraí meánluais mar bheart sábháilteachta. Beidh an Garda Síochána freagrach as oibriú an chórais cheamaraí meánluais a luaithe a chuirfear an córas i bhfeidhm.

### Athbhreithniú Náisiúnta ar Luasteorainneacha

I Márta 2015, d'fhoilsigh an tAire Treoirlínte nua maidir le Luasteorainneacha a Shocrú agus a Bhainistiú in Éirinn agus d'ordaigh sé go dtugtar faoi athbhreithniú cuimsitheach ar gach luasteorainn ar fud an ghréasáin bhóithre. Thug BIÉ, i gcomhoibriú leis na hÚdaráis Áitiúla agus an Garda Síochána, faoi athbhreithniú mionsonraithe ar luasteorainneacha ar an ngréasán bhóithre náisiúnta d'fhonn luasteorainneacha a thabhairt cothrom le dáta in 2017.

### Oibríochtaí an Gheimhridh

Tá BIÉ freagrach as an salann go léir a cheannach ar mhaithe le cóireáil a dhéanamh ar gach bóthar in Éirinn sa gheimhreadh. Thóg BIÉ ceithre iosta stórála salainn straitéiseacha ag roinnt dár mbábhúin chothabhála mótarbhealaigh. Tá anois acmhainn iomlán stórála nach mór 80,000 tonna againn i ndiaidh gur osclaíodh an t-iosta atá faoi úinéireacht BIÉ atá sa Chathair ar an M8. Thug conraitheoirí BIÉ faoi 2,336 cóireáil gheimhridh trí leas a bhaint as thart ar 9,500 tonna de shalann thar thréimhse 58 lá, ar an iomlán. Bhí seo ar aon dul leis an dá bhliain roimhe sin, den chuid ba mhó.

### Duchtáil Teileachumarsáide

Ghlac BIÉ páirt i dTascfhórsa Gutháin Phóca agus Leathanbhanda an Rialtais, atá dírithe ar an drochnascacht le leathanbhanda agus le seirbhísí guthán póca a fheabhsú. Chuir BIÉ tús le duchtáil a shuiteáil ar stráicí den M7/M8 ar an mótarbhealach idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.

### Tionscnaimh Choigilte Fuinnimh

Tá BIÉ ag oibriú i dtreo cuspóirí coigilte fuinnimh náisiúnta a bhaint amach faoi 2020. Chuige sin, chomhoibrigh BIÉ le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) chun fardal cuimsitheach cothrom le dáta a chomhlánú de gach sócmhainn soilsithe phoiblí ar an ngréasán bóithre poiblí.

## LEIBHÉAL SEIRBHÍSE I RITH BHUAICTHRÁTH TRÁCHTA NA MAIDINE IN 2016

Comhréir an ghréasáin Bhóithre Náisiúnta a bhí ag oibriú faoi gach leibhéal dálaí seirbhíse.



# Fíricí

## PÁBHÁLACHA



Tá bail mheasartha nó níos fearr ná sin ar

**96%** de phábhálacha an ghréasáin mhótarbhealaigh, a sháraíonn ár sprioc **95%.**

Tá bail mheasartha nó níos fearr ná sin ar

**84%** de phábhálacha an ghréasáin neamh-mhótarbhealaigh, atá **faoi bhun ár sprice 95%** agus ***tá laghdú 1% tagtha orthu ó bhí 2015 ann.***



Chuireamar oibreacha athdhomhchlaithe i gcrích ar

**150km**

**de bhóithre náisiúnta**

D'fhonn meath fadtéarmach ár bpábhálacha a sheachaint, áfach, tá orainn athdhromchlú a dhéanamh ar bhreis agus **400km dár bpábhálacha.**

## DROICHID

Tá breis agus

**3,200** **droichead ann ar bhóithre náisiúnta**



Astu siúd, tógadh breis agus ***1,000 díobh ón mbliain 1990 ar aghaidh.***

## LÍNEÁIL AGUS LÍNIÚ BÓITHRE

Chuireamar líneáil nua i gcrích ar

**550km**

dár ngréasán dhá lána in 2016 agus rinneamar

**125km**

de líneáil mótarbhealaigh a chur i gcrích.



In 2017, beartaímid chun

**600km**

de líneáil a chur i gcrích ar ár mbóithre dhá lána agus

**100km**

a chur i gcrích ar ár mótarbhealaí.



An N25, Ros Mhic Thriúin, Dul chun Cinn Oibreacha Dhroichead na Bearú (ag féachaint soir) © BIÉ

## SÓCMHAINNÍ ÁR NGRÉASÁIN A BHAINISTIÚ

### Pábhálacha Gréasáin

Bhí 2016 ar an gcúigiú bliain i ndiaidh a chéile ina raibh infheistíocht BIÉ in athnuachaintí pábhála go mór faoi bhun an mhéid a theastaíonn chun bail staide réidh a chinntiú, mar thoradh ar shrianta cistithe. Dhírigh BIÉ acmhainní ar bhail shábháilte a choimeád ar an ngréasán agus rinne sé athdhromchlú ar 150km de bhóithre náisiúnta in 2016.

### Athshlánú agus Atreisiú Droichid

Lean BIÉ ar aghaidh le clár d'athshlánú agus d'atreisiú droichid. Faoi scáth chóras bainistíochta droichid EIRSPAN BIÉ, tugadh faoi chlár iniúchtaí ar gach ceann dár 3,200 droichead i gcaitheamh córas cúig bliana.

### Díobháil a rinne Fíor-Dhrochaimsir a Dheisiú

I ndiaidh na fíor-thuile i Nollaig 2015 agus go luath in 2016, thug an RITS leithdháileadh forlíontach do BIÉ chun íoc as costais na díobhála a rinneadh ar phábhálacha agus struchtúir bhóithre náisiúnta. Chuir an leithdháileadh speisialta seo ar chumas BIÉ chun dul i ngleic go tapa le limistéir ina ndearnadh díobháil ar an ngréasán.

### Comharthaí agus Línte

Baineann tábhacht le cáilíocht na líneála agus an línithe a choimeád maidir le hoibriú sábháilte leanúnach an ghréasáin bhóithre náisiúnta a chinntiú.

## LÉARSCÁIL PHÁBHÁLA 2016




## LÉARSCÁIL PHÁBHÁLA 2017




● Léiríonn seo láthair obair athnuachana pábhála

### Spriocanna 2017

- Brú Tráchta ar an M50: Leanfaidh BIÉ leis an gclár oibreacha agus lena idirchaidreamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun an t-éileamh méadaitheach atá ar an M50 agus ar na bóithre a thagann díreach faoina dhéin a bhainistiú;
- Oibríochtaí an Gheimhridh: Cuirfidh BIÉ athbhreithniú straitéiseach i gcrích ar oibríochtaí geimhridh ar bhóithre náisiúnta i lár 2017. Déanfaidh seo soláthar seirbhís gheimhridh a optamú ar an ngréasán agus cuirfidh sé an bonn ar fáil le haghaidh plean nuashonraithe gnó chun athinfheistíocht a dhéanamh inár n-oibríochtaí geimhridh do na blianta ó 2018 go 2022;
- Athnuachaintí Sócmhainn Phábhála: 136 scéim ina bhfuil 245kmm, ar an iomlán;
- Cothabháil Droichid: Rinneadh príomhchigireachtaí ar 1,285 droichead agus tugadh faoi oibreacha athshlánúcháin ar 63 droichead;
- Luasteorainneacha: Leanfaidh BIÉ ag oibriú le hÚdaráis Áitiúla i gcaitheamh 2017 ar mhaithe le hathbhreithniú cuimsitheach a chur i gcrích ar gach luasteorainn ar ghréasán bóithre na hÉireann (an gréasán bóithre náisiúnta san áireamh) agus le fodhlíthe nua luasteorainneacha a achtú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leag an tAire amach;
- Bearta Coigilte Fuinnimh: Cuirfidh BIÉ tús le clár um bearta laghdaithe fuinnimh in 2017, ar aon dul lenár gcáipéis bheartais ó Mheitheamh 2016 “Laghdú Fuinnimh i Soilsiú Poiblí ar Bhóithre Náisiúnta”;
- Líniú an Ghréasáin: Leanfaidh BIÉ leis an gclár athnuachaintí le haghaidh línte agus stodaí bóthair, agus beidh sé mar chuspóir chun athlíniú a dhéanamh ar 600km, ar a laghad, de bhóithre carrbhealaigh singil agus 100km de mhótarbhealach / dhébhealach in 2017;
- Duchtáil Teileachumarsáide: Ar aon dul leis na moltaí a leag an tascfhórsa Guthán Póca agus Leathanbhanda síos, cuirfidh BIÉ suiteáil duchtáil teileachumarsáide i gcrích ar stráicí bearna reatha ar bhealach an M7/ an M8 ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh.

**OIBREACHA EIRSPAN 2016**




**OIBREACHA EIRSPAN 2017**




● Léiríonn seo láthair oibreacha cothabhála agus athnuachana droichid

# Oibríochtaí Tráchtála: Luas agus Dolaí

## FAISNÉIS FAOI LUAS

*Ag oibriú leis an ÚNI, déanann BIÉ maoirseacht ar chonradh oibriúcháin Luas le Transdev, anuas ar chonarthaí cothabhála feithiclí agus bonneagair le Alstom.*

**I measc na bhfreagrachtaí breise, tá an méid seo a leanas:**

- Bainistíocht sócmhainní saolré ar bhonneagar agus rothstoc uile Luas;
- Pleanáil agus socrú amchláir
- Beartas táillí a fhorbairt i gcomhar leis an ÚNI.

### Torthaí 2016

B'ionann turais fhoriomlána phaisinéirí ar Luas agus 34 milliún don bhliain 2016, arb ionann sin agus laghdú 2% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain seo caite. Seo toradh díreach ar ghníomhaíocht thionsclaíoch a mhair dhá lá dhéag a thit amach go luath sa bhliain, agus ar scor páirteach na Líne Deirge ó stad Jervis go dtí Iosta na Rinne a mhair seacht seachtaine chun freastal ar oibreacha LTC. Nuair a fhágtar na tréimhsí ina raibh gníomhaíocht stailce agus scor páirteach i gceist (ó Fheabhra go hIúil), tugtar méadú 4.3% ar líonta na bpaisinéirí nuair a dhéantar comparáid idir tréimhse inchomparáide in 2016 agus in 2015. Tá seo i gcomhchoibhneas le torthaí Dhaonáireamh Paisinéirí 2016 a cuireadh i gcrích i Samhain, ina léirítear gur tháinig borradh 3.5% ar bhordáil sheachtainiúil ar Chóras Luas. Tháinig méadú beag ar an ioncam iomlán sa bhliain (1%) i gcomparáid le 2015 a léirigh an borradh tréan, ach go háirithe, a tháinig ar an sreabhadh ioncaim Páirceáil agus Taisteal.

### Spriocanna 2017

- Tugann Luas tús áite in 2017 don síneadh a chuirfear le Líne Ghlas LTC a choimisiúnú agus do thús a chur le seacht dtram nua a chur chun feidhme. Príomhthosaíocht eile is ea tús a chur leis an gcéad ghlúin eile de Chonradh Oibriúcháin Luas a sholáthar, ar tosaíodh pleanáil di in 2016;
- Leanfaidh foireann oibriúchán Luas ag oibriú go dlúth le foireann tionscadail um Fheabhsú Cumais na Líne Glaise lena chinntiú nach gcuirtear isteach ach a laghad ar sheirbhísí paisinéara fad a dhéantar uasghráduithe fostáisiúin agus ardáin agus i rith na n-oibreacha sínte atá ar na bacáin don bhliain 2017.

A

B

C

D

## FAISNÉIS FAOI DHOLAÍ

*Bainistíonn an rannóg oibríochtaí dolaí ioncam suntasach a ghintear ó bhonn leathan custaiméirí a sháraíonn breis agus dhá mhilliún duine sa bhliain.*

**I measc a fhreagrachtaí sonracha, tá an méid seo a leanas:**

- Bainistíocht ar oibríocht dolaí eFlow an M50 agus ar bhailiú dolaí Thollán Bhaile Átha Cliath (i gcomhar leis an Rannóg Bainistíochta Gréasáin) bainistíocht ar na hoibreoirí faoi seach san áireamh a sholáthraíonn seirbhísí oibríochtúla atá faoi chonradh le BIÉ:
- Bainistíocht a dhéanamh ar oibríochtaí forfheidhmithe dolaí an M50 agus úsáid á baint as soláthraí seirbhíse forfheidhmithe agus faisnéis chuí phoiblí a sholáthar chun feasacht a chur chun cinn faoi oibleagáidí chun dola an M50 a íoc;
- Na conarthaí soláthraí seirbhíse náisiúnta idir-inoibritheachta a bhainistiú;
- An caidreamh a bhainistiú le réimse páirtithe leasmhara a bhfuil sainchúram acu i ndolaí a ghearradh agus úsáideoirí bóthair a mhuirearú, an RITS agus DG Move (an Coimisiún Eorpach) ina measc. Rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim mhuirearaithe dolaí agus úsáideoirí bóthair na hEorpa agus idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí náisiúnta agus Eorpacha maidir le ceadúnú feithiclí, forfheidhmiú trasteorann agus ceisteanna rialála.

### Torthaí 2016

Lean BIÉ leis an iomaíocht soláthair don dara glúin d'oibríochtaí saorshreabhaidh dolaí an M50 i gcomhréir leis an straitéis soláthair ilbhliana ar áiríodh gabháil trí chéimeanna plé le forthairgeoirí leis sa bhliain 2016. Lean BIÉ ar aghaidh le hullmhúcháin chun conradh reatha oibríochtaí dolaí an M50 a fhoirceannadh agus leis an oibreoir nua a chur chun feidhme in 2017/2018.

### Spriocanna 2017

- An iomaíocht soláthair a chríochnú don chonradh oibríochtaí dolaí saroshreabhaidh den dara glúin, an conradh oibríochtaí nua a bhronnadh agus tús a chur le cur chun feidhme agus aistriú sreafaí oibre i gcomhréir leis an gconradh nua.
- Tús a chur leis an bpróiseas soláthair don chéad ghlúin eile de shainchomhairleoirí teicniúla agus bainistíochta chun tacú le hoibríochtaí dolaí.

Síneadh Luas Traschathrach, Oibreacha Jeanúnacha, Sráid Uí Chonaill © TII

# Fíricí

## FÍRICÍ FAOI LUAS

Cuirfidh tionscadal Luas Traschathrach nach mór 6km leis an Líne Ghlas agus soláthróidh sé

**13**

**stad nua,**



a mbeidh 8 gcinn díobh i lár na cathrach. Taistealóidh paisinéirí ón gCabhrach isteach i bhFaiche Stiabhna in

**21**

nóiméad.

Tá dhá líne thram Luas ann, an Líne Dhearg agus an Líne Ghlas.

Tá an Líne Dhearg

**20km**

**ar fad agus tá 32 stad inti.**

Tá an Líne Ghlas

**16.5km**

**ar fad agus tá 22 stad inti.**

D'iompair Luas breis agus

**285 milliún paisinéir**

ó seoladh é in 2004.

Déanfar

**10 milliún Aistear paisinéara**

sa bhreis sa bhliain ar ghréasán nuashínte Luas seo.

## FÍRICÍ FAOIN M50

In 2016, rinneadh

**400,000**

aistear ar leith gach lá sa tseachtain ar an M50.

Ar an stráice is gnóthaí den M50 idir an N4 agus an N7, bhain meánmhéideanna tráchta laethúla

**145,000**

**feithicil amach in 2016**

arb ionann seo agus méadú **7% i gcomparáid le 2015.**

D'fhreagair ár n-oibreoirí gréasáin ar bhreis agus

**7,500**

teagmhas ar an M50, is ionann sin agus os cionn

**30** ceann gach lá i rith na seachtaine.



# Na Gréasáin Bhóithre agus Iarnróid Éadroim Náisiúnta a Nuachóiriú

## PLEAN INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL

### Faisnéis faoin bPlean

*Leagtar amach in Ag Cur leis an Téarnamh: Plean Infheistíochta Bonneagair agus Caipitil 2016-2021, a d'fhoilsigh an Rialtas i Meán Fómhair 2015, caitheamh Caipiteal an Státchiste ar Bhonneagar i rith shaolré an Phlean. Leithdháil an Plean infheistíocht 730m sa bhreis sa ghréasán bóithre náisiúnta a fhad le 2022. Cuirfear nócha faoin gcéad den chistiú seo ar fáil i gcaitheamh na dtrí bliana deireanacha den phlean.*

Maidir le bóithre náisiúnta, leagtar amach sa phlean gealltanas chun an gréasán a chothabháil agus na trí thionscadal bóithre CPP a threisiú agus a chríochnú atá á dtógáil faoi láthair. Sainaithnítear sa phlean, chomh maith, ocht dtionscadal Bóithre Náisiúnta a bhfuil faomhadh pleanála acu a thógfar agus cúig thionscadal bhreise a chuirfear ar aghaidh go dtí an Bord Pleanála.

### Tógáil CPP

Rinne an clár Tógála CPP dul chun cinn in 2016 agus áirítear leis an méid seo a leanas:

- CPP an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh: Tá sa scéim 27km de Mhótarbhealach agus 4km de Dhébhealach. Cuireadh tús le tógáil i rith 2015. Rinneadh dul chun cinn maith i rith 2016, agus chabhraigh seo leis an tionscadal leanúint leis an sprioc a bhaint amach chun an tógáil a thabhairt chun críche i rith 2019. Tugadh fálú, oibreacha créafóige agus gníomhaíochtaí tógála lintéir chun críche den chuid ba mhó i rith 2016;
- CPP an M17/M18 ón nGort go Tuaim: Tá sa scéim 53km de Mhótarbhealach agus 4km de Dhébhealach. Bronnadh an conradh in Aibreán 2014 agus is é an dáta críche Feabhra 2018. Rinneadh dul chun cinn maith i dtaobh tógála de i rith 2016 agus tá súil leis go mbeidh an bóthar ar fáil lena oscailt go déanach in 2017. Tá súil leis, chomh maith leis sin, go bhféadfaí gné Sheachbhóthar Thuama den tionscadal a oscailt don trácht i gcaitheamh shamhradh 2017;
- CPP N25 Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin: Tá sa scéim 13.6km de Dhébhealach, agus 1.2km de Charrbhealach Singil. Tá droichead atá 900m ar fad thar Abhainn na Bearú san áireamh leis an tionscadal, chomh maith. Beidh an droichead ar an droichead is faide dá mhacasamhail ar domhan. Bronnadh an scéim agus cuireadh tús lena tógáil in 2016. Rinneadh dul chun cinn maith i rith na bliana agus bhí tús maith curtha le hoibreacha créafóige agus le hoibreacha droichid. Is dóchúil go mbainfidh an tionscadal dáta críche an chonartha amach in 2019.

An N56 ón gClochán Liath go dtí na Gleannta © Clive Wasson

WILLS BROS LTD
CAT

### Tógáil Luas Traschathrach

Rinneadh dul chun cinn maith ar thionscadal Luas Traschathrach in 2016. Síneadh 5.6km atá sa tionscadal ar Líne Ghlas Luas ó Fhaiche Stiabhna go dtí Droichead Broome sa Chabrach, a thrasnaíonn Líne Dhearg Luas ag Sráideanna Uí Chonaill agus Marlborough. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag na hoibreacha chun na córais tarraingthe, chomharthaíochta agus teileachumarsáide agus tá an sprioc á baint amach ag an tionscadal atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2017.

### Feabhsú Chumas Líne Ghlas Luas

Tá borradh leantach i gceist le treocht fhoriomlán na bpaisinéirí ar Luas. Thug BIÉ faoi chlár bearta feabhsaithe cumais ar Líne Ghlas Luas lena n-áirítear tramanna níos faide (55m) a thabhairt isteach. Dá thoradh sin, méadófar fad na n-ardán agus cuirfear barr feabhais ar chumhacht agus ar bhonneagar an iosta. Cuireadh tús le hobair sna limistéir seo i rith 2016 agus cuirfear chun críche í in 2017.

### Scéimeanna a ullmhú le haghaidh tairisceana/ tógála

Tá na tionscadail bhóithre a leanas á gcur chun cinn a fhad le tógáil faoin bPlean Infheistíochta Caipitil. Deimhnítear an dáta le haghaidh thús na tógála trí thráthúlacht an chistithe a bheith ar fáil.

- Uasghrádú Sheachbhóthar an M7 ón Nás go Droichead Nua: Ag oibriú leis an RITS, tá an tionscadal seo á sholáthar mar chuid de chonradh aonair lena n-áirítear Acomhal Bhaile Osbeirn agus Seachbhóthar na Sollán. Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana le haghaidh conradh dearaidh agus tógála in 2016. Bronnfar an príomhchonradh in 2017.
- M8/N40 Uasghrádú Acomhail Dhún Citil: Tionscadal casta é seo atá lonnaithe ag mol gnóthach iompair ar an mbóthar a ghabhann go dtí Cathair Chorcaí, in aice tionscadail shuntasacha chógaisíochta agus gnáthóga íogaire éiceolaíochta. Leanfaidh an scéim seo ar aghaidh chun tairisceana in 2017 agus conradh na NEC á úsáid. Is é an spriocdháta tosaigh tógála go luath in 2019;
- An N4 ó Chúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní: Is é an spriocdháta tosaigh tógála lár 2019;
- An N5 ó Chathair na Mart go Turlach: Is é an spriocdháta tosaigh tógála go luath in 2021;
- An N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha: Is é an spriocdháta tosaigh tógála go luath in 2020;
- An N56 ón gClochán Liath go dtí na Gleannta: Tá an scéim seo á soláthar i stráicí ar chlár rollach;
- An N56 ó Thamhnach an tSalainn go hInbhear: Tá an scéim seo á soláthar i stráicí ar chlár rollach;
- N59 Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn: Is é an spriocdháta tosaigh tógála go luath in 2021.

### Tionscadail atá á bpleanáil:

- Seachbhóthar N2 Bhaile Shláine: Ceapadh sainchomhairleoirí do phleanáil indéantachta agus dearadh an tionscadail i rith 2016;
- Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe: Rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt an cháis ghnó agus dearadh na scéime in 2016;
- An N21/N69 ó Áth Dara go dtí Faing: Tá dearadh na scéime agus ullmhú an Ráitis Tionchair Timpeallachta (RTT) ar bun faoi láthair. Tá 2 imscrúdú gheoiteicniúla ar siúl ar an láthair seo faoi láthair. Tá breithniú á dhéanamh faoi straitéis an acomhail;
- An N28 ó Chorcaigh go Rinn Scidígh: Cuireadh an Cás agus an Dearadh Gnó chun cinn in 2016, mar ullmhú do chur faoi bhráid na scéime chuig an mBord Pleanála in 2017;
- N72 Bhóthar Faoisimh Mhala: sholáthair Comhairle Contae Chorcaí sainchomhairleoirí chun staidéar indéantachta a chur chun cinn.

An M17/M18 ón nGort go Tuaim, Gaillimh © Aidan Stewart

## TIONSCADAIL IOMPAIR PHOIBLÍ SA CHLÁR INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL

**Meitreo Thuaidh Nua**

*I rith 2016, leag an ÚNI an fhreagracht ar BIÉ chun an tionscadal iarnróid mheitreo 16.5km a chur chun cinn a cheanglóidh Sord le Lár Chathair Bhaile Átha Cliath trí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Baineadh dul chun cinn suntasach amach ar an tionscadal seo. Ceapadh foireann tionscadail BIÉ agus cuireadh roinnt príomhstaidéar chun cinn. Tá an tionscadal ar an gclár chun tús a chur le comhairliúchán le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall agus le páirtithe leasmhara eile i rith 2017.*

## TIONSCADAIL EILE

**I measc na dTionscadal Mór eile atá á bPleanáil agus á nDearadh, tá an méid seo a leanas:**

- An N5 ó Bhealach an Doirín go dtí Scramóg: Cuireadh ullmhú an Cháis Ghnó agus na Cáipéisíochta Reachtúla i gcrích in 2016;
- An M50 ó Ghleann Dá Ghrua: Cuireadh dréachtstaidéar indéantachta chun cinn in 2016;
- Nasc an N14/N15/A5: Tá an scéim faofa ag an mBord Pleanála agus tá sé ar feitheamh forbairtí ar an A5 sula leanfar ar aghaidh léi;
- An N59 ón Teach Dóite go hUachtar Ard: Cuireadh fáil talún chun cinn. Níor bhain Comhairle Contae na Gaillimhe comhaontú na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra amach go fóill maidir le ráitis mhodha chun ligean d'imscrúdú suímh agus oibreacha ullmhúcháin eile tosú. Tabharfar faoi oibreacha athnuachana pábhála i rith 2017 mar bheart eatramhach;
- N69 Sheachbhóthar Lios Tuathail: Faomhadh an Cás Gnó in 2016. Cuirfidh Comhairle Contae Chiarraí an scéim faoi bhráid an Bhoird Phleanála in 2017;
- An N86 ó Thrá Lí go dtí an Daingean: Tá an tionscadal seo á sholáthar mar shraith miontionscadal. Cuireadh tús le tógáil an dara stráice i rith 2016;
- Tionscadail an N13/14/15: Cheap Comhairle Contae Dhún na nGall na comhairleoirí teicniúla/ na dearthóirí agus cuireadh tús leis an obair ar an gcoimisiúnú;
- An N20 ó Luimneach go Corcaigh: Ullmhaíodh cáipéisí le haghaidh iomaíocht tairisceana do dhearthóirí chun tús a chur le gníomhaíochtaí imscrúdaithe luaith a bhaineann leis an togra tionscadail seo;
- Tráinse Limistéar Mótarbhealaigh 4: Roghnaíodh láithreáin le haghaidh na 3 ionad seirbhísí a bheartaítear ar an M3, an M6 agus an M18. Tá súil leis go rachaidh na tionscadail seo a fhad le nósanna imeachta reachtúla in 2017.

## MÓRSCÉIMEANNA 2016




**Ag Cur leis an Téarnamh: Infheistíocht Bonneagair agus Caipitil 2016-2021**

- Faomhadh Pleanála le haghaidh Tógála Faighte
- Faomhadh Pleanála ag Teastáil
- Tionscadail Tógála CPP, á dtógáil
- Tionscadail Mhóra Eile atá á bPleanáil

# Fíricí

## BRUSCAR AR AN MÓTARBHEALACH

Chaith BIÉ

**€730,000**

le bruscar a bhaint ónár mótarbhealaí.

Líon ár gconraitheoirí

**280**

scipe de mhéid tionscail.

Is ionann sin, nach mór, agus méid a líonfadh

**2 linn snámha de mhéid Oilimpeach.**





## AN GRÉASÁN BÓITHRE NÁISIÚNTA

Tá fad

**5,306km**

ar an iomlán, sa Ghréasán Bóithre Náisiúnta.



Tá fad

**2,649km**

sannta mar **Phríomhbhóthar Náisiúnta**

Tá Bóithre Náisiúnta den Dara Grád uimhrithe ó

**M1 – M50**

('N' san áireamh).

agus tá

**2,657km**

sannta mar **Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád**

Tá Bóithre Náisiúnta den Dara Grád uimhrithe ó

**N51 – N87**

Tá na stráicí Mótarbhealaigh/ Débhealaigh a shíneann ar feadh

**1,224km**

ar an iomlán, laistigh den ghréasán bóithre náisiúnta: Fad

**916km**

de Mhótarbhealaí agus fad

**308km**

de Dhébhealaigh.

An N4, bearradh féir © BIÉ

Pábháil an N86 ó Abhainn an Scáil go Gort Bréagóg © BIÉ

### Miontionscadail Bhóithre

Feabhsúcháin áitiúla iad mionoibreacha a théann i ngleic go príomha le saincheisteanna sábháilteachta, ar nós drochailíniú, droch-infheictheachta agus stráicí cúnga trasnaithe. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2016 i dtaobh miontionscadail a sholáthar. Tugadh tógáil deich dtionscadal den saghas sin chun críche agus cuireadh tús le hocht gcinn bhreise i rith 2016.

### Torthaí 2016

Mionscéimeanna a osclaíodh don trácht in 2016.

- Athailíniú Dhroichead Blackburn ar an N15;
- Sráideanna Chill na Mallach ar an N20;
- An N53 ó Bhaile Bharúin go Crois an Mhaoir;
- An N56 ó Bhá Uachtair go Cill Chainnigh;
- Bóthar an N59 a fhad le Maigh Cuilinn;
- Cora Ros Abha ar an N59;
- Scéim Athailínithe ó Rathallen go Trian na Graí ar an N61;
- Na Cora ó Roilíoch go dtí an Bunán;
- Daichead Acra ar an N83;
- Luimneach ar an N84.

Mionscéimeanna a bhí á dtógáil nó a d'imigh chun tairisceana in 2016.

- Stráice 2 Chorr na Cloiche ar an N16;
- Ó Cheathrú an Urlár go Baile an Daighin ar an N17;
- An N52 ón gClochán go Baile na mBilí – Céim 1;
- An N55 ó Corduff go Killydoon Theas – Céim A;
- Timpeallán Chill Tuaidh ar an N56;
- Ó Mhainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh ar an N63;
- Athailíniú Bhóthar Challainn ar an N76;
- An N86 ó Lios Póil go Cnocán an Bhácúis.

B'ann do 58 mionscéim sa bhreis a raibh céimeanna éagsúla de phleanáil agus d'fhorbairt dearaidh bainte amach acu ag deireadh 2016. Cuireadh ocht gcinn de na tionscadail seo chun cinn go mór agus cuirfear ullmhú cháipéisíocht na tairisceana chun cinn i rith 2017.

### Spriocanna 2017 (Tógáil agus Réamhphleanáil)

- Tógáil mhótarbhealach an M17/an M18 ón nGort go Tuaim a chur i gcrích;
- Scéim Uasghrádaithe an M7 ón Nás go Droichead Nua a bhronnadh;
- Tús a chur leis an bpróiseas tairisceana le haghaidh Acomhal M8/N40 Dhún Citil;
- Imscrúduithe, réamhoibreacha, ceannach talún agus ullmhú cháipéisíocht na tairisceana a chur chun cinn maidir leis na scéimeanna seo a leanas:
    - An N4 ó Chúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní;
    - An N5 ó Chathair na Mart go Turlach;
    - An N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha; agus
    - N59 Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn;
- Leanúint ar aghaidh chuig an bpróiseas reachtúil maidir le Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe, an N28 ó Corcaigh go Rinn an Scidígh agus Seachbhóthar Lios Tuathail ar an N69;
- Na miontionscadail i nDún na nGall ó Thamhnach an tSalainn go Droim Beitheach ar an N56 agus ó Leitir Ceanainn go Leitir Oilí ar an 56 a chur chun tairisceana;
- Leanúint le pleanáil agus dearadh an chláir mhionoibreacha a chur chun cinn;
- Tógáil shíneadh Líne Ghlas Luas Traschathrach a chríochnú agus tús a chur le seirbhís phaisinéirí;
- Oibreacha Cumais Líne Ghlas Luas a chríochnú chun barrfheabhsú cumais a éascú;
- Tús a chur le réamhobair dhearaidh ar Luas go Leamhcán;
- Tús a chur le réamhobair dhearaidh ar chonairí bus Chathair na Gaillimhe.

# Seirbhísí Gairmiúla

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Gairmiúla tacaíocht theicniúil do Rannóga eile seo a leanas de chuid BIÉ:-

- Pleanáil Straitéiseach agus Iompair;
- Pleanáil um Úsáid Talún;
- Seandálaíocht agus Oidhreacht;
- Taighde agus Caighdeáin;
- Beartas agus Comhlíonadh Timpeallachta;
- Sábháilteacht ar Bhóithre agus i dTolláin;
- Sábháilteacht Iarnróid; agus
- Sláinte agus Sábháilteacht – Ceirde agus Tógála.

### Pleanáil Straitéiseach agus Iompair

Is é feidhm Phleanáil Straitéiseach agus Iompair chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an ghréasáin bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim, chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais ghréasáin amach anseo agus chun tabhairt faoi staidéir straitéiseacha. In 2016, rinneadh an tSamhail Náisiúnta Iompair a athchalabrú agus sonraí á n-úsáid ó Aonaid Mhonatóireachta Tráchta BIÉ. Áiríodh le Tuarascálacha Táscaire an Ghréasáin Bhóithre Náisiúnta innéacs nua tráchta a léiríonn borradh de réir réigiúin agus shaghas an bhóthair. Foilsíodh leagan uasdátaithe de Threoirlínte Breithmheasa Tionscadail BIÉ le haghaidh Bóithre Náisiúnta i nDeireadh Fómhair a chorpraigh ceanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus Chreat Breithmheasa Choitinn 2016 an RITS le haghaidh Tionscadail agus Cláir Iompair.

### Pleanáil um Úsáid Talún

Tá freagrachtaí suntasacha ar BIÉ maidir le pleanáil um úsáid talún anuas ar an riachtanas chun faomhadh reachtúil a fháil le haghaidh thionscadail BIÉ. Mar chomhairlí reachtúil, soláthraíonn BIÉ ionchur isteach i mbeartas náisiúnta agus réigiúnach, agus déanann sé athbhreithniú ar phleananna forbartha Áitiúla agus Contae. I rith na bliana, rinne an Rannóg um Pleanáil Úsáid Talún athbhreithniú ar bhreis agus dhá mhíle iarratas pleanála ina raibh idir forbairtí uirbeacha úsáide measctha, eastáit thionsclaíochta, tithe aonair tuaithe, agus thart ar dhaichead iarraidh ar scóipeáil Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT). Rinne BIÉ athbhreithniú ar thart ar ochtó Plean, Straitéisí Réigiúnacha, Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúil, Criosanna Forbartha Straitéiseacha agus Máistirphleananna ina measc.

Déantar Seandálaíocht agus Oidhreacht a bhainistiú ar gach tionscadal de chuid BIÉ le comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú, rioscaí tionscadal seandálaíochta a laghdú agus le hiontaoibh phoiblí a chruthú. In 2016, rinneadh comhaontú ar Chód Cleachtais Seandálaíochta nua leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Seolfar an cód seo go foirmiúil in 2017. I rith na bliana, d'eagraigh BIÉ clár imeachtaí i rith Sheachtain na hOidhreachta a bhí ar siúl ar fud na tíre. D'fhoilsigh BIÉ na trí chlosleabhar seo a leanas agus tá siad ar fáil lena n-íoslódáil ó www.tii.ie:

- Meitheal: the archaeology of lives, labours and beliefs at Raystown, Co. Meath;
- Above and Below: the archaeology of roads and light rail;
- The Science of a Lost Medieval Graveyard: the Ballyhanna Research Project.



Glúineach Bhiorach © BIÉ

### Sábháilteacht ar Bhóithre agus i dTolláin

Tá an obair go léir faoina dtugann BIÉ dírithe ar an líon daoine a mharaítear agus a ghortaítear go dona agus go mion ar bhóithre náisiúnta a laghdú. Tá scéimeanna in ainm is réitigh a sholáthar atá bunaithe ar an innealtóireacht ag láithreacha ina dtiteann ardlíon imbhuailtí amach trí anailís chúramach a dhéanamh ar shonraí faoi imbhuailtí agus faoi mhéid an tráchta. Tá ról ag BIÉ, chomh maith, lena chinntiú go bhfuil an tsábháilteacht ag láithreáin oibre bóthair ar aon dul le dea-chleachtas agus tugann sé faoi chigireachtaí sábháilteachta don chuspóir sin. I rith na bliana, tugadh faoi chóireálacha bealaigh ar an ngréasán mótarbhealaigh/débhealaigh i ndiaidh cigireachtai ar shábháilteacht ar bhóithre a thit amach in 2015.Tugadh an dara babhta de chigireachtaí ar shábháilteacht ar bhóithre ar an ngréasán neamh-mhótarbhealaigh in 2016.

### Sábháilteacht Iarnróid

Tugann BIÉ faoi chomhlíonadh an Achta um Shábháilteacht Iarnróid, 2005, agus Rialacháin, Cóid Chleachtais agus Treoir infheidhme a chinntiú. I rith na bliana, thug BIÉ faoi fheachtais um shábháilteacht ar Luas a bhí dírithe ar chosc a chur ar an nós ina dtugtar síob do dhaoine atá lasmuigh den Luas trí ghreim láimhe a choimeád air. Thug BIÉ le feachtas 'Bóithre Níos Sábháilte do Bhaile Átha Cliath' de chuid an Gharda Síochána.

### Sláinte agus Sábháilteacht – Ceirde agus Tógála

Tugann BIÉ an tús áite is mó do shláinte agus sábháilteacht a fhoirne, a chuairteoirí, a chonraitheoirí, a chustaiméirí go léir agus daoine eile a chothú agus a chaomhnú a bhféadfadh a chuid gníomhaíochtaí difear a dhéanamh dóibh.

Áirítear leis seo oibriú go comhoibritheach le príomhpháirtithe leasmhara agus le páirtithe ar spéis leo chun idirghníomhú sábháilte a bhaint amach le Luas agus le gníomhaíochtaí náisiúnta um thógáil bóithre. Tugann BIÉ faoina chinntiú go gcomhlíonann sé ceanglais reachtúla faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Spreagtar gach fostaí chun dul i mbun gach réamhchúraim réasúnta lena sheachaint go ngortófar de thimpiste iad féin, a gcomhghleacaithe agus baill den phobal i gcoitinne. I rith na bliana, cruthaíodh bunachar sonraí de chuid BIÉ chun timpistí, teagmhais agus neasteagmhais a tharla le linn thionscadail BIÉ agus conarthaí cothabhála bóithre a chur i gcuntas. Éascaíonn seo anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta. Déantar staitisticí agus treochtaí sábháilteachta agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a thuairisciú anois leis an mBord ar bhonn míosúil.

### Beartas agus Comhlíonadh Timpeallachta

Chomhcheanglaíonn BIÉ saincheisteanna timpeallachta isteach i bpleanáil, tógáil agus sna hoibríochtaí i ngach tionscadal bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim a chinntíonn go gcuirtear treoirlínte BIÉ maidir le Dearadh, Measúnú agus Tógáil Timpeallachta agus beartais eile san áireamh i ngach tionscadal agus oibríocht a chistíonn BIÉ. I rith na bliana, d'ullmhaigh BIÉ cáipéis straitéise ar a dtugtar "Oiriúnú d'Athrú Aeráide ar Ghréasán Iarnróid Éadroim agus Bóithre Náisiúnta na hÉireann" ("Adapting to Climate Change on Ireland's Light Rail and National Road Network"). Tacaíonn an cháipéis straitéise seo le bearta chun barr feabhais a chur ar athléimneacht an ghréasáin bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim ó pheirspictíocht tuile.

D'ullmhaigh BIÉ creat náisiúnta chun bainistíocht a dhéanamh ar Speicis Choimhthíocha Ionracha Phlanda atá dírithe ar bhainistiú a dhéanamh ar ghlúineach bhiorach agus ar speicis phlanda eile ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Cuireadh tús leis na hoibreacha tosaigh in 2016, nuair a díríodh ar chúig chontae dhéag don chlár cóireála rollaí.

Déanann BIÉ réimse leathan de chaighdeáin, treoirlínte, agus cáipéisí teicniúla a choimeád agus a nuashonrú go rialta, a bhaineann le pleanáil, dearadh, tógáil, cothabháil agus oibriú bóithre. Ina theannta sin, baineann Údaráis Áitiúla leas as Caighdeáin BIÉ le haghaidh bóithre áitiúla

agus réigiúnacha. I rith na bliana, rinneadh gach cáipéis a athsholáthar agus a athbhrandáil mar Fhoilseacháin BIÉ. Forbraíodh agus seoladh láithreán gréasáin nua, www.tiipublications.ie in 2016.

### Taighde BIÉ

Eagraíonn BIÉ clár taighde a chumhdaíonn limistéir theicniúla a bhaineann le bonneagar bóthair agus iarnróid éadroim. Is é an cuspóir chun bearta praiticiúla a chur chun cinn a chuirfidh le costais a laghdú, barr feabhais a chur ar cháilíocht agus dea-chleachtas a spreagadh.

Soláthraíonn Straitéis Taighde BIÉ an creat chun taighde gearrthéarmach 'tráchtála' a sholáthar mar fhreagairt dár riachtanais ghnó agus do thionscadail bhunúsacha taighde níos fadtéarmaí trí ollscoileanna agus institiúidí taighde. Anuas air sin, tugann BIÉ faoi thionscadail taighde chomhoibrithigh, chomh maith, lenár gcomhghleacaithe Eorpacha riarachán bóithre. Eagraítear na tionscadail taighde thrasnáisiúnta seo trí Chomhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa (CSBE). Tá achoimre ar chlár taighde BIÉ agus cur síos ar thionscadail reatha ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag http://www.tii.ie/technical-services/research/.

### Spriocanna 2017

- Táscairí feidhmíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú don M50 ar láithreán gréasáin BIÉ;
- An tSamhail Náisiúnta Iompair a nuashonrú lena léiriú inti na sonraí is déanaí atá ar fáil faoin daonra, fostaíocht agus taisteal i ndiaidh shonraí faoi Dhaonáireamh 2016 na Príomh-Oifige Staidrimh;
- An cháipéisíocht go léir a bhaineann le pleanáil a phróiseáil laistigh den chreat ama reachtúil;
- Tacú le hionchur BIÉ sa Chreat Náisiúnta Pleanála – Éire 2040 agus sna Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta;
- Bailiúcháin Oidhreachta Digití BIÉ a sheoladh, i gcomhpháirt le Taisclann Dhigiteach na hÉireann agus Clár Discovery;
- Scéimeanna um shábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag láithreacha ina dtiteann ardlíon imbhuailtí amach;
- Iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán le haghaidh Chóras Bainistíochta Sábháilteachta BIÉ;
- Údarú a fháil ón gCoimisiún um Rialáil Iarnród (an CRI) chun tionscadal feabhsaithe cumais Líne Ghlas Luas agus Thionscadal Luas Traschathrach araon a Chur chun Feidhme. Cabhróidh BIÉ le hoibreoir Luas chun clár oiliúna a fhorbairt do thiománaithe tram maidir heolas ar bhealach Luas Traschathrach;
- Tabhairt faoi chlár straitéiseach léarscáilithe torainn le haghaidh na ngréasán bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim;
- Nuashonruithe ráithiúla a fhoilsiú ar Chaighdeáin agus ar cháipéisí Teicniúla;
- Imeachtaí oiliúna a eagrú ar Chaighdeáin BIÉ;
- Straitéis Taighde nua BIÉ (2017-2022) a ullmhú;
- Riachtanais taighde BIÉ a shainaithint i gcórais iarnróid éadroim; agus
- Baint BIÉ a chomhordú i gcláir Thaighde CSBE ar aon dul le tascanna thíos agus na torthaí a scaipeadh laistigh de BIÉ, Údaráis Áitiúla agus an tionscal bóithre.

# Rialáil BIÉ

## AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014

Foráiltear san Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014 go bhfuil na cearta dlíthiúla seo a leanas ag gach duine:

- An ceart chun taifid oifigiúla atá á gcoimeád ag Ranna Rialtais agus gach comhlacht poiblí a rochtain a chomhlíonann forálacha Alt 6 den Acht;
- An ceart go gceartaítear nó go nuashonraítear faisnéis phearsanta a choimeádtar fúthu, sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- An ceart go dtugtar cúiseanna dóibh a bhí le cinntí a rinne comhlachtaí poiblí a imríonn tionchar orthu.

In 2016, chuir BIÉ tús le sonraí a fhoilsiú faoi iarrataí ar SF a fuarthas ar fhaisnéis neamhphearsanta i Loga SF, i gcomhréir le ceanglais Chód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise do Chomhlachtaí Poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Loga Nochta ar fáil lena fheiceáil sa mhír SF dár láithreán gréasáin. Cruthaíodh seoladh ríomhphoist tiomnaithe, foi@tii.ie, chomh maith, i rith na bliana, chun iarrataí SF a éascú.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh BIÉ Scéim Foilsithe SF faoi alt 8 den Acht in 2016. Ullmhaíodh an Scéim, ina soláthraítear faisnéis chuimsitheach maidir le róil, feidhmeanna agus saghsanna na dtaifead agus na faisnéise a choimeádann BIÉ, i gcomhlíonadh um Scéime um Fhoilsiú Samhla agus Treoirlínte a d'eisigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Féadtar Scéim Foilsithe BIÉ a fheiceáil/a íoslódáil i mír SF láithreán gréasáin BIÉ, www.tii.ie.

## NA RIALACHÁIN UM ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN GCOMHSHAOL 2007 GO 2014

Bronntar cearta dlíthiúla i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), ó 2007 go 2014 orthu siúd a bhfuil rochtain á lorg acu ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Faoi na Rialacháin, caithfear faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol atá á coimeád ag, nó thar ceann, údarás poiblí, faoi réir eisceachtaí áirithe, a chur ar fáil ar iarraidh sin d'aon duine.

Cruthaíodh seoladh ríomhphoist tiomnaithe, aie@tii.ie, i rith na bliana chun iarratais a éascú faoi na Rialacháin.

## NA RIALACHÁIN UM FHAISNÉIS NA HEARNÁLA POIBLÍ A ATHÚSÁID

Faoi Rialacháin an Choimisiúin Eorpaigh (Faisnéis na hEarnála Poiblí a Athúsáid), 2005, arna leasú ag I.R. Uimh. 525 de 2015, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí chun athúsáid fhormhór fhaisnéis na hearnála poiblí a éascú. Áirítear le hathúsáid cóipeáil, leasú, aistriú, oiriúnú agus dáileadh.

Lean BIÉ le cur leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil gan srian atá ar fáil lena hathúsáid ar thairseach Sonraí Oscailte an Rialtais, www.data.gov.ie.

## ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ar chuspóirí oifigiúla sa Stát trí líon agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí don phobal trí Ghaeilge a mhéadú agus a fheabhsú. Leagtar san Acht, agus i Rialacháin a dhéantar faoin Acht, ceanglais shonracha ar chomhlachtaí poiblí, BIÉ ina measc, maidir le húsáid na Gaeilge, mar shampla, nuair a fhreagraítear do chomhfhreagras a fuarthas i nGaeilge, úsáid na Gaeilge ar pháipéarachas, comharthaí etc. agus roinnt cáipéisí a fhoilsiú go dátheangach.

Ceanglas tábhachtach faoin Acht is ea an ceanglas faoi Alt 11 atá ar Chomhlachtaí Poiblí, i ndiaidh gur iarr an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, chun scéim a ullmhú ina sonraítear na seirbhísí a sholáthróidh an comhlacht poiblí:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge.

Glactar leis na bearta seo lena chinntiú go soláthrófar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí Ghaeilge laistigh d'amfhráma lena gcomhaontaítear.

I rith 2016, d'iarr an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ar BIÉ chun tús a chur le hobair ar an dara scéim a ullmhú a thiocfaidh in ionad scéim reatha BIÉ

a chumhdaíonn an tréimhse ó 2014 go 2017. Cuireadh tús leis an obair seo agus tabharfar scéim nua don tréimhse ó 2017 go dtí 2020 chun críche, i ndiaidh comhairliúchán poiblí agus i ndiaidh go bhfaomhfaidh an tAire an scéim in 2017.

## NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ, 1988 AGUS 2003

Tá na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 in ainm is príobháideacht duine aonair a chosaint. Bronntar cearta sna hAchtanna ar dhaoine aonair maidir le príobháideacht a sonraí pearsanta, anuas ar fhreagrachtaí ar na daoine siúd a shealbhaíonn agus a phróiseálann na sonraí siúd. Foráiltear iontu, go háirithe, chun sonraí a bhailiú agus a úsáid ar bhealach freagrach, agus cosaint á soláthar, i gcomhthráth, i gcoinne úsáidí gan iarraidh nó díobhálacha a bhaint as na sonraí.

I rith 2016, chuir BIÉ tús le cleachtadh chun cáipéisí éagsúla a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta ina leagtar amach beartas agus nósanna imeachta BIÉ atá dírithe ar chomhlíonadh cheanglais na reachtaíochta reatha um Chosaint Sonraí againn d'fhonn a chinntiú go bhfuil na córais chuí i bhfeidhm agus coinne leis na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (na RGCS). Tá na RGCS le cur i bhfeidhm i mBealtaine 2018 agus tiocfaidh in ionad na reachtaíochta reatha atá i bhfeidhm sa limistéar seo.

Cruthaíodh seoladh ríomhphoist tiomnaithe, dataprotection@tii.ie, i rith na bliana chun fiosrúcháin a dhéantar faoi na hAchtanna a éascú.

## SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gceartlár ghníomhaíochtaí BIÉ agus bímid meáite ar fheabhas leanúnach a chur ar ár gcleachtais ghnó d'fhonn na caighdeáin is airde a sholáthar inár ndéileálacha lenár gcustaiméirí.

Leagtar amach na bealaí ina gcomhlíonann BIÉ a ngealltanais chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar agus ina ndéanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht amach i gCairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta 2016-2019 BIÉ.

I rith 2016, chuir BIÉ foirm Aiseolais Sheirbhís do Chustaiméirí i bhfeidhm ar ár láithreán gréasáin, www.tii.ie, agus chruthaigh sé seoladh ríomhphoist tiomnaithe, customerservice@tii.ie.

Anuas air sin, lean BIÉ le faisnéis a sholáthar ar ár láithreán gréasáin agus chuir sé feabhas suntasach ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ar ár láithreán gréasáin tiomnaithe foilseachán, www.tiipublications.ie. Tá ar an láithreán gréasán acmhainn shaibhir ar líne de cháipéisíocht theicniúil BIÉ, a chatagóirítear mar 'Caighdeáin' nó 'Teicniúil', a bhaineann le scéimeanna bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim.

Ní bhfuair BIÉ aon ghearáin ó chustaiméirí ó Oifig an Ombudsman in 2016.

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

### Gealltanas Straitéiseach

Tá BIÉ tiomanta d'oibriú i gcomhoibriú lena chomhpháirtithe oibriúcháin agus cothabhála agus le tacaíocht Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) i dtreo oibríochtaí atá níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh de a sholáthar. Gealltar don mhéid seo i Ráiteas Straitéise 2016-2021 BIÉ a leagtar amach sa chomhthéacs níos fairsinge ina ndéantar gréasáin bhóithre agus iarnróid éadroim níos inbhuanaithe a fhorbairt.

Léirítear i gcur chuige BIÉ riachtanais a bhaineann le spriocanna um éifeachtúlacht fuinnimh a leag an Rialtas amach.

### Bearta Tosaigh

I rith 2016, an chéad bhliain iomlán féilire ina raibh BIÉ ar an bhfód i ndiaidh go ndearnadh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród a chumasc, leagadh an bhéim ar shonraí faoi ídiú fuinnimh a thiomsú ar réimse iomlán ghníomhaíochtaí BIÉ d'fhonn leagan amach cuimsitheach d'ídiú fuinnimh a éascú.

Leagann an obair a rinneadh sa chéad bhliain bonn faoi mheasúnú córasach a dhéanamh ar ídiú agus éifeachtúlacht fuinnimh agus ar thoscairí cúisíocha agus chun roghanna féideartha a shainaithint chun éifeachtúlacht níos mó a bhaint amach.

# Rialachas

## AN BOARD

### An tUasal Cormac O'Rourke (Cathaoirleach)

Stiúrthóir le Goodbody Corporate Finance é Cormac O'Rourke, a speisialaíonn i bhfuinneamh, bonneagar agus cúram sláinte. Tá taithí de bhreis ar 30 bliain aige i mbaincéireacht infheistíochta, a chumhdaíonn fuinneamh, bonneagar/comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus Teileachumarsáid. Bhí sé ina Cheann Eorpach ar Airgeadas Tionscadail le Banc KBC NV agus ina Stiúrthóir Infheistíochta le ESBI, chomh maith, roimhe seo. Ceapadh ina Chathaoirleach é ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród in Eanáir 2013 agus rinneadh chéad Chathaoirleach BIÉ de i ndiaidh an chumaisc i Lúnasa 2015.

### An tUasal Michael Nolan (POF)

Ceapadh Michael Nolan mar chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bhonneagar Iompair Éireann an 1 Lúnasa 2015. Sular ghlac sé leis an ról seo, d'oibrigh Michael don Údarás um Bóithre Náisiúnta ar feadh trí bliana déag, agus bhí réimse freagrachtaí air, post an Chinn Mhórthionscadal ina measc. Chaith sé an chuid ba mhó dá ghairm bheatha sa tseirbhís phoiblí, go príomha le hÚdaráis Áitiúla. Innealtóir Cairte agus Comhalta le hInstitiúid Innealtóirí na hÉireann é Michael. Ceapadh é leis an mBord in 2015.

### An tUasal Jacqueline Cross

Aturnae i gcleachtas príobháideach í Jacqueline Cross a bhfuil taithí breis agus 20 bliain aici. Áirítear lena taithí comhairle a sholáthar maidir le ceisteanna Corparáideacha agus Tráchtála, Dlí Cuideachta, Rialachas Corparáideach agus Obair Chomhairleach a bhaineann leis an Earnáil Phoiblí. Chaith sí tréimhse iomlán cúig bliana roimhe seo ar bhonn intí mar chomhairleoir sinsearach dlíthiúil san earnáil phoiblí. Sa mhullach air sin, tá taithí fhairsing ag Jacqueline, freisin, maidir le comhairle a sholáthar ar Reachtaíocht agus ar an bpróiseas reachtaíochta. Ceapadh í i dtosach báire leis an mBord in 2010.

### An tUasal David O'Connor

Stiúrthóir na hOifige um Sholáthar Tithíochta sa Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil é David O'Connor faoi láthair. Ailtire é ó thaobh gairm bheatha de agus bhí sé ag cleachtadh sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon sula ndearnadh Stiúrthóir Pleanála, agus Bainisteoir Contae, ina dhiaidh sin, de le haghaidh Chomhairle Contae Fhine Gall ón mbliain 2006 go dtí 2013. Ceapadh é i dtosach leis an mBord in 2011.

### An tUasal Gary Comiskey

Stiúrthóir le Deloitte é Gary Comiskey, áit ar comhalta é den fhoireann Cheannaireachta don Ghrúpa Comhairliúcháin Sláinte agus Earnála Poiblí. Tá cúlra aige i mbainistíocht riosca Teicneolaíocht Faisnéise agus i ndearbhú rialúchán, agus d'oibrigh Gary le Deloitte i mBaile Átha Cliath agus in Sydney. Díríonn sé faoi láthair ar thionscadail a sholáthar i limistéir feabhsúcháin agus athraithe eagraíochtúil. Ceapadh é i dtosach báire leis an mBord in 2012.

### An tUasal Joe O'Mahony

Bhí Joe O'Mahony ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Leictreachas Thuaisceart Éireann (Northern Ireland Electricity) ón mbliain 2011 go 2014 i ndiaidh go ndearna BSL é a éadáil. Tá taithí de bhreis ar 20 bliain aige agus bainistíocht á déanamh ar mhórthionscadail bhonneagar cumhachta, clár athnuachana gréasán infheistíochat €3 billiún le haghaidh Ghréasáin BSL (ESB Networks) ina measc. Tá sé mar chomhalta boird le KTL, Lagan Hibernian agus an Lárionad Iomaíochais i dTuaisceart Éireann. Ceapadh é i dtosach báire leis an mBord in 2013.

### An tUasal Senan Turnbull

Speisialtóir é Senan Turnbull i rialachas agus oibríonn sé go príomha san earnáil neamhbhrabúis. Bhí gairm bheatha aige roimhe seo i gcomhlachtaí éagsúla seirbhíse poiblí. Cathaoirleach/comhalta é Senan le roinnt boird stáit agus eagraíochta deonaí. Ceapadh é leis an mBord in 2013.

### An tUasal Virginia O'Dowd

Iar-oideachasóir agus iar-chomhairleoir baile/contae í Virginia O'Dowd. D'fhóin sí ar feadh dhá théarma mar Mhéara ar an Aonach, Contae Thiobraid Árann. Cathaoirleach/comhalta í le roinnt eagraíochtaí deonacha agus Boird Stáit. Ceapadh í leis an mBord in 2014.

### An tUasal Séamus Neely

Is é Séamus Neely Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall agus is é an Cathaoirleach faoi láthair ar Donegal Tourism Ltd. agus ar Choiste Pobail Áitiúil agus Forbartha Dhún na nGall. I ndiaidh tréimhse a chaitheamh san earnáil phríobháideach, tá taithí éagsúlaithe de bhreis ar 29 bliain aige sa tSeirbhís Phoiblí agus chaith sé 20 bliain den taithí sin ar Leibhéal Bainistíochta Sinsearaí. Ceapadh é leis an mBord in 2015.

## AN FHOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN

**Michael Nolan**

**POF**

**John Maher**

**Stiúrthóir**
Seirbhísí Gnó

**Pat Maher**

**Stiúrthóir**
Bainistíochta Gréasáin

**Nigel O'Neill**

**Stiúrthóir**
Oibríochtaí Tráchtála

**Ger Hannon**

**Stiúrthóir**
Seirbhísí Corparáideacha

**Helen Hughes**

**Stiúrthóir**
Seirbhísí Gairmiúla

**Peter Walsh**

**Stiúrthóir**
Bainistíochta an Chláir Chaipitil

**Sean O'Neill**

**Stiúrthóir**
Cumarsáide Corparáidí

## Réamhrá

**(Comhlíonadh an Chóid Chleachtais, Eitice agus Reachtaíochta san áireamh)**

*Déanann BIÉ athbhreithniú agus nuashonrú ar a chuid beartas agus nósanna imeachta le comhlíonadh dea-chleachtais a chinntiú.*

**Comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009).**

Chur BIÉ tús le bearta cuí chun an Cód Cleachtais a chomhlíonadh ina leagtar amach prionsabail rialachais chorparáidigh a gceanglaítear ar bhoird chomhlachtaí stáit cloí leo.

**Comhlíonadh na Reachtaíochta**

Comhlíonann BIÉ rialachas corparáideach agus oibleagáidí eile a ghearrtar sa mhéid seo a leanas:

- Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú);
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna leasú);
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 2001;
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003;
- An tAcht um Míchumas, 2005;
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005;
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014;
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015;
- An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014; agus
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus an reachtaíocht ghaolmhar.

**Nochtadh Cosanta**

Tugtar cuntas ar an mheicníocht inar féidir le foireann BIÉ buarthaí a thabhairt chun solais, nó nochtadh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, i Nós Imeachta um Nochta Cosanta BIÉ.

Ní dhearnadh aon nochtadh in 2016 a bhféadfaí a mheas gur Nochtadh Cosanta a bhí i gceist leis faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

**Íocaíochtaí Prasa**

| Sonraí | Líon na nÍocaíochtaí | Luach € | % de na hÍocaíochtaí Iomlána a rinneadh |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2016 | 3,157 | 473,860,008 | 100% |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá | 2,421 | 415,329,968 | 88% |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de thréimhse idir 16 agus 30 lá | 727 | 58,518,074 | 12% |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh i ndiaidh 30 lá | 9 | 11,966 | 0% |

### An tAcht um Míchumas, 2005

Tá Coiste Inrochtaineachta ag BIÉ ar a bhfuil an dualgas a chinntiú go dtugtar aird iomlán ar cheanglais an Achta um Míchumas, 2005. Lorgaíonn an Coiste a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil fáil ar na bearta agus na saoráidí cuí go léir do chustaiméirí atá faoi mhíchumas fisiciúil nó intleachtach. I measc na mbeart a tugadh isteach, tá córas lúb ionduchtúcháin a sholáthar chun cabhrú le daoine ar a bhfuil lagú éisteachta sa limistéar fáiltithe agus sa seomra cruinnithe, bánna páirceála do thiománaithe faoi mhíchumas, láithreán gréasáin BIÉ a nuashonrú chun caighdeáin W3C WAI-AA a chomhlíonadh go hiomlán, a chinntíonn go bhfuil an láithreán inrochtana do chách, agus cáipéisí corparáideacha a fhoilsiú i stíl atá chomh soiléir agus saor ó bhéarlagair agus is féidir. Cuireadh oiliúint um chomhionannas míchumais, chomh maith leis sin, don fhoireann lena chinntiú feasacht na saincheisteanna inrochtaineachta le haghaidh custaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

### Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde

Tugann BIÉ an tús áite is mó do shláinte agus sábháilteachta a fhoirne uile agus gach duine a ndéanann ár n-obair difear dóibh, a chinntiú. Tugann BIÉ faoina chinntiú go gcomhlíonann sé na ceanglais reachtúla faoin Acht um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair. Ordaítear gach fostaí chun dul i mbun gach réamhchúraim réasúnta lena sheachaint iad féin, a gcomhghleacaithe agus baill den phobal i gcoitinne a ghortú de thimpiste. Tá na Bainisteoirí Rannáin, na Bainisteoirí Líne agus na fostaithe, go ginearálta, freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht, agus soláthraíonn an Bainisteoir Sábháilteachta tacaíocht, faisnéis, monatóireacht agus aiseolas.

## AN BOARD

### Róil agus Freagrachtaí

Ceist atá i gcomhdhéanamh an Bhoird a bhfuil ar an Aire plé léi, agus is amhlaidh atá ceapadh agus athcheapadh Comhaltaí Boird agus téarmaí agus coinníollacha a gceaptha. Faoin gCód Cleachtais, sa chás go measann an Cathaoirleach go dteastaíonn scileanna sonracha ar an mBord, féadfaidh sé/sí comhairle a chur ar an Aire sula dtagann folúntais sa Bhord aníos, d'fhonn gur féidir leis an Aire tuairimí an Chathaoirligh a chur san áireamh nuair a dhéantar ceapacháin.

I gcur chun cinn a ndualgas, féadfaidh comhalta, faoi réir fhaomhadh an Chathaoirligh, comhairle neamhspleách a fháil ar chostas réasúnta BIÉ.

Tá an Bord sásta nach bhfuil aon ghnó ar bun nó aon idirchaidreamh ag a Chomhaltaí a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó a bhféadfadh an dealramh air go n-imreoidís tionchar ar, feidhmiú a mbreithiúnais neamhspleách. Nochtann gach Comhalta Boird aon leas agus fágtar iad as an áireamh ó aon phlé agus cinntí a dhéanann an bord, sa chás go mbíonn siad idir dhá cheann na meá nó sa chás gur sholáthair siad spéis dhíreach nó indíreach, faoi mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais.

### Ceisteanna a Fhorchoimeádtar don Bhord

Forchoimeádtar na príomh-shaincheisteanna seo a leanas go ndéanfaidh an Bord cinneadh orthu:

- faomhadh Chód Cleachtais BIÉ;
- faomhadh na Tuarascála Bliantúla, an Bhuiséid Bhliantúil agus an Phlean Gnó Chorparáidigh;
- faomhadh na gCuntas Bliantúil;
- téarmaí tagartha na gcoistí Boird;
- leibhéil tharmligthe údaráis, beartas an státchiste agus beartais bhainistíochta riosca;
- aon chinneadh chun tabhairt faoi fheidhm go díreach, seachas trí Údarás Áitiúil;
- scéimeanna nua dolaí a bhunú nó scéim dolaí a aisghairm; agus
- fodhlíthe nua le haghaidh scéim dolaí nó córas iarnróid.

D'fhonn a chinntiú gur féidir leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le treoir straitéiseach BIÉ, forchoimeádtar an faomhadh seo a leanas go ndéanfaidh an Bord cinneadh air le haghaidh mórscéimeanna, a dhéantar a shainiú le haghaidh comhsheasmhachta i dtaobh an Chóid Chaiteachais Phoiblí mar scéimeanna ar a bhfuil luach caipitil de bhreis ar €20 milliún. Ceist nach foláir don Bhord plé leis é aon chinneadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ordú ceannaigh éigeantaigh agus ráiteas tionchair timpeallachta do mhórscéim bóthair a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála;
- mór-Ordú Iarnróid a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála;
- tús a chur le mórscéim a thógáil;
- conradh CPP a iontráil (forchoimeádtar gach conradh CPP, fiú mura conarthaí móra iad); agus
- aon difríocht shuntasach i dtéarmaí agus coinníollacha conarthacha a fhaomhadh uathu siúd a d'fhaomh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Tarmligean ag an mBord

Rinne an Bord an méid seo a leanas a tharmligean;

- úsáid an tSéala, don POF, an Stiúrthóir Seirbhísí Gnó agus an Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála (tá úsáid an tséala le cur i gcuntas i Miontuairiscí an Bhoird);
- luasteorainneacha a fhaomhadh, don POF nó d'aon chomhalta foirne a fhéadfaidh sé/sí a údarú;
- saincheisteanna pleanála, don POF nó d'aon chomhalta foirne a fhéadfaidh sé/sí a údarú;
- moltaí do Choimisinéir an Gharda Síochána maidir leis na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, faoi mar a fhoráiltear i Mír 23 d'Acht na mBóithre;
- daoine údaraithe a cheapadh, maidir le cigireacht, suirbhéireacht agus a leithéid, faoi mar a fhoráiltear in Alt 78 d'Acht na mBóithre; agus
- treoracha a thabhairt d'Údaráis Áitiúla, faoi mar a fhoráiltear i rialachán 3(7) de na Rialacháin um Bainistíocht Sábháilteacht Bhonneagar Bóthair.

## Comhaltaí Boird – Sceideal na dTáillí agus na gCostas a Íocadh

| | | | | 2016 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Táillí | Costais |
| 1 | Nolan | Michael | **Nóta 1,2** | 0 | 0 |
| 2 | Cross | Jacqueline | | 11,970 | 0 |
| 3 | Comiskey | Gary | | 11,970 | 0 |
| 4 | O'Rourke | Cormac | | 20,520 | 0 |
| 5 | O'Mahony | Joe | | 11,970 | 0 |
| 6 | Turnbull | Senan | | 11,970 | 0 |
| 7 | O'Connor | David | **Nóta 1** | 7,980 | 0 |
| 8 | O'Dowd | Virginia | **Nóta 2** | 11,970 | 1,090 |
| 9 | Neely | Seamus | **Nóta 1,2** | 0 | 4,546 |
| | | | **Iomláin** | **€88,350** | **€5,636** |

**Nóta 1:** I gcomhréir le prionsabal "Duine Amháin, Tuarastal Amháin" de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, níor íocadh táille le Michael Nolan agus Séamus Neely as fónamh ar an mBord. Níor íocadh táille le David O'Connor as fónamh ar an mBord ón 01 Meán Fómhair 2016.

**Nóta 2:** Taibhíodh na costais a íocadh le Michael Nolan i rith na bliana ina cháil mar Phríomhfheidhmeannach i rith 2016, seachas mar Chomhalta den Bhord. B'ionann na costais a íocadh le Stiúrthóirí i rith na bliana agus €6,000 (2015: €2,000), ina raibh táillí taistil agus cothabhála.

### Ballraíocht agus Freastal

| | An Board | | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | | An Coiste Straitéise | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | A | B | A | B | A | B |
| Cormac O'Rourke | 11 | 11 | - | - | 9 | 9 |
| Jacqueline Cross | 11 | 10 | 7 | 6 | - | - |
| David O Connor | 11 | 10 | 1 | 1 | 9 | 7 |
| Gary Comiskey | 11 | 9 | 7 | 6 | - | - |
| Joe O'Mahony | 11 | 9 | - | - | 9 | 8 |
| Senan Turnbull | 11 | 10 | 7 | 7 | - | - |
| Virginia O Dowd | 11 | 11 | 7 | 7 | - | - |
| Seamus Neely | 11 | 11 | - | - | 9 | 9 |
| Michael Nolan | 11 | 11 | - | - | 9 | 9 |

Tugtar le fios i gColún A líon na gcruinnithe a cuireadh ar bun i rith 2016 nuair a bhí an Comhalta Boird mar chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste.

Tugtar le fios i gColún B líon na gcruinnithe ar ar freastalaíodh i rith 2016 nuair a bhí an Comhalta Boird mar chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste.

### Éifeachtacht/Measúnacht an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach Coiste ag an mBord chun cabhrú lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tugtar cuntas ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina théarmaí scríofa tagartha, a dhéanann an Coiste a athbhreithniú gach bliain agus a dhéanann an Bord a fhaomhadh.

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste:

- na próisis straitéiseacha le haghaidh riosca, rialú inmheánach agus rialachas;
- na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais agus an tuarascáil bhliantúil, an próiseas san áireamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear iad ar aghaidh le haghaidh iniúchóireachta, leibhéil earráide a shainaithnítear, agus an litir ionadaíochta a chuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- gníomhaíocht bheartaithe agus torthaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí araon;
- leordhóthanacht na freagartha bainistíochta do shaincheisteanna a shainaithníonn gníomhaíocht iniúchóireachta, litir bhainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste san áireamh;
- dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht riachtanais riosca agus rialachais chorparáidigh;
- an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Cairteacha Iniúchóireachta Inmheánaí atá le faomhadh ag an mBord;
- an Plean Iniúchóireachta Bliantúil (agus gach athrú mór ar an bplean);
- aon cheist a bhaineann leis an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí laistigh de BIÉ a mheasann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca atá riachtanach nó cuí;
- beartais frithchalaoise, próisis nochta chosanta, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta; agus
- anuas air sin, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar a éifeachtacht féin agus déanfaidh sé torthaí an athbhreithnithe sin a thuairisciú don Bhord.

### An Coiste Straitéise

Tugtar cuntas ar fhreagrachtaí an Choiste Straitéise ina théarmaí scríofa tagartha, a dhéanann an Coiste a athbhreithniú gach bliain agus a dhéanann an Bord a fhaomhadh.

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste:

Treoir Straitéiseach: Coimeádfaidh an Coiste é seo cothrom le dáta agus ar an eolas faoi chineál na timpeallachta ina n-oibríonn BIÉ; agus athruithe, treochtaí agus tosca a imríonn tionchar lena mbaineann ábharthacht straitéiseach. Glacfaidh an Coiste le modheolaíocht chun ceisteanna lena mbaineann tábhacht i dtaobh threoir straitéiseach BIÉ a shainaithint agus a bhreithniú.

*Ráiteas Straitéise BIÉ:* Glacfaidh an Coiste le dréacht-Ráiteas Straitéise BIÉ ar feadh tréimhse rollach idir 3 agus 5 bliana. Cinnteoidh an Coiste go bhfuil na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa dréacht-Straitéis comhoiriúnach don mhéid seo a leanas agus go dtacaíonn siad leis an méid seo a leanas:

- na cuspóirí a leagtar amach i ráiteas straitéise an RITS; agus
- Beartais an rialtais chun an tSeirbhís Phoiblí a athchóiriú agus a nuachóiriú.

Tacú le comhlíonadh fhreagrachtaí reachtúla BIÉ agus mhisean BIÉ, faoi mar a chuirtear in iúl sa dréacht-Straitéis. Cuirfidh an Coiste an dréacht-Straitéis faoi bhráid an Aire lena hathbhreithniú sula dtabharfar an céanna chun críche agus sula gcuirfear an céanna faoi bhráid an Bhoird go ndéanfar breithniú deiridh air agus glacadh deiridh leis.

*Plean agus Buiséad Corparáideach Bliantúil BIÉ:* Cabhróidh an Coiste leis an mBord chun measúnú a dhéanamh ar na tograí bainistíochta chun pleananna bliantúla agus buiséid ghaolmhara chorparáideacha a leagan amach nach bhfuil chomh tábhachtach le agus atá ríthábhachtach maidir le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise BIÉ.

Déanfaidh an Coiste an méid seo a leanas:

- a chinntiú go gcuimsítear i bPlean agus Buiséad Corparáideach Bliantúil BIÉ gníomhartha cuí sonracha straitéiseacha a bhfuiltear le tabhairt fúthu sa bhliain atá i gceist agus ar féidir feidhmíocht chorparáideach a thomhais ina gcoinne go soiléir;
- tuarascálacha rialta a fháil ón mbainistíocht a bhaineann le feidhmíocht i dtaobh chomhlíonadh na ngníomhartha straitéiseach a chuirtear san áireamh sa phlean; agus
- meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht chorparáideach agus tagairt á déanamh do chomhlíonadh na ngníomhartha a leagtar amach sa phlean.

*Forbairt:* Anuas air sin, déanfaidh an Coiste athbhreithniú tréimhsiúil ar a éifeachtacht féin agus déanfaidh sé torthaí an athbhreithnithe sin a thuairisciú don Bhord.

# Aguisín D

## RÁITEAS AIRGEADAIS 2016

# Bonneagar Iompair Éireann
# Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016


| | |
|---|---|
| Eolas | 2 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 3 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí BIÉ | 4 |
| Ráiteas ar Rialúchán Inmheánach Airgeadais | 5 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | 7 |
| Ráiteas faoi Ioncam Uileghabhálach | 8 |
| Ráiteas faoi Athruithe i nGlan-Chothromas | 9 |
| Ráiteas faoi Staid Airgeadais | 10 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 11 |
| Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais | 12 |

# Bonneagar Iompair Éireann

## Eolas

**Cathaoirleach**

Cormac O'Rourke

**Comhaltaí Boird**

Gary Comiskey
Jacqueline Cross
Seamus Neely
Michael Nolan
David O'Connor
Virginia O'Dowd
Joe O'Mahony
Senan Turnbull

**Aturnaetha**

McCann Fitzgerald
Cois Abhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath

Arthur Cox
Lárionad Phort an Iarla
2 Baile Átha Cliath 2

**Baincéirí**

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2.

Bainc-Aontas Éireann
52 Sráid Bhagóid Uachtarach
Baile Átha Cliath 4.

Banc Uladh,
Príomhoifig,
Duga Sheoirse
Baile Átha Cliath 2

Banc KBC Éire cpt
Sráid Sandwith,
Baile Átha Cliath 2

**Iniúchóirí**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1,
Éire

**Oifig Chláraithe**

Lárionad Gnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8

# Bonneagar Iompair Éireann
# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil le leagan os comhair Thithe an Oireachtais

### Bonneagar Iompair Éireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Acht na mBóithre 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas faoi ioncam uileghabhálach, an ráiteas faoi athruithe i nglanchothromas, an ráiteas faoi staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sa chreat atá leagtha síos sa tríú sceideal den Acht agus iad ag teacht le cleachtais chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo.

### Freagrachtaí Bhonneagar Iompair Éireann

Tá Bonneagar Iompair Éireann freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu faoi réir an dlí infheidhmithe.
Riartar m'iniúchadh faoi réir na mbreithnithe a ghabhann le comhlachtaí Stáit mar a mbaineann siad lena mbainistiú agus lena reáchtáil. Riartar m'iniúchadh faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (RA agus Éire) agus iad ag teacht le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

### Scóip iniúchadh na ráiteas airgeadais

Áirítear in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar:

- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Bhonneagar Iompair Éireann agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad;
- réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím freisin fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais agus mé i mbun an iniúchta. Thairis sin, léim tuarascáil bhliantúil Bhonneagar Iompair Éireann chun aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon fhaisnéis, a bhfuil an chuma uirthi go bhfuil sí míchruinn go bunúsach agus í bunaithe ar nó neamh-chomhsheasmhach le heolas a fuair mé agus mé i mbun an iniúchta. Má thagaim ar eolas faoi mhíráiteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasmhacha ábhartha déanaim na himpleachtaí do mo thuarascáil a mheas.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus stádas airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann mar a bhí ar an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam is a chaiteachas do 2016; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir chleachtais chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo.

I mo thuairimse, bhí taifid chuntasaíochta Bhonneagar Iompair Éireann dóthaineach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus mar is cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Ábhair gur gá dom a thuairisciú go heisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil mura bhfaighim iomlán na faisnéise agus na mínithe a raibh gá agam leo do m'iniúchadh, nó má aimsím

- aon chás ábharthach nuair nár cuireadh airgead chun úsáid na gcríocha ar dóibh a deonadh é nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a stiúraigh iad, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil Bhonneagar Iompair Éireann comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó le haon eolas a fuair mé agus mé i mbun an iniúchta; nó
- mura bhfuil an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach ag teacht le Bonneagar Iompair Éireann bheith ag comhlíonadh an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú; nó
- má tá gnóthaí ábhartha eile ann maidir leis an tslí inar riaradh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam i dtaca leis na nithe úd ar a ndéantar tuairisciú go heisceachtúil.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2017

# Bonneagar Iompair Éireann

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí BIÉ

**Éilíonn na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1993 go 2015, go n-ullmhódh Bonneagar Iompair Éireann [BIÉ] ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais i bhfoirm a bheidh faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.**

Agus iad ag réiteach na ráiteas airgeadais sin ní mór do BIÉ:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- a chinntiú go mbeidh aon bhreith nó aon mheastachán a thugtar réasúnta agus stuama;
- a rá cé acu ar leanadh nó nár leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe faoi réir aon imeacht uathu a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais BIÉ ag deireadh na bliana; agus
- na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú.

Tá BIÉ freagrach as taifid chuntasaíochta dóthaineacha a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnta, ag am ar bith, staid airgeadais BIÉ agus a chuireann ar a chumas a dheimhniú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1993 go 2015. Tá BIÉ freagrach as a chuid sócmhainní a chumhdach agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois nó aon mhírialtachtaí eile a chosc is a aimsiú.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

| | |
|---|---|
| Cormac O' Rourke | Michael Nolan |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |

28 Meitheamh 2017

# Bonneagar Iompair Éireann

# Ráiteas ar Rialúchán Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as an gCóras Rialúchán Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Bhord BIÉ, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialúcháin inmheánaigh.

Ní féidir leis an gcóras ach barántas réasúnta, agus ní barántas daingean, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú go cuí is á dtaifeadadh mar is ceart agus go gcosctar botúin nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad taobh istigh de thréimhse thráthúil. Agus éifeacht na rialúchán inmheánacha airgeadais á mbreithniú acu, bíonn aird ag an mBord agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2009.

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht cuí rialúcháin i bhfeidhm trí:

- glacadh le Cód Cleachtais chun BIÉ a Rialú;
- cultúr láidir freagrachta a chothú trí BIÉ;
- glacadh le Cód Cleachtais Gnó a éilíonn go gcloífeadh comhaltaí Boird, an bhainistíocht is an fhoireann leis na caighdeáin eiticiúla is airde;
- a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais a ghabhann leis an Ráiteas ar Leasa mar a shonraítear iad sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus in Alt 40 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1993;
- athbhreithnithe córasacha trí Iniúchadh Inmheánach ar rialúcháin inmheánacha;
- cruinnithe rialta Boird a bheith ann;
- coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí BIÉ;
- freagrachtaí na bainistíochta a shainmhíniú agus trína chinntiú go gcuirtear acmhainní agus oiliúint dóthaineach ar fáil;
- cleachtais foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialúcháin suntasacha a chinntiú is a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar le gníomhaíocht cheartaitheach chuí taobh istigh de fhráma ama réasúnta.

D'fhorbair an BIÉ agus ghlac an Bord le Clár Rioscaí Fiontair, le Fonn, Polasaí agus Plean Rioscaí. Ceapadh Bainisteoir Rioscaí Corparáideacha i BIÉ chun rioscaí a aithint is a bhainistiú agus chun cultúr bhainistiú rioscaí a chur chun cinn. Cinntíonn Coiste Rioscaí Fhiontair agus oibríochtúil agus chun feidhmiú gnáthaimh bhainistiú rioscaí a mhonatóiriú.

Tá an córas rialúcháin airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach de thuairisciú rialta bainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear deighilt dualgas agus ar chóras de tharmligean agus de fhreagracht. Ach go háirithe, cuimsíonn sé:

- córas uileghabhálach buiséadaithe le buiséad agus plean bliantúil atá faoi réir fhaomhadh an Bhoird;
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht dá réir ar leibhéal bainistíochta;
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht sinsearach agus ag an mBord de thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcomparáid le buiséid;
- údarú agus íocaíocht airgid a theorannú do shínitheoirí údaraithe;
- córais a bheith i bhfeidhm a chinnteoidh sláine na gcóras TFC;
- córais airgeadais ríomhairithe;
- córais soláthair atá sainithe soiléir;
- cleachtais choimeádacha cistíochta agus treoirlínte soiléire um chistíocht is um infheistiú caipitil; agus
- gnáthaimh fhoirmiúla bainistíochta tionscadal.

Tá córas Inmheánach Iniúchóireachta ag BIÉ a fheidhmíonn faoi réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Bíonn obair na hIniúchóireachta Inmheánaí eolach de bharr anailís ar an riosca atá ann don chomhlacht. Bíonn anailís riosca agus pleananna iniúchóireachta inmheánaí ceadaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus faofa ag Bord BIÉ.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an chórais um rialú airgeadais inmheánaigh ar an eolas i ngeall ar chlár oibre na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ar a cuid tuarascálacha is a cinntí á dtabhairt sa áireamh; athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón Iniúchadh Inmheánach ar stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaí agus ar stádas cheisteanna a tógadh cheana ina dtuarascálacha féin; ar an gCoiste Iniúchóireachta is Rioscaí, a mhaoirsíonn obair na hIniúchóireachta Inmheánaí; an Fhoireann Fheidhmiúcháin taobh istigh de BIÉ, a bhfuil freagracht orthu i leith fhorbairt agus cothabháil chreatlach an rialúcháin inmheánaigh; agus ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe nó tuarascálacha eile ar aon cheisteanna ábhartha inmheánacha eile.

# Bonneagar Iompair Éireann

### Athbhreithniú Bliantúil Rialúcháin

Dearbhaím i dtaca leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2016 go ndearna an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí athbhreithniú ar éifeacht an chórais rialúchán inmheánach airgeadais agus mheas siad é a bheith éifeachtach.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

_____
Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

28 Meitheamh 2017

# Bonneagar Iompair Éireann

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

| | Nóta | Riarachán 2016 '€000 | Iarnród Sráide & Metro 2016 '€000 | Gréasán Bóithre 2016 '€000 | Iomlán 2016 '€000 | Iomlán 2015 '€000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontais Stáit | 3 | 25,396 | 110,819 | 782,789 | 919,004 | 785,834 |
| Aistrithe Deontas | 3 | (5,675) | 5,675 | 0 | 0 | 0 |
| Aisíocaíochtaí Deontas | 4 | 0 | 0 | 4,693 | 4,693 | 6,117 |
| Ioncam ó Dholaí | 5 | 0 | 0 | 137,061 | 137,061 | 126,416 |
| Ioncam Eile | 6 | 3,246 | 7,662 | 6,055 | 16,963 | 8,102 |
| Ioncam Iomlán | | 22,967 | 124,156 | 930,598 | 1,077,721 | 926,469 |
| Caiteachas | 7 | (21,653) | (43,968) | (807,456) | (873,077) | (844,089) |
| Aistriú (chuig)/ ó Chaipiteal | 13 | (1,389) | (74,860) | (30,289) | (106,538) | 2,517 |
| **(Easnamh)/Farasbarr** | | (75) | 5,328 | 92,853 | 98,106 | 84,897 |
| **Oibríochta** | | | | | | |
| Ús agus Maoiniú Eile | | | | | | |
| Muirir | 12 | (1,811) | 0 | (36,418) | (38,229) | (34,921) |
| Ús Infhaighte | | 4 | 25 | 0 | 29 | 57 |
| **Farasbarr /(Easnamh)** | | (1,882) | 5,353 | 56,435 | 59,906 | 50,033 |
| **Coinnithe don Bhliain** | | | | | | |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ar an dáta tuairiscithe.
Sna figiúirí comparáideacha, tá gach ioncam agus caiteachas ar Iarnród Sráide & Metro san áireamh ó 1 Lúnasa 2015.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 27.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

Cormac O' Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

28 Meitheamh 2017

# Bonneagar Iompair Éireann

## Ráiteas faoi Ioncam Uileghabhálach

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Farasbarr Coinnithe don Bhliain | | 59,906 | 50,033 |
| Gnóthachain/ (Caillteanas) ó thaithí ar Oibleagáidí i leith Sochar Scoir Sainithe | | 2,842 | (1,121) |
| Athruithe ar an mBonn Tuisceana is bun le Luach Reatha na nOibleagáidí i leith Sochar Scoir le Sochar Sainithe | | (12,996) | 676 |
| **Caillteanas Iomlán Achtúireach sa Bhliain** | 21c | (10,154) | (445) |
| Méadú ar an bhFarasbarr Do-aisghabhála ar an Scéim Sochar Scoir le Sochar Sainithe | 21c | (153) | (975) |
| | | (10,307) | (1,420) |
| Coigeartú ar Oibleagáidí Scoir le Sochar Sainithe | 21e | 10,535 | 1,272 |
| **Glan-Ghluaiseacht sa Bhliain** | | 228 | (148) |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain** | | 60,134 | 49,885 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 27.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

Cormac O' Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

28 Meitheamh 2017

# Bonneagar Iompair Éireann

## Ráiteas faoi Athruithe i nGlan-Chothromas

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

| | Riarachán €'000 | Iarnród Sráide & Metro €'000 | Gréasán Bóithre €'000 | Cuntas Caipitil €'000 | Cistíocht Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar 31 Nollaig 2014 | (268) | 0 | 183,624 | 1,158,359 | 0 | 1,341,715 |
| Cúlchistí glactha ar lámha ón GFI @ 01.08.15 | 2,734 | 22,303 | 0 | 814,629 | 39,860 | 879,526 |
| (Easnamh)/farasbarr coinnithe don bhliain | (647) | 2,732 | 47,948 | 0 | 0 | 50,033 |
| Gluaiseacht i gCistíocht Eile [Nóta 22] | 0 | 0 | 0 | 0 | 2,997 | 2,997 |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach nó chun íocaíochtaí caipitiúla a mhaoiniú | 0 | 0 | 0 | 41,914 | 0 | 41,914 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas/muirear airgeadais | 0 | 0 | 0 | (43,747) | 0 | (43,747) |
| Aistriú chuig soláthairtí | 0 | 0 | 0 | 3,914 | 0 | 3,914 |
| Diúscairtí sócmhainní agus bearnúcháin | 0 | 0 | 0 | (684) | 0 | (684) |
| Caillteanais aitheanta eile | (148) | 0 | 0 | 0 | 0 | (148) |
| Ar 31 Nollaig 2015 | 1,671 | 25,035 | 231,572 | 1,974,385 | 42,857 | 2,275,520 |
| (Easnamh)/farasbarr coinnithe don bhliain | (1,882) | 5,353 | 56,435 | 0 | 0 | 59,906 |
| Gluaiseacht i gCistíocht Eile[Nóta 22] | 0 | 0 | 0 | 0 | 6,191 | 6,191 |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach nó chun íocaíochtaí caipitiúla a mhaoiniú | 0 | 0 | 0 | 172,595 | 0 | 172,595 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas/muirear airgeadais | 0 | 0 | 0 | (65,930) | 0 | (65,930) |
| Aistriú chuig soláthairtí/creidiúnaithe | 0 | 0 | 0 | 7,264 | 0 | 7,264 |
| Diúscairtí sócmhainní agus bearnúcháin | 0 | 0 | 0 | (127) | 0 | (127) |
| Gnóthachain aitheanta eile | 228 | 0 | 0 | 0 | 0 | 228 |
| **Ar 31 Nollaig 2016** | 17 | 30,388 | 288,007 | 2,088,187 | 49,048 | 2,455,647 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 27.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

Cormac O' Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

28 Meitheamh 2017

# Bonneagar Iompair Éireann

## Ráiteas faoi Staid Airgeadais
## Ar 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sealúchas, Gléasra agus Trealamh | 14 | **3,473,561** | **3,281,330** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 15 | 20,878 | 23,892 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | | 115,022 | 65,155 |
| | | **135,900** | **89,047** |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna Dlite Taobh Istigh de Bhliain Amháin)** | | | |
| Iníocaíochtaí | 16 | **(179,117)** | **(135,689)** |
| **Glan-Dliteanais Reatha** | | **(43,217)** | **(46,642)** |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna Dlite Tar Éis Bliana Amháin)** | | | |
| Iníocaíochtaí | 17 | (735,902) | (703,667) |
| Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir | 20 | (239,438) | (255,985) |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Scoir le Sochar Sainithe | 21d | (85,612) | (72,040) |
| Maoiniú Scoir le Sochar Sainithe Iarchurtha | 21d | 85,612 | 72,040 |
| Farrasbarr Pinsin le Sochar Sainithe | 21f | 643 | 484 |
| **Glan-Sócmhainní Iomlána** | | **2,455,647** | **2,275,520** |
| **Arna Maoiniú ag Cúlchistí** | | | |
| Cuntas Caipitil | 13 | 2,088,187 | 1,974,385 |
| Cúlchiste Thobhaigh agus Ranníocaí Fhorbróirí | 22 | 49,048 | 42,857 |
| Cúlchiste Ioncaim Coinnithe | | 318,412 | 258,278 |
| | | **2,455,647** | **2,275,520** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 27.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

Cormac O' Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

28 Meitheamh 2017

# Bonneagar Iompair Éireann

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
## Don bhliain ar críoch 31 Nollaig 2016

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Glan-Shreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Farasbarr Coinnithe don Bhliain | 59,906 | 50,033 |
| Dímheas, bearnú agus diúscairt Shócmhainní Seasta | 44,129 | 26,523 |
| Amúchadh tobhach agus sochair iarchurtha | (1,512) | (630) |
| Aistriú chuig /(ó Chaipiteal) | 106,538 | (2,517) |
| Ús | (29) | (56) |
| Muirear Pinsin | 70 | (58) |
| Laghdú / (méadú) ar Infháltais | 2,057 | (1,015) |
| Méadú ar Iníocaíochtaithe | 27,713 | 4,977 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **238,872** | **77,257** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Sealúchas, Gléasra & Trealamh a fháil | (196,150) | (67,781) |
| Glacadh ar lámha Airgead na GFI ar 01 Lúnasa 2015 | 0 | 48,972 |
| Diúscairt Shealúchais, Ghléasra & Trealamh | 7 | 233 |
| Tobhaigh agus Ranníocaí Forbartha | 7,106 | 360 |
| Ús Bainc faighte | 32 | 20 |
| **Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(189,005)** | **(18,196)** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Réamhíocaíochtaí ón Státchiste Aisíoctha | 0 | (13,920) |
| **Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **0** | **(13,920)** |
| **Méadú Glan ar Airgead agus ar Choibhéis Airgid** | **49,867** | **45,141** |
| Airgead agus coibhéis airgid ar 1 Eanáir | 65,155 | 20,014 |
| **Airgead agus coibhéis airgid ar 31 Nollaig** | **115,022** | **65,155** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 27.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

Cormac O' Rourke
Cathaoirleach

Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach

28 Meitheamh 2017

# Bonneagar Iompair Éireann

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

### 1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na bpolasaithe suntasacha cuntasaíochta a ghlac Bonneagar Iompair Éireann leagtha amach anseo thíos. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go seasta le linn na bliana agus don bhliain roimhe.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta [ÚBN] go foirmiúil mar chomhlacht poiblí neamhspleách faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 1993. Bhí soláthar san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2015 do dhíscaoileadh na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid [GFI] agus d'aistriú a foirne, a cearta sócmhainní agus a dualgais chuig an ÚBN, agus é ag gníomhú mar Bhonneagar Iompair Éireann le feidhm ó 1 Lúnasa 2015. Forghníomhaíodh forálacha an Achta faoi Ionstraim Reachtúil 297/2015. Bhain cuntais deiridh na GFI le tréimhse seacht mí go dtí 31 Iúil 2015. Ar 1 Lúnasa 2015 aistríodh glan-sócmhainní na GFI chuig an aonán athainmnithe, BIÉ. Léiríonn figiúirí comparáideacha 2015 gníomhaíochtaí an ÚBN don bhliain iomlán agus ioncam is caiteachas na GFI ó dháta a aistrithe, 1 Lúnasa 2015.

Tá an éifeacht a bhí le haistriú sócmhainní, dliteanais agus feidhmeanna na GFI leagtha amach i Nóta 2.
Tá a cheannoifig ag BIÉ i Lárionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8.
Tá mar phríomhaidhm ag BIÉ gréasán sábháilte agus éifeachtach de bhóithre náisiúnta agus infreastruchtúr iarnród sráide agus metro a sholáthar. Aonán chun leasa poiblí é BIÉ.

Is é an Euro an t-airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais seo léirithe. Tá na suimeanna uile sna ráitis airgeadais slánaithe go dtí an €1,000 is giorra.

#### b) Ráiteas Gélliúntais le FRS 102

Ullmhaíodh ráitis airgeadais BIÉ don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoi réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, a d'fhógair Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

#### c) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi réir choinbhinsiún an chostais stairiúil cé is moite de shócmhainní is de dhliteanais áirithe atá measta ar luachanna córa mar atá mínithe sna polasaithe cuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa leagan atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhaontú an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1993 go 2015. Cuireadh na polasaithe i bhfeidhm go seasta.

#### d) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta in airgeadra coigríche isteach in airgeadra feidhmeach BIÉ ar an ráta malairte eachtraí a bhí i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Athaistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid, atá luaite in airgeadra coigríche isteach san airgeadra feidhmeach ar an ráta malairte eachtraí i bhfeidhm ar an dáta úd. Tá difríochtaí malairte eachtraí, a eascraíonn as an aistriú, aitheanta sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

#### e) Ioncam Reatha

Deontais Stáit

Aithnítear ioncam ón Státchiste de ghnáth ar bhonn fabhraithe. Aithnítear Deontais Stáit, áfach, ar bhonn fáltais airgid. Aistrítear deontais a mhaoiníonn caiteachas poiblí ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cuntas caipitil agus amúchtar iad don chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a dhéantar dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.

Faightear deontais go díreach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Údarás Náisiúnta Iompair [ÚNI], faoin a gClár Chistiú Caipitil, ar dó a thagann maoiniú ón Státchiste agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag soláthar an mhaoinithe ón Státchiste faoina n-imchlúdach caipitil do thionscadail iompair i.e. clár caipitil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath [MBhÁC].

Tobhaigh forbartha agus ranníocaí

Coimeádtar i gcúlchiste do thobhaigh forbartha agus do ranníocaí ó fhorbróirí an "Maoiniú Eile" a fhaigheann BIÉ mar thobhaigh forbartha agus mar ranníocaí ó fhorbróirí agus a úsáidtear iad (faoi réir fhorálacha i gcomhaontuithe ábhartha) chun caiteachas caipitil a mhaoiniú agus amúchtar iad don chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a dhéantar dímheas ar na sócmhainní

gaolmhara. Bailíonn údaráis áitiúla tobhaigh forbartha faoi réir fhorálacha ábhartha dlíthiúla. Eascraíonn ranníocaí ó fhorbróirí trí chomhaontuithe déthaobhacha a dhéantar le daoine aonair príobháideacha, le cuideachtaí nó le comhpháirtíochtaí.

Aisíocaíochtaí deontas a íocadh le hÚdaráis Áitiúla
Léiríonn aisíocaíochtaí deontas na suimeanna iarbhír a fuarthas le linn na bliana.

Ioncam ó Dholaí
Aithníonn BIÉ ioncam ó dholaí de réir mar a thuilltear é. Is ionann ioncam ó dholaí agus na táillí a ghearrann oibritheoirí dola glan ó CBL, táillí áirithe a ghearrann oibritheoirí dola agus íocaíochtaí idir-inoibritheachta. Cuimsíonn sé chomh maith suimeanna a fhaightear i dtaca leis an socrú roinnte ioncam faoi scéimeanna PPP an M4 Chill Chocha/Chionn Átha Gad agus M1 Seachbhealach Iartharach Dhún Dealgan.

Infreastruchtúr Luas a sholáthar
Ceadúnann Luas infreastruchtúr Luas le hoibritheoir. Más mó an teacht isteach ag an oibritheoir ná táille an cheadúnais bíonn farasbarr ann do BIÉ agus más lú teacht isteach an oibritheora ná an táille a íocann sé bíonn caillteanas ann do BIÉ. Aithnítear an farasbarr nó an t-easnamh sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fabhraithe.

Ioncam a Ghintear ó shócmhainní atá gaolmhar le Luas
Gineann BIÉ ioncam ó shócmhainní gaolmhara Luas. Eascraíonn an t-ioncam seo as áiseanna Páirceála agus Taistil a sholáthar, ó ioncam fógraíochta ar fhillteoga ar thramanna, ó fhógraíocht ar bord agus ag stadanna Luas. Gintear ioncam chomh maith as bothanna a ligean ar cíos le taobh na líne. Aithnítear an t-ioncam seo ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Eile
Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**f) Sealúchas, Gléasra agus Trealamh**
Luaitear sealúchas, gléasra agus trealamh ar luach a gcostas lúide dímheas carnaithe coigeartaithe d'aon soláthar do bhearnú.

**Caipitliú**
Iarnród sráide & tionscadail metro
Déantar caipitliú ar chaiteachas i dtaca le sócmhainní a bhaineann le hinfreastruchtúr iompair iarnróid agus áiseanna iompair do phaisinéirí atá á dtógáil agus gníomhaíocht forbartha ar thionscadail chaipitil atá faofa ag an Rialtas. Chun críche na bpolasaithe seo, tá faomhadh an Rialtais do thionscadail iarnród sráide nó metro sonraithe trí thagairt don dáta ar ar cuireadh isteach iarratas ar ordú iarnróid ach amháin nuair a bhíonn toiliú an Rialtais faighte do chaiteachas caipitil roimh ordú iarnróid a fháil. Díscríobhtar caiteachas ar staidéir indéantachta agus ar réamh-dhearadh do thionscadail chaipitil poitéinsiúla ach neamhfhaofa i leith an chuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain an chaiteachais. Déantar caipitliú mar shócmhainn sheasta ar gach caiteachas ar shócmhainní caipitil, nó ar chaiteachas a chuireann go suntasach lena luach, lena n-acmhainn agus iad in úsáid, nó lena saol úsáideach eacnamaíochta mar shócmhainní atá cheana féin ann agus costais áirithe foirne san áireamh. Déantar caiptiliú mar shócmhainní seasta ar shócmhainní a fhaightear ó thríú páirtithe mar thoradh ar thionscadail iarnróid sráide agus metro. Tomhastar na hacmhainni seo ag luach an mhargaidh. Aithnítear creidiúnaí comhfhreagrach mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear é leis an ráiteas ar ioncam agus caiteachas faoi réir an mhuirear dímheasa ar shócmhainní den chineál sin.

Nuair a bhaineann an caiteachas le fáil nó le cruthú sócmhainne nach bhfuil inúsáidte nó nach bhfuil ag tabhairt seirbhíse ar dháta an chlár comharduithe cuirtear an caiteachas sin in iúl mar "Sócmhainní á dTógáil" agus ní dhéantar dímheas air. Déantar meastóireacht do bhearnú ar Shócmhainní á dTógáil gach bliain.

Ní dhéantar caipitliú mar shócmhainn sheasta ar chaiteachas ar chomaoin ar fháil shócmhainní sealúchais ach amháin nuair a bhíonn idirbheart an tsealúchais críochnaithe ina iomláine. Áirítear sna réamhíocaíochtaí aon chaiteachas a bhaineann le comaoin i dtaca le sócmhainní sealúchais roimh chríochnú an idirbhirt.

Gréasán Bóithre
Déantar caipitliú ar shócmhainní bóithre a fhaightear faoi chomhaontuithe lamháltas seirbhíse PPP agus áirítear sna cuntais iad trí úsáid a bhaint as samhail léas airgeadais sa bhliain ina shínítear comhaontú an lamháltais. Tá na sócmhainní atá cuimsithe i gceannach amach an M50 luacháilte fosta agus samhail an léas airgeadais á húsáid agus tá na costais go léir atá tabhaithe sa chomhaontú seo caipitilithe.
Nuair a shínítear an conradh, aithnítear luach na sócmhainne infreastruchtúir agus dliteanas an lamháltais seirbhíse mar glan-luach reatha na n-íocaíochtaí is ísle ar an léas amach anseo – agus iad áirithe ar bhonn na n-íocaíochtaí tógála atá leagtha amach sa chonradh a dhéanann BIÉ go díreach maille le haon eilimint caipitil, agus í tomhaiste go hiontaofa, de na híocaíochtaí oibríochta.

# Bonneagar Iompair Éireann

Roghnaigh BIÉ ráta lascaine de 4% tar éis dul i gcomhar leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais [GNFA] ar an mbonn go léiríonn sé ráta cuí do shócmhainní infreastruchtúir fadtéarmacha.

Tá conradh curtha i dtreo ag BIÉ do reáchtáil thollán Bhaile Átha Cliath, thollán Jack Lynch agus an lárionad tráchtrialaithe. Siúd is go bhfaigheann BIÉ ioncam dola ó Thollán Bhaile Átha Cliath baineann úinéireacht na dtrí shócmhainn sin leis an údarás áitiúil ábhartha.

Dá réir sin, níl an conradh seo áirithe mar chomhaontú lamháltas seirbhíse. Tá na híocaíochtaí ábhartha curtha in aghaidh an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas sa tréimhse ina n-éiríonn siad.

Déantar caiteachas ar shócmhainní bóithre a bhaineann le comharthaíocht, le hionaid seirbhíse, le hiostaí cothabhála agus le eFlow an M50 a thaifeadadh ar chostas stairiúil nó ar chostas lascainithe cuí má shíneann na téarmaí íocaíochta thar mórán blianta.

Dímheas

Ní dhéantar sócmhainní bóithre a dhímheas nuair a fhaightear iad nó nuair a dhéantar bainistiú orthu faoi chomhaontuithe lamháltas seirbhíse a chinntíonn saolré iarmharach úsáideach agus acmhainn oibríochta ag deireadh thréimhse an lamháltais arbh ionann é agus an tsócmhainn nuair a chéad-coimisiúnadh í. Déantar dímheas ar shócmhainní infreastruchtúir Luas nuair a chuirtear iad ag tuilleamh airgid agus déantar aon deontas a fuarthas chun iad a cheannach a amúchadh ar an mbonn céanna. Déantar dímheas bliana iomláine ar shócmhainní seasta eile sa bhliain ina fhaightear iad.

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí ag an am as diúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairte a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn cheana féin ag an aois agus an bhail uirthi a mbeifí ag tnúth léi ag deireadh a saolré inúsáidte.

Má tá fianaise réadach bearnaithe ann ar luach shócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Athbhreithnítear modhanna dímheasa, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha má tá comhartha ann go bhfuil athrú suntasach tagtha ón dáta bliantúil deiridh tuairiscithe ar an bpátrún a mbeadh BIÉ ag súil leis chun leas eacnamaíoch sócmhainne a ídiú.

Déantar soláthar do dhímheas ar gach sealúchas, gléasra agus trealamh eile, cé is moite de thalamh ruílse, ar rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach seasta gach sócmhainne ar bhonn line dírí thar a saolré úsáideach measta, mar seo a leanas:

| | **Blianta** |
|---|---|
| Droichid, íosbhealaí, oibreacha sibhialta & oibreacha cumasúcháin | 50 |
| Foirgnimh | 30 |
| Ráillí | 10-50 |
| Córais Rialaithe & Cumarsáide | 10-25 |
| Cumhacht | 20-25 |
| Bailiú Táillí | 5-15 |
| Páirceáil & taisteal | 30 |
| Rothstoc & trealamh Luas | 15-19 |
| Troscán & feistis, ardaitheoirí agus páirteanna spártha | 10-25 |
| Daingneáin & trealamh oifige | 3-10 |
| Feabhsuithe ar áitribh léasacha | 10 * |
| Feithiclí mótair | 5 |
| Comharthaíocht treorach | 20 |
| Trealamh sábháilteachta & ilghnéitheach | 10 |
| Ionaid seirbhíse | 33 |
| Iostais cothabhála | 33 |
| Sócmhainní eFlow an M50 | 20** |

*Dímheastar sócmhainní ar léas thar tréimhse an léasa nó a saolré úsáideach, cibé ceann is giorra.

** Dímheastar sócmhainní eFlow an M50 thar 20 bliain nó saolré an chonartha.

### g) Léasanna

Rangaítear léasanna ina nglacann BIÉ go substaintiúil chuige féin na rioscaí agus an luach saothair uile a ghabhann le húinéireacht na sócmhainne ar cíos mar léasanna airgeadais. Rangaítear léasanna eile mar léasanna oibríochta.
Aithnítear don chéad uair sócmhainní a fhaightear ar léas le léas airgeadais ag luach arb ionann é agus a luach cothrom agus luach reatha na n-íocaíochtaí ar an léas agus an léas á thosú, ina cuimsítear aon chostas ar féidir a chur go díreach i leith idirbheartú agus socrú an leasa, cibé ceann is ísle. Nuair a chéad aithnítear é, aithnítear dliteanas léas airgeadais ag luach cothrom na sócmhainne ar cíos, nó má tá sé níos ísle, luach reatha na n-íos-íocaíochtaí ar an léas. Áirítear luach reatha na n-íos-íocaíochtaí ar an léas trí leas a bhaint as an ráta úis atá tugtha le fios sa léas. Roinntear na n-íos-íocaíochtaí ar an léas idir an muirear airgeadais agus an laghdú ar an dliteanas fós amuigh trí úsáid a bhaint as an nglanráta úis. Cuirtear an muirear airgeadais i leith gach tréimhse de théarma an léasa le go mbeadh ráta seasta tréimhsiúil úis ann ar iarmhéid an dliteanais.

### h) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cothrom lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Soláthar ginearálta é an soláthar in aghaidh fiach amhrasach agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise réadach ann nach mbeidh BIÉ in ann gach suim atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

### i) Léasanna Oibríochta

Aithnítear caiteachas ar chíos faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar saolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn line dírí thar tréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar saolré an léasa.

### j) Ús infhaighte agus ús iníoctha agus muirir mar iad

Cuimsítear mar ús iníoctha agus muirir mar é, ús iníoctha, muirir airgeadais ar léasanna airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus modh an ghlanráta úis á úsáid agus leachtú na lascaine ar sholáthairtí. Aithnítear ioncam ó ús agus ús iníoctha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a fhabhraíonn siad agus modh an ghlanráta úis á úsáid.

### k) Sochair Fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha
Aithnítear mar chostas le linn na bliana sochair ghearrthéarmacha dála tuarastal saoire agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana san fhigiúr d'Iníocaíochtaí sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.
Sochair Scoir
Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cothrom, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as dualgais pinsin BIÉ agus as aon chistíocht ghaolmhar, agus aithníonn siad na costais a ghabhann le sochair pinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta inar thuill na fostaithe iad. Áirítear dliteanais a ghabhann le scéim sochair scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Nuair a bhíonn farasbarr i scéim bíonn an t-uasmhéid ar ceadmhach a aithint sa Ráiteas faoi Staid Airgeadais teoranta do luach sciar suthaine saoire an fhostóra, agus é measta ar bhonn FRS102. Aithnítear aon tsuim do-aisghabhála sa Ráiteas faoi Ioncam Uileghabhálach.

Aithnítear aon mhéadú nó aon chaillteanas achtúireach a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas faoi Ioncam Uileghabhálach. Déantar coigeartú dá réir sa mhéid atá inaisghabhála ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don Scéim Sochair Sainithe Neamhchistithe amháin. Reáchtálann BIÉ na scéimeanna pinsin seo a leanas:

### Pinsin – Scéim Ranníocaíochta Sainithe [Iata do chomhaltaí nua]

Reáchtálann BIÉ scéim phinsin ranníocaíochtaí sainithe. Maoinítear sochair pinsin do scéim ranníocaíochtaí sainnithe thar tréimhse seirbhíse na bhfostaithe trí ranníocaíochtaí ón bhfostaí agus ón bhfostóir isteach i scéim ranníocaíochtaí sainnithe. Cuirtear ranníocaíochtaí an fhostóra in aghaidh an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais de réir mar a bhíonn siad iníoctha.

### Pinsin – Scéim Sochair Sainithe Neamhchistithe [Iata do chomhaltaí nua]

Reáchtálann BIÉ scéim pinsin sochar sainithe atá maoinithe ag an BIÉ agus ag ranníocaíochtaí ó na comhaltaí.

### Pinsin – Scéim Sochair Sainithe Neamhchistithe [Iata do chomhaltaí nua]

Reáchtálann BIÉ scéim phinsin shochar sainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a théann tú le hairgead a chuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil.

Is ionann costas na bpinsean agus an sochar pinsin atá tuillte ag fostaithe agus a thaispeántar glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne. Aithnítear mar ioncam suim arbh ionann í agus an muirear pinsin chomh fada is atá sí in-aisghabhála agus í fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh.

**Pinsin – Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("An Scéim Aonair")**

Reáchtálann BIÉ an Scéim Aonair, ar scéim sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe [RCPA]. Cuimsíodh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann leis an scéim sna nochtuithe a bhaineann leis an scéim shochar sainnithe (neamhmhaoinithe).

**l) Cúlchiste**

Aistrítear aon fharasbarr a ghintear ar ghnó infreastruchtúr Luas go dtí Cúlchiste Ioncaim Iarnród Sráide & Metro. Tá an cúlchiste seo imfhálaithe le haontú an ÚNI chun athchóiriú ar infreastruchtúr Luas a mhaoiniú amach anseo, chun easnaimh oibríochta amach anseo a chlúdach agus do thionscadal Luas Traschathrach.

**m) Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir**

Is féidir go gcinnfí go raibh deontais stáit a cuireadh ar fáil do thionscadail áirithe, a nglactar le tobhaigh forbartha dóibh, iníoctha leis an RITS faoi réir théarmaí Threoir Aire a bhaineann le tionscadal ceapáirithe. Sa chás ina mbíonn dualgais mar sin ann déantar meastacháin ar sciaranna deontais ar bith a fuarthas atá inaisíoctha agus iad bunaithe ar an eolas atá ar fáil agus ar théarmaí na Treorach Aire. Coinnítear mar dhliteanas fadtéarmach méid an ioncaim ón deontas a fuarthas agus a mheastar a bheith inaisíoctha. Agus iad ag teacht ar an suim measta, ní mor don bhainistíocht roinnt rioscaí agus neamhchinnteachtaí a thabhairt san áireamh ar a n-áirítear riosca forbartha, críochnú roimh am na scéime tobhaigh, riosca faoi chríochnú an tionscadail agus athrú sa dlí.

Aithnítear soláthairtí d'athchóiriú ráillí agus do dheontais inaisíoctha nuair, de dheasca dualgas dlí nó inchiallaithe a bheith ar BIÉ mar thoradh ar eachtraí a tharla, go bhfuil sé dóchúil go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an dualgas a chomhlíonadh agus go mbíonn an tsuim atá i gceist measta go hiontaofa.

Meastar soláthairtí ar luach láithreach an chaiteachais a bhfuil coinne leis chun an dualgas a chomhlíonadh agus úsáid á bhaint as ráta réamh-chánach a léiríonn meastacháin reatha an mhargaidh ar luach airgid agus de na rioscaí ar leith a bhaineann leis an dualgas. Aithnítear an méadú ar an soláthar thar tréimhse ama mar chostas úis.

Ní dhéanann BIÉ soláthar d'éilimh dlíthiúla nó árachais a bhfuil an toradh a bheidh orthu neamhchinnte.

**n) Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla**

Is ionann na híocaíochtaí a dhéantar le húdaráis áitiúla i dtaca le tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistiú bóithre agus na deontais a íoctar sa bhliain.

**o) Comhaontuithe lamháltais seirbhíse (pairtnéireachtaí poiblí príobháideacha)**

Tá BIÉ tar éis dul isteach i roinnt pairtnéireachtaí poiblí príobháideacha nó comhaontuithe lamháltas seirbhíse le haonáin san earnáil phríobháideach chun acmhainní infreastruchtúir a thógáil (nó a uasghrádú), agus chun acmhainní infreastruchtúir a reáchtáil is a chothabháil thar tréimhse ama sonraithe (tréimhse an lamháltais).

Stiúrann nó rialaíonn BIÉ na seirbhísí nach mór don oibritheoir a sholáthar agus na hacmhainní infreastruchtúir á úsáid aige, cé dóibh iad, agus ar cén costas; agus stiúrann BIÉ an leas iarmharach sna sócmhainní ag deireadh thréimhse an lamháltais.

Déanann BIÉ íocaíochtaí thar tréimhse an lamháltais as tógáil, maoiniú, oibriú, cothabháil agus athnuachan na sócmhainní infreastruchtúir agus as seachadadh seirbhísí ar ábhar an lamháltais iad.

I gcásanna áirithe is féidir go mbeidh BIÉ i dteideal sciar den ioncam dola a thuilleann an lamháltóir agus tá soláthar i lamháltais áirithe d'íocaíochtaí oibríochta inaithreacha má thiteann méid an tráchta faoi bhun leibhéil sainithe.

Aithnítear na sócmhainní infreastruchtúir mar shócmhainní sa Ráiteas faoi Staid Airgeadais BIÉ chomh maith le dliteanas as dualgais amach anseo faoi na lamháltais seirbhíse gaolmhara. Bunaítear na meastacháin ar na sócmhainní agus ar an dliteanas gaolmhar ar luach lascainithe na n-íocaíochtaí tógála a rinne BIÉ go díreach agus aon eilimint caipitil de na híocaíochtaí oibríochta ar deineadh meastachán iontaofa air. Tá na híocaíochtaí oibríochta inaithreacha léirithe mar chostais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Tá ráta lascainithe cuí de 4% roghnaithe chun na dliteanais bainteach le tógáil amach anseo a lascainiú

a éireoidh as comhaontuithe lamháltais agus thángthas air i gcomhar leis an GAFN. Tá an ráta seo ag teacht leis na rátaí úis atá i bhfeidhm i gcomhaontuithe lamháltais ar thángthas ar luacháil orthu faoin FRS102. Aithnítear íocaíochtaí oibríochta a dhéantar faoi na comhaontuithe lamháltais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina n-íoctar iad.

Nochtar dualgais chun íocaíochtaí de chineál oibríochta a dhéanamh thar tréimhse an lamháltais sna nótaí faoi na ráitis airgeadais.

**p) Breitheanna agus Meastacháin Criticiúla**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a mbeidh éifeacht acu ar na suimeanna luaite mar shócmhainní is mar dhliteanais ar an dáta tuairiscithe agus ar na suimeanna luaite mar ioncam is mar chaiteachas le linn na bliana. Mar sin féin, de bharr nádúr na meastóireachta d'fhéadfadh na fíor-thorthaí bheith difriúil ó na meastacháin sin. Is ag na breithiúnais seo a leanas a bhí an éifeacht ba mhó ar na suimeanna a aithníodh san ráitis airgeadais.

Gréasán Bóithre: Luacháil, Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá caipitliú déanta ar na sócmhainní bóthair a fuarthas faoi comhaontuithe lamháltas seirbhíse PPP agus atá cuimsithe i gceannach amach an M50 agus tá siad áirithe trí shamhail dhliteanas léasa airgeadais a úsáid sa bhliain inar síníodh an comhaontú lamháltais. Aithnítear luach na sócmhainne infreastruchtúir agus an dliteanas lamháltas seirbhíse ar ghlanluach láithreach na n-íosíocaíochtaí ar an léas a dhéanfar amach anseo – agus iad bunaithe ar bhonn na n-íocaíochtaí tógála a rinne BIÉ go díreach agus aon eilimint caipitil de na híocaíochtaí oibríochta ar deineadh meastachrn iontaofa air. Tacaíonn an tsamhail caipitilithe PPP lenár mbonn tuisceana faoin roinnt íocaíochtaí idir caipiteal agus ioncam reatha agus an tsócmhainn á luacháil againn. Roghnaigh BIÉ ráta lascainithe de 4% tar éis do dul i gcomhar leis an GAFN, ar an mbonn go léiríonn sé ráta cuí do shócmhainní fadtéarmacha infreastruchtúir.

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolré sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara de gach aicme de na sócmhainní seasta agus tháinig siad ar an tuairim go raibh saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

Tugtar thar n-ais do BIÉ na sócmhainní infreastruchtúir a fuarthas faoi chomhaontuithe lamháltas seirbhíse, faoi réir dualgais chonarthacha ar leith sna comhaontuithe úd, ag deireadh thréimhse an lamháltais le saolréanna úsáideacha arbh ionann iad agus saolré na sócmhainne nuair a chéad-coimisiúnadh í. Cinntítear feidhmiú na bhforálacha "tabhair thar n-ais" trí sholáthar a dhéanamh do choinneáil siar airgeadais agus do phionóis sna comhaontuithe lamháltais. I ngeall ar na forálacha seo ní ghearrann BIÉ dímheas ar na sócmhainní seo.

Soláthairtí agus meastacháin

Déantar meastacháin suntasacha i dtaca le ríomhadh na soláthairtí do dheontais inaisíoctha agus d'íocaíochtaí aithreacha gur gá a aisíoc.

**Deontais inaisíoctha:**

Is féidir go gcinnfí go raibh deontais stáit a cuireadh ar fail ón Státchiste chun tionscadail áirithe a chur i bhfeidhm agus a nglactar le scéimeanna tobhaigh forbartha ina leith, a bheith inaisíoctha faoi réir Threoir Aire a bhaineann le tionscadal ar leith. I gcásanna ina mbíonn oibleagáidí mar seo ann déantar na suimeanna atá inaisíoctha a ríomhadh agus iad bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar théarmaí Threoir an Aire. Coinnítear mar dhliteanas fadtéarmach méid an ioncaim ón deontas a fuarthas agus a mheastar a bheith inaisíoctha (Nóta 20).

I gcásanna mar seo is ionann méid an deontais a bhíonn le haisíoc agus méid iomlán na dtobhach a mheastar a bhaileofar le linn saolré na scéime lúide aon tobhach a úsáideadh chun fritháireamh a dhéanamh ar chaiteachas incháilithe suas le méid an airgid a cuireadh ar fáil ón Státchiste.

Bíonn meastachán de na tobhaigh uile ar dhócha a gheofar le linn saolré na scéime criticiúil agus an soláthar do dheontais inaisíoctha á ríomhadh. Meastar an teacht isteach ó na tobhaigh le cúnamh ó phleanálaithe baile gairmiúla an údaráis áitiúil a ghlacann foshuíomhanna criticiúla maidir le ráta agus le méid na forbartha miondíola tráchtála agus cónaithí thar saolré gach scéime. Sa mhéid go bhfíoraítear na meastacháin seo ní thiocfaidh athrú suntasach ar an méid a mbíonn soláthar déanta dó chun na deontais a aisíoc agus an fíor-shuim a aisíoctar. Má thagann athrú suntasach ar na tosca ba bhun leis an foshuíomhanna d'fhéadfadh éifeacht suntasach a bheith aige ar na fíor-thorthaí.

**Íocaíochtaí Oibríochta Athraitheacha:**

Tá soláthar d'íocaíochtaí oibríochta inaistrithe i gcás dhá chonradh lamháltais (pairtnéireacht poiblí príobháideach), (M3 Cluain Aodha/Ceanannas agus an N18 Tollán Luimnigh) nuair a thiteann méid an tráchta faoi bhun leibhéil sonraithe. Leanfar le híocaíochtaí oibríochta inaistrithe ar an dá chonradh seo san am inmheasta atá romhainn agus tá soláthar déanta do dhliteanais san am atá le teacht sna ráitis airgeadais (Nóta 20). Tá na meastacháin ar dhliteanais amach anseo bunaithe ar shonraí tráchta a chonacthas, ar réamh-mheastacháin ar fhás sa trácht agus ar an mboilsciú. Faightear innéacsanna boilscithe ón bPraghasinnéacs Tomhaltóirí réamhaisnéise ar an tuiscint go n-ardófar na táillí dola i gcomhréir leis an inneács sin. Nuair a bheidh difríochtaí idir

an bhfíorfhás tráchta agus na réamhaisnéisí beidh éifeacht ag na difríochtaí ar na suimeanna d'íocaíochtaí oibríochta athraitheacha a bhfuil soláthar déanta dóibh.

Fabhruithe
Déanann BIÉ soláthar do gach caiteachas caipitil agus reatha ábharach tabhaithe roimh an dáta tuairiscithe ar dó a bhfuil dliteanas ar dháta na tuairisce.

Oibleagáid a bhaineann le Sochar Scoir
Déantar uasdátú bliantúil bunaithe ar na tosca eacnamaíochta reatha ar na foshuíomhanna is bonn leis an luacháil achtúireach ar dóibh a chinntear na suimeanna sna ráitis airgeadais (rátaí lascainithe, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, an ráta básmhaireachta agus an treocht i gcostas chúram sláinte san áireamh) agus d'aon athruithe ábhartha i dtéarmaí agus i gcoinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir. Is féidir éifeacht a bheith ar na foshuíomhanna ag:

(i) an ráta lascainithe, athruithe ar an ráta brabúis ar bhannaí corparáideacha d'ard-chaighdeán
(ii) leibhéil cúitimh san am atá le teacht, tosca an mhargadh fostaíochta amach anseo.

**q) Fardal**
Díscríobhtar gach tomhaltán i mbliain a cheannaithe.

# Bonneagar Iompair Éireann

## 2. Teaglamaí Gnó

Mar atá léirithe i nóta 1(a) ar pholasaí Cuntasaíochta, aistríodh sócmhainní, dliteanais agus feidhmeanna na GFI go dtí BIÉ le feidhm ó 1 Lúnasa 2015. Léirigh cuntais deiridh na GFI glansócmhainní de €888 milliún. Athbhreithníodh na glansócmhainní seo agus rinneadh coigeartú orthu nuair ba ghá chun iad a ailíniú le polasaithe cuntasaíochta BIÉ. Bé €880 milliún luach na nglansócmhainní a aistríodh go BIÉ (i ndiaidh coigeartuithe a dhéanamh a d'eascair as polasaithe cuntasaíochta difriúla). Tá na comharduithe leagtha amach anseo thíos:

| Clár comhardaithe arna ghlacadh ón GFI | Ráitis Airgeadais na GFI ar 31/07/15 €'000 | Comharduithe a glacadh ar lámha i Ráitis Airgeadais BIÉ ar 01/08/15 €'000 | Difríochtaí €'000 |
|---|---|---|---|
| Sealúchas, Gléasra agus Trealamh | 1,014,444 | 1,013,298 | (1,146) |
| Infháltais | | | |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 15,464 | 6,069 | (9,395) |
| CBL Infhaighte | 52 | 52 | 0 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | 48,972 | 48,972 | 0 |
| Iníoctaí taobh istigh de bhliain | | | |
| Cáin Chorparáide | (176) | (176) | 0 |
| Creidiúnaithe Tráchtála agus Fabhruithe | (17,847) | (17,607) | 240 |
| Soláthairtí do Dhliteanais is do Mhuirir | (141,546) | (139,880) | 1,666 |
| Iníoctaí níos mó ná bliain amháin | (31,856) | (31,856) | 0 |
| Sochair Scoir | 572 | 654 | 82 |
| **Iomlán na nGlansócmhainní** | **888,079** | **879,526** | **(8,553)** |
| Cuntas Caipitil | 824,047 | 814,629 | (9,418) |
| Maoiniú Eile | 39,860 | 39,860 | 0 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 24,172 | 25,037 | 865 |
| | **888,079** | **879,526** | **(8,553)** |

Sna figiúirí comparáideacha áirítear sna ráitis airgeadais seo ioncam agus caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí na GFI san am atá thart don tréimhse cúig mhí ó 01 Lúnasa 2015 go dtí 31 Nollaig 2015.

# Bonneagar Iompair Éireann

## 3 Deontais Stáit

Fuarthas deontais Stáit de €919m (2015: €786m) i 2016 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 31), ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na Éireann faoi na fo-chinnteidil seo:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Riarachán: | | |
| B1.3 - Riarachán | 25,396 | 22,841 |
| Iarnród Sráide agus Metro: | | |
| Clár Maoinithe Caipitil ÚNI do MBhÁC: | 110,819 | 16,625 |
| Gréasán Bóithre: | | |
| B 3.1 Tógáil agus Feabhsú na mBóithre Náisiúnta | 290,201 | 332,590 |
| B 3.2 Cothabháil agus Bainistiú na mBóithre Náisiúnta | 39,108 | 37,783 |
| B 3.4 Oibríochtaí Pairtnéireachta Poiblí Príobháideacha | 82,010 | 59,111 |
| B 3.5a Tógáil agus Feabhsú na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla * | 328,385 | 274,100 |
| B 3.5b Cothabháil agus Bainistiú na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla * | 42,829 | 42,784 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 256 | 0 |
| | 782,789 | 746,368 |
| Iomlán na nDeontas | 919,004 | 785,834 |

Ní ceadmhach deontais a úsáid ach amháin ar na cuspóirí ar dóibh a faomhadh iad.

**Deontais ón AE**

I 2016 fritheadh €0.08m (2015: €1.2m) ón Lar-Chiste i dtaca le clár an Ghréasáin Tras-Eorpaigh Iompartha.
I 2016 fritheadh €0m. (2015: €7.5m) ón Lár-Chiste mar fháltais ón gCiste Chomhtháthaithe. Tá an Ciste Comhtháthaithe druidte anois.

**Aistrithe Deontais**

Úsáideadh €5.6m (2015: €2.5m) de dheontais riaracháin chun costais phárolla agus forchostais, a bhain le tionscadail chaipitil Luas a mhaoiniú. Rinneadh caipitliú ar na costais seo faoi réir nóta 1f ar pholasaí cuntasaíochta.

***Deontais i leith Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla**

San am atá thart rinne an tÚdarás Náisiúnta Bóithre agus an RITS íocaíochtaí le húdaráis áitiúla as tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistiú bhóithre áitiúla agus réigiúnacha. I 2014, ghlac an RITS freagracht as bainistiú na n-íocaíochtaí seo agus faomhadh na n-íocaíochtaí san áireamh. Feidhmíonn BIÉ mar ghníomhaire íocaíochta agus é ag feidhmiú ar threoracha na RITS. I 2016, Rinne BIÉ íocaíochtaí dar luach €371m (nótaí 10a agus 10b) ó chistíocht a fuarthas ón RITS. Bhí an RITS ariamh freagrach, agus leanann sí de bheith freagrach, as leithdháilte bliantúla na n-údarás áitiúla i leith bhóithre áitiúla agus réigiúnacha. Anuas air seo déanann an RITS roinnt íocaíochtaí go díreach leis na húdaráis áitiúla i leith bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

**Deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFInahÉ)**

I 2016, d'éascaigh BIÉ an tÚFInahÉ trí dheontais a dháileadh ar údaráis áitiúla as an ngréasán bóithre neamh-náisiúnta. Íocaíochtaí aonuaire a bhí sna deontais d'údaráis áitiúla chun fardal a dhéanamh de shoilsiú poiblí náisiúnta – fardal a críochnaíodh go sásúil i 2016. D'íoc BIÉ na deontais uile a fuarthas ó ÚFInahÉ taobh istigh den bhliain.

# Bonneagar Iompair Éireann

## 4. Aisíoc Deontas ag Údaráis Áitiúla

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Tógáil agus Feabhsú Bhóithre Náisiúnta | 4,640 | 6,093 |
| Cothabháil agus Bainistiú Bhóithre Náisiúnta | 53 | 24 |
| | 4,693 | 6,117 |

## 5. Ioncam ó Dholaí

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Tollán Bhaile Átha Cliath | 15,126 | 13,032 |
| M50 eFlow | 118,388 | 111,248 |
| M1 Seachbhealach Iartharach Dhún Dealgan | 819 | 589 |
| M4 Cill Choca/Cionn Átha Gad | 2,728 | 1,547 |
| | 137,061 | 126,416 |

Is ionann an t-ioncam ó Dholaí agus:

a) Dolaí a tuilleadh, glan ó CBL, táillí áirithe a ghearr oibritheoirí dholaí agus íocaíochtaí idir-inoibritheachta.
b) Sciar den ioncam atá dlite faoi théarmaí an chonartha PPP do scéim M4 Cill Choca/Cionn Átha Gad agus don M1 Seachbhealach Iartharach Dhún Dealgan.

## 6. Ioncam Eile

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Riarachán | 6a | 3,246 | 2,893 |
| Iarnród Sráide & Metro | 6b | 7,662 | 3,587 |
| Gréasán Bóithre | 6c | 6,055 | 1,622 |
| | | 16,963 | 8,102 |

## 6a. Ioncam Eile – Riarachán

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin | 21e | 3,037 | 2,751 |
| Tástáil ar Ábhar do Bhóithre | | 92 | 58 |
| Díolachán Foilseachán | | 2 | 2 |
| Ioncam Ilghnéitheach | | 115 | 82 |
| | | 3,246 | 2,893 |

## 6b. Ioncam Eile – Iarnród Sráide & Metro

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Farasbarr ar Sholáthar Infreastruchtúir Luas | 3,803 | 1,888 |
| Farasbarr Glan a gineadh ó Shócmhainní Gaolmhara Luas | 2,176 | 944 |
| Ioncam ó Chíosanna | 171 | 125 |
| Tobhaigh Amúchta agus Sochair Iarchurtha | 1,512 | 630 |
| | 7,662 | 3,587 |

Sna figiúirí comparáideacha cuimsítear gach ioncam ó Iarnród Sráide & Metro ó 01 Lúnasa 2015

## 6c. Ioncam Eile – Gréasán Bóithre

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Ilghnéitheach | 626 | 350 |
| Sciar den Ioncam Reatha ó Ionaid Seirbhíse ar na Mótarbhealaí | 2,008 | 704 |
| Ioncam ó Chomhroinnt Riosca Árachais | 3,421 | 568 |
| | 6,055 | 1,622 |

**Sciar den Ioncam Reatha ó Ionaid Seirbhíse ar na Mótarbhealaí**: Rinne BIÉ Conradh PPP d'Ionaid Seirbhíse ar an M1 agus an M4 8 Deireadh Fómhair 2009. Cuimsíonn an conradh forálacha chun ioncam reatha a roinnt. Bé €2,008k (2015: €704k) an t-ioncam reatha dlite i 2016.

**Comhroinnt Riosca Árachais**: Tá clásal faoi chomhroinnt riosca árachais ag cuid de na tionscadail PPP. Faoin gclásal seo, athbhreithnítear na costais árachais gach tríú bliain, agus ag braith ar na costais a tabhadh le linn na tréimhse, is féidir go n-íocfaí cúiteamh le BIÉ nó go gcaithfeadh BIÉ é a íoc. Mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe, d'éirigh ioncam/(caiteachas) ar scéimeanna PPP mar seo a leanas:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| N18 Tollán Luimnigh | (41) | 317 |
| N25 Seachbhealach Chathair Phort Láirge | 0 | 251 |
| M1 Seachbhealach Iartharach Dhún Dealgan | 982 | 0 |
| M3 Cluain Aodha/Ceanannas | 967 | 0 |
| N6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe | 889 | 0 |
| N8 Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí | 605 | 0 |
| M7/M8 Port Laoise | 19 | 0 |
| | 3,421 | 568 |

# Bonneagar Iompair Éireann

## 7. Caiteachas

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Riarachán | 8 | 21,653 | 19,097 |
| Iarnród Sráide & Metro | 9 | 43,968 | 18,324 |
| Gréasán Bóithre | 10/11 | 807,456 | 806,668 |
| | | 873,077 | 844,089 |

## 8. Caiteachas – Costais Riaracháin

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Luach Saothair agus Costais Eile Pá | 8a | 21,593 | 14,636 |
| Costais Lóistín | 8e | 2,479 | 3,452 |
| Costais Riaracháin Eile | 8f | 2,541 | 2,745 |
| Dímheas | | 718 | 758 |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | | (3) | (3) |
| Costais Iomlána Riaracháin | | 27,328 | 21,588 |
| Lúide: Costais tuarastail agus forchostais caipitlithe | | (5,675) | (2,491) |
| Cuimsithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | | 21,653 | 19,097 |

## 8a. Luach Saothair agus Costais Eile Pá

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | | 16,485 | 10,916 |
| Ragobair | | 114 | 46 |
| Liúntais | | 4 | 8 |
| Costais Pinsin | 21a | 3,202 | 2,522 |
| Sciar an Fhostóra do Leas Sóisialta | | 1,694 | 1,061 |
| Díolaíocht agus Costais Chomhaltaí an Bhoird | 8c | 94 | 83 |
| | | 21,593 | 14,636 |

Léiríonn na figiúirí comparáideacha iarchomhaltaí den GFI ó dháta an nasctha – 1 Lúnasa 2015.

Baineadh tobhach pinsin de €494k (2015: €577k)) agus díoladh é leis an RITS.

Rinneadh íocaíochtaí de €236k le linn na bliana faoi réir théarmaí na scéime deonaí scoir de chuid na GFI. Bhí na suimeanna seo fabhraithe ina n-iomláine sa bhliain roimhe sin.

Tá ioncam sealscarúna de €1.8m curtha in aghaidh tuarastail.

# Bonneagar Iompair Éireann

## 8b. Briseadh Síos ar Shochair na bhFostaithe

| Raon iomlán shochair na bhfostaithe a tuilleadh sa bhliain<br>Ó Go dtí | Líon na bhfostaithe 2016 | Líon na bhfostaithe 2015 |
|---|---|---|
| Líon iomlán na gCoibhéisí Lánaimseartha | 261 | 169 |
| €60,000 - €69,999 | 55 | 14 |
| €70,000 - €79,999 | 47 | 10 |
| €80,000 - €89,999 | 20 | 29 |
| €90,000 - €99,999 | 28 | 12 |
| €100,000 - €109,999 | 5 | 6 |
| €110,000 - €119,999 | 7 | 1 |
| €120,000 - €129,999 | 3 | 3 |
| €130,000 - €139,999 | 1 | 1 |
| €140,000 - €149,999 | 0 | 1 |
| €160,000 - €169,999 | 1 | 0 |

Léiríonn na figiúirí comparáideacha líon na bhfostaithe agus an sochar d'iarchomhaltaí foirne na GFI ó dháta an 1 Lúnasa 2015

## 8c. Díolaíocht agus Costais Chomhaltaí an Bhoird

| | Líon na gcruinn-ithe a freastal-aíodh 2016 [as 11] | Táillí Boird 2016 €'000 | Táillí Boird 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Michael Nolan (Príomhfheidhmeannach)* | 11 | 0 | 0 |
| Cormac O'Rourke (Cathaoirleach) | 11 | 20.5 | 15.9 |
| Gary Comiskey | 9 | 12.0 | 9.7 |
| Jacqueline Cross | 10 | 12.0 | 9.7 |
| Sandra Murphy (A d'éirigh as 30/09/2015) | N/A | 0 | 6.7 |
| Seamus Neely (Ceaptha 01/11/2015)* | 11 | 0 | 0 |
| David O'Connor* | 10 | 7.9 | 9.7 |
| Virginia O'Dowd | 11 | 12.0 | 9.7 |
| Joe O'Mahony | 9 | 12.0 | 9.7 |
| Senan Turnbull | 10 | 12.0 | 9.7 |
| | | 88.4 | 80.8 |

*Faoi réir phrionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní bhfuair Michael Noonan ná Seamus Neely aon táille as bheith ina gcomhaltaí den Bhord. Ní bhfuair David O'Connor táille as bheith ina chomhalta Boird ó 1 Meán Fómhair 2016 ar aghaidh.

## 8c. Díolaíocht agus Costais Chomhaltaí an Bhoird (ar leanúint)

B'ionann na costais a íocadh le Stiúrthóirí le linn na bliana agus €6k (2015: €2k) ar a n-áirítear taisteal agus táillí cothabhála. D'eascair na costais a íocadh le Michael Noonan as é bheith ina Phríomhfheidhmeannach agus ní mar Chomhalta den Bhord. Íoctar táillí Boird ar ráta atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bhí táillí Boird Fhorais Seirbhíse Poiblí Catagóir 3 (Cathaoirleach €11,970, Stiúrthóir €7,695) i bhfeidhm i 2014 agus suas go dtí 13 Iúil 2015, agus é san áireamh, agus bhí táillí Boird Catagóir 2 (Cathaoirleach €20,520, Stiúrthóir €11,970) i bhfeidhm ó 14 Iúil 2015.

## 8d. Cúiteamh do Phríomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsigh cúiteamh do Phríomhphearsanra Bainistíochta:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail | 1,129 | 1,041 |
| | 1,129 | 1,041 |

Is éard atá i gceist le príomhphearsanra bainistíochta ná an Bord, an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí na nOibríochtaí Trachtála, Bainistíocht an Líonra, Seirbhísí Gnó, Seirbhísí Proifisiúnta, Seirbhísí Corparáideacha agus Cláir Chaipitil, na daoine úd a bhfuil an t-údarás acu agus an fhreagracht orthu gníomhaíochtaí BIÉ a phleanáil, a stiúrú is a rialú.
Mar seo a leanas a bhí luach saothair Michael Noonan (Príomhfheidhmeannach ó 01/08/2015) agus Fred Barry (Príomhfheidhmeannach go dtí 31/07/2015) atá cuimsithe i gcúiteamh do phríomhphearsanra bainistíochta:

| | Michael Nolan 2016 €'000 | Michael Nolan 01 Lún. – 31 Noll. 2015 €'000 | Fred Barry 01 Éan. – 31 Iúil 2015 €'000 | Iom-lán 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Buntuarastal | 166 | 71 | 146 | 217 |
| Ranníocaíocht Phinsin | 0 | 0 | 10 | 10 |
| Liúntas Gluaisteáin | 0 | 0 | 3 | 3 |
| | 166 | 71 | 159 | 230 |

Níor bhall é Fred Barry (Príomhfheidhmeannach go dtí 31/07/2015) de Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Bóithre. Íocadh sciar i leith pinsin le ciste scoir pearsanta ar 20% dá thuarastal go dtí 6 Márta 2015. Níor deineadh aon íocaíocht i ndiaidh an dáta seo. Bhí liúntas gluaisteáin iníoctha go dtí 6 Márta 2015. Níor íocadh aon liúntas gluaisteáin i ndiaidh an dáta seo. Is ball de scéim phinsin neamh-ranníocach é Michael Noonan.

## 8e. Costais Lóistín

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Cíos, Rátaí agus Seirbhísí | 2,019 | 2,661 |
| Solas, Teas agus Glantóireacht | 379 | 244 |
| Deisiúcháin, Cothabháil agus Slándáil | 96 | 60 |
| Trochluithe d'Áitreabh ar Léas * | (15) | 487 |
| | 2,479 | 3,452 |

* Bhí trochluithe iníoctha i leith dhá léas a chríochnaigh. Bhain na léasanna seo le cóiríocht ag Saint Martin's House, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4, a chríochnaigh ar 07 Eanáir 2016 agus ag Kildress House, Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 2 a chríochnaigh ar 30 Samhain 2015.

## 8f. Costais Eile Riaracháin

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Teileafóin agus Postas | 191 | 191 |
| Clódóireacht agus Stáiseanóireacht | 131 | 73 |
| Muirir Ríomhaireachta | 691 | 549 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | 123 | 123 |
| Taisteal agus Cothabháil Foirne go Náisiúnta | 514 | 462 |
| Taisteal agus Cothabháil Foirne go hIdirnáisiúnta | 123 | 66 |
| Táillí Iniúchóireachta | 50 | 73 |
| Leabhair agus Tréimhseacháin | 26 | 22 |
| Árachas | 73 | 98 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil - Trealamh | 59 | 28 |
| Ilnithe | 233 | 352 |
| Táillí Comhairleoireachta | 161 | 198 |
| Táillí Dlíthiúla | 166 | 243 |
| Costais Cheapachán Foirne | 0 | 267 |
| | 2,541 | 2,745 |

Tá féilteachas de €16k (2015: €25k) cuimsithe sna figiúirí thuas.

## 9. Caiteachas – Iarnród Sráide & Metro

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas | 42,816 | 17,807 |
| Rátaí Údarás Áitiúla | 580 | 243 |
| Bearnú Sócmhainní | 39 | 196 |
| Costais Forbartha Thionscadail | 533 | 78 |
| Caiteachas ar Iarnród Sráide & Metro | 43,968 | 18,324 |

Sna figiúirí comparáideacha, cuimsítear gach caiteachas ar Iarnród Sráide & Metro ó 01 Lúnasa 2015 ar aghaidh.

## 10. Caiteachas – Gréasán Bóithre

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tógáil agus Feabhsú Bóithre | 10a | 566,655 | 566,164 |
| Cothabháil agus Bainistiú Bóithre | 10b | 88,634 | 88,935 |
| PPP, Oibríochtaí Tolláin agus Córas Dola | 11 | 151,280 | 143,320 |
| Deontais ó ÚFInahÉ d'údaráis áitiúla | | 256 | 0 |
| Caillteanas Dímheasa agus Bearnaithe | | 595 | 7,996 |
| Easnamh ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta | | 85 | 258 |
| Amúchadh Sochar Iarchurtha | | (49) | (5) |
| | | 807,456 | 806,668 |

## 10a. Tógáil agus Feabhsú Bóithre

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta | 168,098 | 207,990 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla* | 328,385 | 274,099 |
| Íocaíochtaí Eile | 70,172 | 84,075 |
| | 566,655 | 566,164 |

*San am atá thart rinne an tÚdarás Náisiúnta Bóithre íocaíochtaí le húdaráis áitiúla as tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistiú bhóithre áitiúla agus réigiúnacha. I 2014 ghlac an RITS an fhreagracht uirthi féin as bainistiú na n-íocaíochtaí seo, a bhfaomhadh chun íocaíochta san áireamh. Gníomhaíonn an BIÉ anois mar ghníomhaire íocaíochta agus déanann sé na híocaíochtaí ábhartha ar threoir ón RITS. I 2016, rinne an BIÉ íocaíochtaí de €371m. (nótaí 10a agus 10b) ó chistíocht a fuarthas ón RITS. Bhí an RITS freagrach i gcónaí, agus tá fós, as cinntí a ghlacadh faoi leithdháiltí bliantúla le húdaráis áitiúla i leith bóithre áitiúla agus réigiúnacha. De bhreis ar an méid thuas, déanann an RITS íocaíochtaí áirithe le húdaráis áitiúla as bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

Cuimsíonn íocaíochtaí eile caiteachais ar thionscadail a bhaineann le hathnuachan sócmhainní ar an ngréasán mhótarbhealaí ar a n-áirítear forleagan chosáin, comharthaí agus línte, athsholáthar agus deisiú bhacainní, obair athnuachana ar dhroichid, obair fhaoisimh ar thuilte agus bearta sábháilteachta

## 10b. Cothabháil agus Bainistiú Bóithre

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta | 31,497 | 28,248 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla* | 42,829 | 42,785 |
| Íocaíochtaí Eile | 14,308 | 17,902 |
| | 88,634 | 88,935 |

Cuimsíonn caiteachas i 2016 íocaíochtaí de €3.66m (2015: €8.83m) a rinneadh le húdaráis áitiúla chun na costais a chlúdach a ghabh le bearta réitigh agus eadrána a d'eascair as tionscadail tógála bóithre. Cuimsíonn na figiúirí CBL, táillí dlí, comhairleoirí innealtóireachta agus réiteora.

* San am atá thart rinne an tÚdarás Náisiúnta Bóithre íocaíochtaí le húdaráis áitiúla as tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistiú bhóithre áitiúla agus réigiúnacha. I 2014 ghlac an RITS an fhreagracht uirthi féin as bainistiú na n-íocaíochtaí, a bhfaomhadh chun íocaíochta san áireamh. Gníomhaíonn an BIÉ anois mar ghníomhaire íocaíochta agus déanann sé na híocaíochtaí ábhartha ar threoir ón RITS. Rinne an BIÉ íocaíochtaí d'ar n-iomlán dóibh €371m (nótaí 10a agus 10b) ó chistíocht a fuarthas ón RITS. Bhí an RITS freagrach i gcónaí, agus tá fós, as cinntí a ghlacadh faoi leithdháiltí bliantúla le húdaráis áitiúla i leith bóithre áitiúla agus réigiúnacha. De bhreis ar an méid thuas, déanann an RITS íocaíochtaí áirithe le húdaráis áitiúla as bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

Cuimsíonn íocaíochtaí eile caiteachas ar; ceannach agus stóráil salainn; gnáth-chothabháil ar an ngréasán mótarbhealaí ar a n-áirítear baint an fhéir, seirbhísiú geimhridh agus cothabháil na gcóras draenála; monatóireacht ar shócmhainní pábhála na mbóithre náisiúnta; agus soláthar na gcóras monatóireachta ar aimsir gheimhridh is ar chothabháil thuarthach.

## 11. Pairtnéireachtaí Poiblí Príobháideacha, Oibríochtaí Tolláin agus Córas Dola

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Costais Choimhdeachta | 11a | 15,247 | 13,889 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le hOibríochtaí Phairtnéireachtaí Poiblí Príobháideacha | 11b | 86,879 | 79,797 |
| Oibríochtaí Tolláin agus Córas Dola | 11c | 49,154 | 49,634 |
| | | 151,280 | 143,320 |

## 11a. Costais Choimhdeachta

Baineann na costais choimhdeachta a d'éirigh as le pleanáil scéimeanna, le maoirsiú scéimeanna, le seirbhísí comhairleoireachta airgeadais, dlíthiúla agus teicniúla, le seirbhísí idir-inoibritheachta, le fógraí reachtúla agus le margaíocht.

# Bonneagar Iompair Éireann

## 11b. Íocaíochtaí i leith Oibriú na Scéimeanna Pairtnéireachta Poiblí Príobháideacha

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| N25 Seachbhealach Chathair Phort Láirge | 6,880 | 7,059 |
| N18 Tollán Luimnigh | 594 | 3,994 |
| M50 Uasghrádú | 18,799 | 18,563 |
| N6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe | 21,281 | 20,458 |
| M3 Cluain Aodha/Ceanannas | 13,727 | 16,270 |
| M7/M8 Port Laoise | 3,401 | 3,927 |
| M1 Seachbhealach Iartharach Dhún Dealgan | 173 | 202 |
| N8 Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí | 3,519 | 4,824 |
| M4/M6 Cill Choca/Cionn Átha Gad | 316 | 528 |
| N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi | 15,424 | 3,972 |
| M17/M18 An Gort go Tuaim | 2,765 | 0 |
| | 86,879 | 79,797 |

San áireamh sna híocaíochtaí oibríochta tá suimeanna de €3.1m (2015: nil) a d'eascair as réitigh.

## 11c. Oibríochtaí Tolláin BIÉ agus an Córas Dola

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Tollán Bhaile Átha Cliath | 12,209 | 11,398 |
| M50 eFlow | 32,590 | 34,730 |
| Tollán Jack Lynch | 4,355 | 3,506 |
| | 49,154 | 49,634 |

Baineann na costais seo le costais oibríochta, costais a bhaineann le bailiú dola, muirir drochfhiacha agus muirir an údaráis áitiúil ar Thollán Bhaile Átha Cliath; agus ar na costais a bhaineann le bailiú dola, muirir drochfhiacha agus rátaí an údaráis áitiúil ar an M50 eFlow agus costais oibríochta Thollán Jack Lynch.

# Bonneagar Iompair Éireann

## 11d. Cur síos ginearálta ar na scéimeanna

**N25 Seachbhealach Chathair Phort Láirge**

Deonadh conradh PPP N25 Sheachbhealach Chathair Phort Láirge ar chuibhreannas an Celtic Roads Group (Waterford) Ltd.mí Aibreáin 2006. Conradh é ar lamháltas thréimhse 30 bliain. Chuimsigh an scéim tógáil sheachbhealach an N25 a shíneann ó Chill Mhíodáin i gCo. Phort Láirge go dtí Sliabh Rua i gCo. Chill Chainnigh. Trasnaíonn an bealach Abhainn na Siúire ag an nGreanach, rud a chuireann an dara mór-dhroichead ar fáil do Phort Láirge agus a ligeann do thrácht ar bhealach N25 Corcaigh go Ros Láir gabháil thar an chathair. Chuimsigh an scéim tógáil thart faoi 23km de dhébhealach, droichead thar Abhainn na Siúire atá 475m ar fhaid agus thart faoi 4km de bhealach singil. Chuimsigh an conradh 11km breise de thaobh-bhóithre agus de cheangail agus 2km d'athailíniú iarnróid. Osclaíodh an scéim, a bhfuil dola uirthi, do thrácht mí Dheireadh Fómhair 2009.

**N18 Tollán Luimnigh**
Deonadh conradh PPP Thollán Luimnigh ar bhonn lamháltais 35 bliana mí Lúnasa 2006 ar chuibhreannas The Direct Route (Limerick). Chuimsigh Scéim PPP Thollán Luimnigh tógáil thart faoi 10km de dhébhealach nua chomh maith le nascbhóithre agus taobh-bhóithre. Chuimsigh an tollán a thrasnaíonn Abhainn na Sionainne, tiúb-thollán timpeall 0.9 km ar fhaid, a nascann Uí Chuanach, baile fearainn ar an mbruach thuaidh le Bun Leice, baile fearainn ar an mbruach theas Abhainn na Sionainne. D'oscail an scéim, a bhfuil dola uirthi idir acomhal 2 agus acomhal 4, do thrácht mí Iúil 2010

**M50 Uasghrádú**
Deonadh an conradh PPP d'Uasghrádú an M50 mí Mheán Fómhair 2007 agus tréimhse chonartha 35 bliana ag dul leis do M50 Concession Limited. Chuimsigh Conradh PPP Uasghrádaithe an M50 leathnú 24 km den M50 ón taobh theas d'acomhal Thurnapin M1/M50 go dtí acomhal an N3 agus ón taobh theas d'acomhal Bhaile an Mhóta go dtí acomhal Átha an Ghainimh, ar a áiríodh uasghrádú na n-acomhal ar na píosaí seo. Osclaíodh go hoifigiúil na codanna uasghrádaithe den M50 mí Mhean Fómhair 2010.

De bhreis ar chonradh PPP Uasghrádaithe an M50, deonadh conarthaí ar leith (i) chun thart faoi 8km de charrbhealach príomhlíne idir an N4 (Acomhal 7) agus Baile an Mhóta (Acomhal 10) a leathnú maille le huasghrádú acomhal N4, N7 agus Bhaile an Mhóta anuas agus (ii) ar leathnú 1.3km de mhótarbhealach ó dheas ó acomhal N3. Críochnaíodh iad uile i 2008. .Forchúiteoidh an chuideachta PPP a hinfheistiú trí íocaíochtaí infhaighteacht ó BIÉ. Tá dola ar an M50 idir Acomhal 6 agus Acomhal 7 agus é ar ceadúnas ar leith le conraitheoir seirbhíse dola.

**N6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe**

Deonadh an conradh PPP N6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe ar chuibhreannas N6 (Concessions) Limited mí Aibreáin 2007. Is do thréimhse lamháltais 30 bliain an conradh. Chuimsigh an scéim tógáil thart faoi 56km de dhébhealach, nascbhóthar 7 km go dtí seachbhealach Bhaile Locha Riach, 32 km de thaobhbhóithre agus cúig acomhal ilairde. Síneann an scéim ó Dhabhach Uisce, ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe, go dí an N6 mar atá sé ar an taobh thoir de Bhéal Átha na Sluaighe i gCo. Ros Comáin. Osclaíodh an scéim, a bhfuil dola uirthi idir acomhal 15 agus acomhal 16, do thrácht mí na Nollag 2009.

**M3 Cluain Aodha/Ceanannas**
Deonadh conradh M3 Cluain Aodha/Ceanannas ar chuibhreannas EuroLink Motorway Operations Ltd. Deonadh an conradh mí Márta 2007 agus is do 45 bliain é, an tréimhse tógála san aíreamh.

Bhí i gceist leis an scéim tógáil mótarbhealaí, a ghabhann thar Dún Búinne, Dún Seachlainn, An Uaimh, Ceanannas agus Carn na Ros, 47km ar fhaid agus atá nasctha ag bóithre coimhdeachta taobh istigh den ghréasán bóithre a bhí ann roimhe trí acomhail ilairde ag an mBealach, Dún Seachlainn, Baile Bhluindéil, Cill an Chairn, Bóthar Bhaile Átha Buí agus Ceanannas. Cuimsíonn an scéim iomlán 10 km de bhóthar don Dhébhealach N3 nua ó Cheanannas go Carn na Ros agus 4km den Seachbhealach N52 go Ceanannas.

Tógadh 4km breise de Dhébhealach Tánaisteach Cineál 1 agus iomlán de 40km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Thairis sin, bhí gá le breis is 100 struchtúr ar a n-áirítear 62 droichead, lintéir agus ballaí coinneála. Osclaíodh an scéim, a bhfuil dolaí air idir acomhal 5 is 6 agus idir acomhal 9 agus 10, mí an Mheithimh 2010.

**M7/M8 Port Laoise**
Deonadh an conradh PPP M7/M8 Port Laoise do chuibhreannas Celtic Roads Group (Portlaoise). Deonadh an conradh mí an Mheithimh 2007 agus is do thréimhse lamháltais 30 bliain é. Cuimsíonn an tionscadal, a sholáthraíonn seachbhealaí ag Mainistir Laoise, Darú, An Chúlchoill, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin agus Buiríos Mór Osraí tógáil mótarbhealaí le dola atá 41km ar fhaid. Tá acomhail ilairde ag Port Laoise, ag Buiríos Mór Osraí agus ag Ráth Domhnaigh chomh maith le hacomhal mótarbhealach go mótarbhealach ag Acadh Bhó. Chuimsigh an scéim freisin nascbhóthar réigiúnach nua, 3km ar fhaid, ón mótarbhealach siar go Buiríos Mór Osraí. Tá thart faoi 15km de thaobh-bhóithre i gceist.. Osclaíodh an scéim do thrácht, a bhfuil dola uirthi, mí na Bealtaine 2010.

## 11d. Cur síos ginearálta ar na scéimeanna (ar leanúint)

**M1 Seachbhealach Iartharach Dhún Dealgan**
Deonadh an conradh do Sheachbhealach Iartharach Dhún Dealgan an M1 ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Dundalk) Ltd. mí Feabhra 2004. Is do thréimhse lamháltais 30 bliain an conradh. Chuimsigh an scéim tógáil, oibriú agus cothabháil stráice de bhóthar atá 11km ar fhaid ar chuid é príomhbhealach náisiúnta an N1/M1 i gcomharsanacht bhaile Dhún Dealgan, Co. Lú, chomh maith le 8km de thaobh bhóithre agus de ceangaltáin. Críochnaíodh an obair tógála i 2005. Cuimsíonn an tionscadal chomh maith oibriú agus cothabháil an mhótarbhealaigh atá cheana féin ann agus atá timpeall 42km ar fhaid i.e. Seachbhealach Dhún Léire agus Mótarbhealach Dhún Léire/Dhún Dealgan chomh maith le hoibriú agus le cothabháil na n-áiseanna dola idir acomhal 7 agus acomhal 10 ar scéim an M1 (Baile Mhic Gormáin go Mainistir Bheithe).

**N8 Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí**
Deonadh an conradh don N8 Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí ar chuibhreannas Direct Route (Fermoy) Ltd. Deonadh an conradh mí an Mheithimh 2004 agus is do thréimhse lamháltais 30 bliain é. Ar na dualgais chonarthacha atá ar an gcuibhreannas tá dearadh, tógáil, cothabháil, oibriú, ath-infheistú agus maoiniú na scéime. Osclaíodh an scéim, a bhfuil dol uirthi idir acomhal 14 agus acomhal 17, do thrácht mí Dheireadh Fómhair 2006.

**M4 M6 Cill Choca/Cionn Átha Gad**
Deonadh conradh PPP an M4/M6 Cill Choca/Cionn Átha Gad ar EuroLink mí Márta 2003. Is do thréimhse lamháltais 30 bliain an conradh. Bhí i gceist leis an scéim tógáil 39 km de mhótarbhealach, ar a n-áirítear 19 tardhroichead, 7 fodhroichead agus 3 íosbhealach. Osclaíodh an scéim, a bhfuil dola uirthi idir acomhal 8 agus acomhal 10, do thrácht mí na Nollag 2005.

**N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi**
Deonadh conradh PPP an N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi ar Arklow/Rathnew PPP Ltd. mí Aibreáin 2013. Cuimsíonn conradh an N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart faoi 16.5km de dhébhealach ar theascachán ón Inbhear Mór go Ráth Naoi den N11, oibriú agus cothabháil stráice breise 30km den M11/N11 mar atá sé (An tInbhear Mór-Guaire agus Seachbhealach an Inbhir Mhóir), dearadh agus tógáil Ionad Seirbhíse Ghuaire ar an N11 agus dearadh, tógáil, oibriú is cothabháil an Uasghrádaithe ag Acomhal Chrois an Fhearainn Nua ar an N7. Críochnaíodh stráice Chrois an Fhearainn Nua mí na Samhna 2014 agus osclaíodh stráice an Inbhir Mhóir/Ráth Naoi mí Iúil 2015. Is é 25 bliain tréimhse oibríochta an chonartha ón am a críochnaíodh an scéim agus forchúiteoidh an chuideachta PPP a costais infheistithe trí íocaíochtaí infhaighteachta ó Bhonneagar Iompair Éireann.

**M17/M18 An Gort go Tuaim**
Deonadh Scéim PPP an M17/M18 PPP ar chuibhreanas DirectRoute (Tuam) Ltd. mí Aibreán 2014. Cuimsíonn Conradh PPP an M17/M18 dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart faoi 53km de mhótarbhealach chomh maith le dearadh agus tógáil 4km de dhébhealach. Soláthróidh an scéim seachbhealaí do Dhroichead an Chláirín, do Bhaile Chláir is do Thuaim. Is é 25 bliain tréimhse oibríochta an chonartha ón am a críochnaíodh an scéim agus forchúiteoidh an chuideachta PPP a costais infheistithe trí íocaíochtaí infhaighteachta ó Bhonneagar Iompair Éireann. Osclófar an scéim do thrácht i 2017.

**M11 Guaire–Inis Córthaidh**
Deonadh an conradh PPP an M11 Guaire go hInis Córthaidh ar Gorey to Enniscorthy M11 PPP Limited mí Dheireadh Fómhair 2015. Cuimsíonn an conradh PPP dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart faoi 31.4 km de dhébhealach (bealaí M11 agus "Nascbhóthar N80") agus dearadh, tógáil agus maoiniú 8.0km de charrbhealach singil (bealach N30). Is é 25 bliain tréimhse oibríochta an chonartha ón am a críochnaíodh an scéim agus forchúiteoidh an chuideachta PPP a costais infheistithe trí íocaíochtaí infhaighteachta ó BIÉ. Táthar ag súil go n-osclóidh an scéim do thrácht i 2019.

**N25 Seachbhealach Ros Mhic Thriúin**

Deonadh an conradh don Scéim PPP do Sheachbhealach Ros Mhic Thriúin ar an N25 don N25 Bypass Designated Activity Company mí Eanáir 2016. Cuimsíonn Seachbhealach Ros Mhic Thriúin ar an N25, atá molta, tógáil codanna de bhealaí N25 agus N30 araon. Samhlaítear, ach go háirithe, go gcuimseoidh an Scéim PPP oibreacha ar dhébhealach de thart ar 13.6km (bealaí N25 agus N30) agus 1.2km de charrbhealach aonair (bealach N30 Ros Mhic Thriúin). Is í tréimhse an chonartha oibríochta ná 25 bliain ón am a chríochnaítear an scéim agus forchúiteoidh an Chuideachta PPP a cuid costas infheistíochta le híocaíochtaí infhaighteachta ó BIÉ. Táthar ag súil go mbeidh an scéim á oscailt do thrácht i 2019.

## 12. Ús agus Muirir Airgeadais Eile

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Muirir Airgeadais Eile | 12a | 1,811 | 1,425 |
| CostasLéasanna Airgeadais | | 45 | 50 |
| Muirir Airgeadais a bhaineann le Dliteanais Lamháltas Seirbhíse | | 29,019 | 23,480 |
| Muirir Airgeadais a bhaineann le Dliteanais Cheannach Amach an M50 | | 7,354 | 9,966 |
| | | 38,229 | 34,921 |

## 12a. Muirir Airgeadais Eile

Faoi FRS 102, tá glanmhéid an úis ar dhliteanais na scéime pinsin sochar sainithe agus an brabús a bhfuil coinne leis ar shócmhainní de Faoi FRS 102, tá glanmhéid an úis ar dhliteanais na scéime pinsin sochar sainithe agus an brabús a bhfuil coinne leis ar shócmhainní de €1.811m taifeadta mar mhuirear airgeadais gar d'ús (2015: €1.425m) féach nóta 21b.

## 13. Cuntas Caipitil

| | 2016 €'000 | 2016 €'000 | 2015 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ar 01 Eanáir | | 1,974,385 | | 1,158,359 |
| Riarachán: | | | | |
| Glacadh ar lámha deontas Caipitil ón GFI ar 01.08.15 | - | | | 345 |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 2,110 | | 4,130 | |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas | (718) | | (758) | |
| Diúscairtí | (3) | | - | |
| **De Réir an Ráitis ar Ioncam agus ar Chaiteachas** | | 1,389 | | 3,372 |
| Iarnród Sráide agus Metro | | | | |
| Glacadh ar lámha deontas Caipitil ón GFI ar 01.08.15 | - | | | 814,284 |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 116,080 | | 19,012 | |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas | (41,181) | | (17,118) | |
| Caillteanas bearnaithe | (39) | | (196) | |
| **De Réir an Ráitis ar Ioncam agus ar Chaiteachas** | | 74,860 | | 1,698 |
| Aistriú ó sholáthairtí | | 9,246 | | 3,914 |
| Aistriú chuig creidiúnaithe | | (1,982) | | - |
| Gréasán Bóithre | | | | |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 6,863 | | 11,220 | |
| Ioncam a úsáideadh chun lamháltas seirbhíse a mhaoiniú | 47,314 | | 7,325 | |
| Ioncam a úsáideadh chun léas airgeadais a mhaoiniú | 227 | | 227 | |
| Scaoileadh i gcomhréir le muirir airgeadais | (23,435) | | (17,875) | |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas | (595) | | (7,996) | |
| Diúscairtí | (85) | | (488) | |
| **De Réir an Ráitis ar Ioncam agus ar Chaiteachas** | | 30,289 | | (7,587) |
| Ar 31 Nollaig 2016 | | 2,088,187 | | 1,974,385 |

## 14. Sealúchas, Gléasra agus Trealamh

| | Infreastruchtúr an Iarnróid Sráide & an Metro €'000 | Sócmhainní Iarnróid Sráide & Metro á dTógáil €'000 | Infreastruchtúr an Ghréasáin Bóithre €'000 | Gréasán Bóithre á Thógáil €'000 | Rothstoc & Trealamh €'000 | Troscán, Gléasra & Trealamh €'000 | Feabhsú ar Áitribh Léasacha €'000 | Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2016 | 1,096,008 | 126,949 | 1,979,671 | 321,726 | 197,711 | 3,831 | 7,535 | 1,362 | 3,734,793 |
| Breiseanna sa tréimhse | 1,006 | 126,273 | 2,505 | 104,133 | 0 | 18 | 2,213 | 340 | 236,488 |
| Diúscairtí | (454) | 0 | (103) | 0 | 0 | (960) | (643) | (70) | (2,230) |
| Lagú | 0 | (39) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | (39) |
| **Ar Nollaig 2016** | 1,096,560 | 253,183 | 1,982,073 | 425,859 | 197,711 | 2,889 | 9,105 | 1,632 | 3,969,012 |
| **Dímheas Carnaithe** | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2016 | 293,490 | 0 | 47,100 | 0 | 106,559 | 3,597 | 1,640 | 1,077 | 453,463 |
| Muirir dímheasa | 32,397 | 0 | 367 | 0 | 10,419 | 106 | 636 | 204 | 44,129 |
| Diúscairtí | (454) | 0 | (18) | 0 | 0 | (956) | (643) | (70) | (2,141) |
| **Ar Nollaig 2016** | 325,433 | 0 | 47,449 | 0 | 116,978 | 2,747 | 1,633 | 1,211 | 495,451 |
| **Leabharluach Glan** | | | | | | | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2016** | 771,127 | 253,183 | 1,934,624 | 425,859 | 80,733 | 142 | 7,472 | 421 | 3,473,561 |
| **Costas** | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2015 | 0 | 0 | 1,969,738 | 177,101 | 0 | 2,224 | 2,331 | 1,500 | 2,152,894 |
| Glactha ar lámha ón GFI ar 01.08.15 | 1,095,960 | 101,523 | 0 | 0 | 197,711 | 3,836 | 668 | 0 | 1,399,698 |
| Breiseanna sa tréimhse | 48 | 25,622 | 11,365 | 144,625 | 0 | 2 | 4,536 | 308 | 186,506 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | (1,432) | 0 | 0 | (2,231) | 0 | (446) | (4,109) |
| Lagú | 0 | (196) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | (196) |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | 1,096,008 | 126,949 | 1,979,671 | 321,726 | 197,711 | 3,831 | 7,535 | 1,362 | 3,734,793 |
| **Dímheas Carnaithe** | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2015 | 0 | 0 | 40,224 | 0 | 0 | 1,992 | 528 | 1,379 | 44,123 |
| Glactha ar lámha ón GFI ar 01.08.15 | 280,043 | 0 | 0 | 0 | 102,198 | 3,517 | 642 | 0 | 386,400 |
| Muirir dímheasa | 13,447 | 0 | 7,820 | 0 | 4,361 | 319 | 470 | 144 | 26,561 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | (944) | 0 | 0 | (2,231) | 0 | (446) | (3,621) |
| | 293,490 | 0 | 47,100 | 0 | 106,559 | 3,597 | 1,640 | 1,077 | 453,463 |
| **Leabharluach Glan** | | | | | | | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | 802,518 | 126,949 | 1,932,571 | 321,726 | 91,152 | 234 | 5,895 | 285 | 3,281,330 |

## 15. Infháltais

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Ioncam Dola | 8,481 | 12,547 |
| Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile | 12,397 | 11,345 |
| | 20,878 | 23,892 |

Áirítear san ioncam dola suim de €8.5m atá infhaighte ag deireadh na bliana i leith Thollán Bhaile Átha Cliath agus eFlow ar an M50 suimeanna a bheidh iníoctha le BIÉ ag oibritheoirí dola agus eisíann sé táillí de €5.2m (2015: €4.9m) ar an eFlow a mheasann an t-oibritheoir dola bheith do-infhaighte.

Cuimsíonn Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile €138k atá dlite i ndiaidh bliana amháin (2015: €282k)

## 16. Iníocaíochtaí (Suimeanna Dlite Taobh Istigh de Bhliain Amháin)

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe | | 59,510 | 53,844 |
| Dliteanas Cheannach Amach an M50 | 19 | 53,168 | 54,900 |
| CBL | | 45,821 | 7,537 |
| Dliteanas Lamháltas Seirbhíse | 19 | 12,503 | 10,736 |
| Iníocaíochtaí Oibríochta Inaithreacha | 19 | 5,943 | 6,515 |
| Ioncam iarchurtha ó Luas Iarthar na Cathrach | | 1,309 | 1,309 |
| Tuarastail | | 541 | 476 |
| Dualgais faoi Léasanna Airgeadais | 19 | 227 | 227 |
| Ioncam Iarchurtha | | 95 | 145 |
| | | 179,117 | 135,689 |

## 17. Iníocaíochtaí (Suimeanna Dlite i nDiaidh Bliana Amháin)

| | Nóta | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Dliteanas Lamháltas Seirbhíse | 19 | 594,912 | 517,756 |
| Dliteanas Cheannach Amach an M50 | 19 | 107,421 | 152,300 |
| Ioncam iarchurtha ó Luas Iarthar na Cathrach* | | 28,784 | 30,093 |
| Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe | | 3,368 | 1,919 |
| Dliteanais faoi Leasanna Airgeadais | 19 | 1,417 | 1,599 |
| | | 735,902 | 703,667 |

*Áirítear sna creidiúnaithe ioncam iarchurtha a léiríonn luach shealúchais agus sheirbhísí atá curtha ar fáil ag tríú páirtithe i leith fhorbairt Luas Iarthar na Cathrach. Scaoiltear an t-ioncam leis an gcuntas ioncaim agus caiteachais faoi réir dhímheasa ar na sócmhainní a fhreagraíonn dó.

## 18. Ceangaltais

### 18a. Ceangaltais a bhaineann le Léasanna Oibríochta

| Ar 31 Nollaig 2016, bhí na híocaíochtaí íosmhéid seo a leanas ag BIÉ faoi léasanna oibríochta neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas: | Talamh & Foirgnimh €'000 |
|---|---|
| Iníoctha taobh istigh de bhliain | 1,579 |
| Iníoctha taobh istigh de thréimhse dhá go cúig bhliain | 6,315 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 14,230 |

Bhí €1,565k (2015: €2,789k) ar léasanna oibríochta a aithníodh mar chostas:

a. Ghlac BIÉ le léas 16 bliana agus 7 mí ó 01 Eanáir 2015 i dtaca le cóiríocht ag Bloc A, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8. Éagann an léas ar 31 Iúil 2031 agus is é €568k sa bhliain an cíos.

b. Ghlac BIÉ ar lámha dhá léas ón GFI i dtaca le cóiríocht ar Shráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8:

Bloc B: Léas 25 bliana ó 01 Lúnasa 2006 go dtí 31 Iúil 2031. Is é €516k sa bhliain an cíos atá iníoctha.

Bloc C: Léas 28 bliana ó 29 Meán Fómhair 2001 go dtí 28 Meán Fómhair 2029. Is é €494k sa bhliain an cíos atá iníoctha.

c. Tháinig deireadh leis an léas i dtaca le cóiríocht ag Saint Martin's House, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4 ar 07 Eanáir 2016. Bé €20k an cíos a íocadh i 2016 (2015: €1,050k).

d. Tháinig deireadh leis an léas i dtaca le cóiríocht ag Kildress House, Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 2 ar 30 Samhain 2015. Bé €nil an cíos a íocadh i 2016 (2015: €194k).

## 18b. Ceangaltais faoin nGréasán Bóithre

D'athshonraigh an RCPA faoin gCód Caiteachais Phoiblí (leagan Shamhain 2013) teorainneacha na gceangaltas conarthaíochta a bhí sonraithe roimhe sin ag an Roinn Airgeadais. Tá BIÉ tar éis anailís a dhéanamh ar na ceangaltais chonarthaíochta san am atá le teacht, ar costais iad a thagann faoi réir athraithis chandamacha agus ama, agus seo iad mar a leanas :

| Bliain | Ceangaltas € Milliún | Maoiniú caipitil faofa ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do BIÉ 2017-2019 € Milliún | Ceangaltas mar % den leithroinnt bhliantúil | Ceangaltas faofa ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar % den leithroinnt bhliantúil |
|---|---|---|---|---|
| 2017 | 286 | 399 | 72% | 75% |
| 2018 | 222 | 434* | 51% | 60% |
| 2019 | 237 | 470* | 50% | 50% |

*Tá an Leithroinnt Deontais le cinntiú

## 18c. Ceangaltais do Phairtnéireachtaí Poiblí Príobháideacha :

| Suim Ainmniúil: | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| N25 Seachbhealach Chathair Phort Láirge | 39,279 | 47,375 |
| N18 Tollán Luimnigh | 32,839 | 38,272 |
| M50 Uasghrádú | 544,282 | 572,377 |
| N6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe | 51,594 | 72,881 |
| M3 Cluain Aodha/Ceanannas | 266,736 | 289,186 |
| M7/M8 Port Laoise | 7,653 | 11,214 |
| M1 Seachbhealach Iartharach Dhún Dealgan | 3,133 | 3,055 |
| N8 Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí | 15,667 | 19,186 |
| M4/M6 Cill Choca/Cionn Átha Gad | 5,375 | 5,771 |
| N11 An tInbhear Mór/Ráth Naoi | 296,435 | 308,171 |
| M17 / M18 An Gort go Tuaim | 608,132 | 655,848 |
| M11 Guaire/Inis Córthaidh | 252,280 | 253,320 |
| N25 Seachbhealach Ros Mhic Thriúin | 161,237 | 0 |
| | 2,284,642 | 2,276,656 |

Cuimsíonn na ceangaltais seo costais mhaoinithe, oibríochta agus saolré a bhfuil fágtha de shaol an chomhaontaithe. Tá siad innéacsaithe @ 2% le go mbeadh neasluach acu a thiocfadh gar don phraghasinnéacs tomhaltóirí agus níl siad lascainithe go dtí a luach reatha.

## 18d. Ceangaltais Caipitil Iarnród Sráide agus Metro

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Ní raibh soláthar sna ráitis airgeadais do na ceangaltais caipitil seo a leanas a d'fhaomhaigh an Bord: | | |
| Conradh déanta ina leith ach gan soláthar déanta | 71,424 | 157,696 |
| Údaraithe ach gan conradh déanta ina leith | 46,618 | 24,501 |
| | 118,042 | 182,197 |

## 19. Ceangaltais a bhaineann le Léasanna Airgeadais

| Mar seo a leanas atá íosmhéid na n-íocaíochtaí léasa san am atá le teacht ar 31 Nollaig 2016: | Lamháltas Seirbhíse €'000 | Íocaíochtaí Oibríochta Inathraitheacha €'000 | Ceannach Amach an M50 €'000 | Oifig um Bhóithre Náisiúnta Dhún na nGall* €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Níos lú ná bliain amháin | 12,503 | 5,943 | 53,168 | 227 | 71,841 |
| I ndiaidh bliana amháin ach roimh cúig bliana | 173,223 | 31,585 | 121,196 | 907 | 326,911 |
| I ndiaidh cúig bliana | 818,837 | 164,289 | 0 | 680 | 983,806 |
| Grósíocaíochtaí Iomlána | 1,004,563 | 201,817 | 174,364 | 1,814 | 1,382,558 |
| Lúide: Muirir Airgeadais | (397,148) | (68,606) | (13,775) | (170) | (479,699) |
| Méid an dliteanais atá á iompar | 607,415 | 133,211 | 160,589 | 1,644 | 902,859 |
| Rangaithe mar: | | | | | |
| - Iníocaíochtaí (suimeanna dlite taobh istigh de bhliain amháin) | 12,503 | 5,943 | 53,168 | 227 | 71,841 |
| - Iníocaíochtaí (suimeanna dlite tar éis bliana amháin) | 594,912 | 127,268 | 107,421 | 1,417 | 831,018 |

Tá na dliteanais airgeadais thuasluaite tomhaiste mar chostas amúchta.

*Ghlac BIÉ le léas bliain is fiche ó 1 Márta 2004 le Comhairle Chontae Dhún na nGall i leith iostas na hOifige um Bhóithre Náisiúnta Dhún na nGall Is é €227k sa bhliain an cíos.

## 19. Ceangaltais a bhaineann le Léasanna Airgeadais (ar leanúint)

| Mar seo a leanas atá íosmhéid na n-íocaíochtaí léasa san am atá le teacht ar 31 Nollaig 2016: | Lamháltas Seirbhíse €'000 | Íocaíochtaí Oibríochta Inathraitheacha €'000 | Ceannach Amach an M50 €'000 | Oifig um Bhóithre Náisiúnta Dhún na nGall €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Níos lú ná bliain amháin | 10,736 | 6,515 | 54,900 | 227 | 72,378 |
| I ndiaidh bliana amháin ach roimh cúig bliana | 155,982 | 34,035 | 174,364 | 907 | 365,288 |
| I ndiaidh cúig bliana | 718,350 | 174,690 | 0 | 907 | 893,947 |
| Grósíocaíochtaí Iomlána | 885,068 | 215,240 | 229,264 | 2,041 | 1,331,613 |
| Lúide: Muirir Airgeadais | (356,576) | (74,546) | (22,064) | (215) | (453,401) |
| Méid an dliteanais atá á iompar | 528,492 | 140,694 | 207,200 | 1,826 | 878,212 |
| Rangaithe mar: | | | | | |
| - Iníocaíochtaí (suimeanna dlite taobh istigh de bhliain amháin) | 10,736 | 6,515 | 54,900 | 227 | 72,378 |
| - Iníocaíochtaí (suimeanna dlite tar éis bliana amháin) | 517,756 | 134,179 | 152,300 | 1,599 | 805,834 |

Tá na dliteanais airgeadais thuasluaite tomhaiste mar chostas amúchta.

## 20. Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir

| | Íocaíochtaí Oibríochta Inath-raitheacha €'000 | Deontais Inaisíoctha €'000 | Soláthairtí do Thionscadail €'000 | Athchóiriú Ráillí €'000 | Athstruchtúrú €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar 01 Eanáir | 134,179 | 115,705 | 567 | 5,298 | 236 | 255,985 |
| Íocaíochtaí déanta sa bhliain | (5,248) | 0 | 0 | (410) | (236) | (5,894) |
| Méadú/(laghdú) sa soláthar | (7,291) | (9,246) | 0 | 256 | 0 | (16,281) |
| Díchornú lascaine a bhineann le soláthairtí | 5,628 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5,628 |
| | 127,268 | 106,459 | 567 | 5,144 | 0 | 239,438 |

Tá na soláthairtí déanta faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach i Nótaí 1(m), (o) agus (p) leis na ráitis airgeadais seo.

Íocaíochtaí Oibríochta Inathraithe

Tá soláthar áirithe i lamháltais d'íocaíochtaí oibríochta inathraithe má thiteann méid an tráchta faoi bhun leibhéil shonraithe. Tá soláthar iomlán déanta ag BIÉ don tsuim mheasta a bheidh le híoc aige i leith na n-íocaíochtaí oibríochta inathraithe thar a bhfuil fágtha de shaolré an chonartha PPP. Athraíonn méid an tsoláthair ó bhliain go chéile chun na híocaíochtaí oibríochta inathraitheacha a rinneadh le linn na bliana a léiriú agus athruithe i luach an tsoláthair atá fágtha i ngeall ar athruithe i méid an tráchta a tharla ar an mbóthar atá i gceist.

Deontais Inaisíoctha

Cuimsíonn deontais Stáit atá inaisíoctha deontais Stáit a cuireadh ar fáil mar réamh-mhaoiniú d'fheidhmiú thionscadal áirithe, a bhfuil scéimeanna tobhaigh i bhfeidhm anois dóibh agus atá measta le bheith inaisíoctha faoi réir nóta 1(m) ar an bPolasaí Cuntasaíochta. Tá na deontais seo inaisíoctha thar shaolré na scéimeanna tobhaigh agus dá dheasca ní móide go ndéanfaidh an soláthair díchornú go hiomlán sa mheán-téarma.

I 2016 measadh €9.2 milliún de na deontais seo gan a bheith inaisíoctha a thuilleadh.

Soláthairtí do Thionscadail

Tá soláthar dóthanach déanta ag BIÉ do dhliteanais a bhaineann le tionscadail nuair atá tráth a n-íoctha éiginnte. Baineann an soláthar seo le dliteanais Iarnród Sráide agus Metro.

Athchóiriú Ráillí

Baineann soláthairtí d'athchóiriú ráillí le costais deisiúcháin agus feabhsúcháin a thiocfaidh chun cinn. Measann BIÉ go n-úsáidfear an soláthar thar saolré na sócmhainní bainteacha agus mar sin ní móide go ndéanfar díchornú ar an soláthar sa mheán-téarma.
I 2016, rinne BIÉ íocaíochtaí de €0.410m ar chostais deisiúcháin agus mhéadaigh sé an soláthar de €0.256m

Athstruchtúrú

Úsáideadh na soláthairtí athstruchtúraithe a bhain le scéim dheonach iomarcaíochta a d'éirigh as scor na GFI agus aistriú foirne uaithi ina n-iomláine taobh istigh den bhliain.

## 21. Dualgais Scoir

Tá cur síos déanta ar scéimeanna pinsin BIÉ thíos:

### Scéim Ranníocaí Sainithe [Iata do Bhaill Nua]

Tosaíodh scéim phinsin ranníoca sainithe i 2003 d'iar-chomhaltaí foirne na GFI nach raibh i dteideal bheith ina mbaill den scéim sochar sainithe maoinithe atá nótáilte thíos. Ní fhágann an scéim seo aon oibleagáidí maoinithe ar BIÉ faoi FRS 102.

### Scéim Sochar Sainithe - Maoinithe [Iata do Bhaill Nua]

Chun na forálacha in altanna 24 agus 25 den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001 a shásamh bhunaigh an GFI scéim sochar sainithe i 2003 chun soláthar a dhéanamh do theidlíochtaí pinsin na bhfostaithe úd a d'aistrigh ó scéim sochar sainithe 1951 de chuid CIE. Bunaíodh an scéim agus múnla theimpléad do shocruithe san earnáil phoiblí a d'eisigh an Roinn Airgeadais in úsáid agus í curtha in oiriúint chun go mbeadh na sochair ina macasamhail de na sochair a raibh soláthar dóibh i scéim pinsin sochar sainithe CIE 1951.

Rinne achtúire neamhspleách gairmiúil luacháil iomlán (Feabhra 2017) ar shócmhainní agus ar dhliteanais na scéime ar 31 Nollaig 2016. Luacháladh na sócmhainní agus na dliteanais seo agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid in úsáid.

Tuairiscíodh ar an gclár comhardaithe farasbarr pinsin de €643k a mheastar a bheith inaisghabhála thar shaolré na scéime. Tugann luacháil an fharasbairr faoi rialacha FRS102 le fios go bhfuil farasbarr teicniúil ann de €7,806k. Mar sin féin, tá uasmhéid an fharasbairr ar ceadmhach a aithint ar an gclár comhardaithe teoranta do luach saoire shuthaine ó ranníocaíocht an fhostóra agus é áirithe ar bhonn FRS102. Faoi na rialacha seo ní áirítear ach €643k a bheith inaisghabhála agus dá dheasca tá an farasbarr pinsin laghdaithe de €7,163k chun teorainn a chur leis an tsuim inaisghabhála go dtí €643k.

### Scéim Sochar Sainithe – Neamhmhaoinithe [Iata do Bhaill Nua]

Socrú pinsin sochar sainithe ar an tuarastal deiridh í an scéim seo le sochair agus ranníoca sainithe faoi réir rialacháin 'mhúnla' na hearnála poiblí. Bhí an scéim seo oscailte d'iarchomhaltaí foirne an ÚNB amháin.

Soláthraíonn an scéim pinsin (aon ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse), síneadh láimhe nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin do na nuachair is do na páistí. Is é breithlá 65 an gnáth-dháta scoir do chomhaltaí agus tá comhaltaí a bhí ann roimh 2004 i dteideal dul ar scoir gan laghdú achtúireach ó aois 60 ar aghaidh. Is gnách do phinsin atá á n-íoc (agus curtha siar) méadú faoi réir boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí.

Rinne achtúire neamhspleách gairmiúil luacháil iomlán (Feabhra 2017) ar shócmhainní agus ar dhliteanais na scéime ar 31 Nollaig 2016. Luacháladh na sócmhainní agus na dliteanais seo agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid in úsáid.

### Scéim Pinsin Aonair – Neamhchistithe

Oibríonn BIÉ an Scéim Aonair, ar scéim sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaí chomhaltaí na Scéime Singil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Tá costais, dliteanais agus sócmhainní BIÉ i leith na Scéime Pinsin Aonair cuimsithe sna faisnéisithe don Scéim Sochar Sainnithe neamhchistithe.

## 21. Dualgais Scoir (ar leanúint)

| 21a. Anailís ar iomlán na gcostas pinsin a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Costais na Scéime Sochair Sainnithe neamhchistithe:** | | |
| Costas Reatha Seirbhíse | 2,614 | 2,451 |
| Ranníocaí na bhFostaithe | (389) | (398) |
| | 2,225 | 2,053 |
| **Costais na Scéime Sochar Sainithe:** | | |
| Costas Seirbhíse reatha | 81 | 80 |
| | 81 | 80 |
| **Costais Iomlána na Scéime Sochar Sainithe:** | 2,306 | 2,133 |
| Costais na Scéime Sochar Sainnithe * | 896 | 389 |
| **Iomlán** | 3,202 | 2,522 |

*Is ionann costas pinsin na scéime pinsin ranníocaí sainithe agus ranníocaíochtaí iníoctha ag BIÉ don tréimhse ar €0.896m (2015: €0.389) iad.

### 21b Anailís ar iomlán na gcostas pinsin a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Scéim Sochar Sainithe Neamhchistithe:** | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 1,822 | 1,483 |
| **Scéim Sochar Sainithe Maoinithe:** | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 166 | 91 |
| Brabús ar shócmhainní na scéime | (177) | (149) |
| | (11) | (58) |
| Muirear Airgeadais Iomlán | 1,811 | 1,425 |

### 21c Anailís ar shuim aitheanta sa ráiteas faoi ioncam uileghabhálach:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Scéim Sochar Sainithe Neamhchistithe:** | | |
| (Gnóthachan)/caillteanas ó thaithí | (1,967) | 632 |
| Athrú ar na foshuíomhanna is bun le luach reatha dhliteanais na scéime | 12,502 | 640 |
| | 10,535 | 1,272 |
| **Scéim Sochar Sainithe Maoinithe:** | | |
| (Gnóthachan)/caillteanas ó thaithí | (875) | 489 |
| Athrú ar na foshuíomhanna is bun le luach reatha dhliteanais na scéime | 494 | (1,316) |
| | (381) | (827) |
| Caillteanas iomlán achtúireach | 10,154 | 445 |
| Athrú ar an bhfarasbarr do-aisghabhála | 153 | 975 |
| | 10,307 | 1,420 |

# Bonneagar Iompair Éireann

## Dualgais Scoir (ar leanúint)

### 21d. Gluaiseacht i ndliteanais/sócmhainní glana sochair scoir le linn na bliana airgeadais

**Scéim Sochar Sainithe Neamhchistithe**

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Glan-dliteanais i leith sochar scoir ar 01 Eanáir | 72,040 | 68,017 |
| Costais seirbhíse reatha | 2,614 | 2,451 |
| Caillteanas Achtúireach | 10,535 | 1,272 |
| Costas úis | 1,822 | 1,483 |
| Pinsin a íocadh le linn na bliana | (1,399) | (1,183) |
| Glan-dliteanais sochar scoir sainithe ar 31 Nollaig 2016 | 85,612 | 72,040 |

**Scéim Sochar Sainithe Maoinithe**

| | Sócmhainní na Scéime €'000 | Dliteanais na Scéime €'000 | Farasbarr Pinsin €'000 |
|---|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir 2016 | 14,706 | (7,212) | 7,494 |
| Táille Seirbhíse reatha | - | (80) | (80) |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach | 736 | (355) | 381 |
| Brabús measta ar shócmhainní na scéime | 177 | - | 177 |
| Costas Úis | - | (166) | (166) |
| Ranníocaí ag rannpháirtithe na scéime | 30 | (30) | - |
| Sochair díolta | (2,621) | 2,621 | - |
| Ar 31 Nollaig 2016 | 13,028 | (5,222) | 7,806 |

### 21e. Maoiniú iarchurtha do shochair scoir

**Scéim Sochar Sainithe Neamhchistithe**

Aithníonn an Bord suimeanna atá dlite ón Stát i leith dliteanais iarchurtha do phinsin shocar sainithe neamhchistithe ar bhonn tacar foshuíomhanna ar nóta 21(g) agus roinnt rudaí a tharla san am atá thart. Ar na rudaí seo tá an bonn reachtúil chun scéim phinsin do bhunú maille leis an bpolasaí agus leis an gcleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le maoiniú pinsean sa tseirbhís phoiblí, ar a n-áirítear ranníocaí ó fhostaithe agus próiseas bliantúil na meastachán. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo de bhaint amach na bhfigiúirí seo faoi réir an chleachtais reatha.

Bé seo a leanas an glan-mhaoiniú iarchurtha do shochair scoir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála i dtaca le costais sochar scoir na bliana reatha | 4,436 | 3,934 |
| Deontais Stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc | (1,399) | (1,183) |
| | 3,037 | 2,751 |

| Bé seo a leanas an glan-mhaoiniú iarchurtha do shochair scoir a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam Uileghabhálach: | 2015 €'000 | 2014 Athshonraithe €'000 |
|---|---|---|
| Coigeartú ar Dhualgais i leith Sochar Scoir Iarchurtha | 10,535 | 1,272 |

Bé €85.61m (2015: €72.04m) an Maoiniú ar 31 Nollaig 2016 i leith Sochar Scoir Sainithe Iarchurtha.

## 21. Dualgais Scoir (ar leanúint)

### 21f. Stair na ndualgas, na sócmhainní, an bhrabúis is an chaillteanais ó thaithí sochar sainithe:

| Scéim Sochar Sainithe Neamhchistithe | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| Suim na ndualgas sochar sainithe (€'000). | (85,612) | (72,040) | (68,017) | (58,720) |
| Coigeartuithe ó thaithí ar shuim dhliteanais na scéime (€'000). | 1,967 | (632) | 2,310 | 4,774 |
| Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%). | 2.3% | 0.9% | 3.4% | 8.1% |
| Suim na gcoigeartuithe foshuíomhacha ar shuim na ndliteanas (€'000) | (12,502) | (640) | (8,348) | 0 |
| Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%) | 14.6% | 0.9% | (12.3%) | 0 |

Is é €32.6m (31 Nollaig 2015: €22.07m)) méid an chaillteanais charnaithe achtúraigh atá aitheanta sa Ráiteas faoi Ioncam Uileghabhálach suas go dtí 31 Nollaig 2016 agus an lá sin san áireamh.

**Scéim Sochar Sainithe Maoinithe:**

| | 31 Noll 2016 | 31 Noll 2015 |
|---|---|---|
| Suim na ndualgas sochar sainithe (€'000). | (5,222) | (7,212) |
| Suim na sócmhainní sochar sainithe (€'000). | 13,028 | 14,706 |
| Farasbarr sochar sainithe | 7,806 | 7,494 |
| Farasbarr do-aisghabhála ar an scéim sochar scoir | (7,163) | (7,010) |
| Farasbarr an phinsin sochair sainnithe | 643 | 484 |
| Suim na gcoigeartuithe ó thaithí ar dhliteanais na scéime (€'000). | 139 | 131 |
| Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%). | 2.7% | 1.8% |
| Coigeartuithe ó thaithí ar shuim shócmhainní na scéime (€'000). | 736 | (620) |
| Mar chéatadán de shócmhainní na scéime (%). | 5.6% | 4.2% |

Is é is €1.798m (31 Nollaig 2015: €2.026m) an caillteanas achtúireach carnaithe a aithnítear ar an Ráiteas faoi Ioncam Uileghabhálach suas go dtí 31 Nollaig 2016 agus an dáta sin san áireamh. Is é €Nil suim na ranníocaí a bhfuiltear ag súil leo sa bhliain dar gcionn.

### 21g. Cur síos ginearálta ar an scéim agus foshuíomhanna achtúireacha

Scéim Sochar Sainithe Neamhmhaoinithe

Is iad seo na príomh-fhoshuíomhanna achtúireacha ar dháta an chlár comhardaithe:

| | 31 Noll 2016 % | 31 Noll 2015 % |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.83 | 2.55 |
| Arduithe tuarastail san am atá le teacht | 2.70 | 2.65 |
| Arduithe pinsin san am atá le teacht | 2.20 | 2.15 |
| Ráta boilscithe | 1.70 | 1.65 |
| Arduithe i bpinsin Stáit san am atá le teacht | 1.70 | 1.65 |

Tá soláthar sa ráta básmhaireachta ar glacadh leis do fheabhsuithe in ionchas saoil thar am, rud a fhágann go mbraithfidh ionchas saoil ar an mbliain ina shroicheann comhalta aois scoir (aois 65). Léiríonn an tábla thíos ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheann aois 65 i 2016 agus i 2036.

# Bonneagar Iompair Éireann

## 21. Dualgais Scoir (ar leanúint)

### 21g Cur síos ginearálta ar an scéim agus foshuíomhanna achtúireacha (ar leanúint)

Bliain ina shroichtear aois 65

| | 2016 Blianta | 2036 Blianta |
|---|---|---|
| Ionchas Saoil – Fireann | 21.1 | 23.6 |
| Ionchas Saoil – Baineann | 23.6 | 25.7 |

Scéim Sochar Sainithe Maoinithe

Is iad seo na príomh-fhoshuíomhanna achtúireacha ar dháta an chlár comhardaithe:

| | 31 Noll 2016 % | 31 Noll 2015 % |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.60 | 2.30 |
| Arduithe tuarastail san am atá le teacht | 2.70 | 2.65 |
| Arduithe pinsin san am atá le teacht | 2.20 | 2.15 |
| Ráta boilscithe | 1.70 | 1.65 |

Tá soláthar sa ráta básmhaireachta bunaithe ar chomhairle a fuarthas ó staitisticí a foilsíodh agus ó thaithí. Tá na hionchais básmhaireachta bunaithe ar tháblaí caighdeánacha básmhaireachta a dhéanann soláthar ina gcuid ionchas do fheabhsuithe sa básmhaireacht san am atá le teacht.

Faoi láthair tá triúr pinsinéir sa scéim.
Faid saoil do bhaill a éiríonn as ag aois a 60.

| | 31 Noll 2016 Blianta | 31 Noll 2015 Blianta |
|---|---|---|
| Fireann | 26.1 | 27.6 |
| Baineann | 29.0 | 29.2 |

Ar 31 Nollaig 2016 bhí sócmhainní na scéime infheistithe san Irish Life Consensus Fund, san Irish Life Cash Fund, san Irish Life 10 Year AAA Bond Fund agus san Irish Life Netherlands 2042 Bond Fund. Cinneann na hIontaobhaithe, le hionchur óna gcomhairleoirí gairmiúla, cén meascán sócmhainní a bheidh ann bunaithe ar phróifíl riosca na scéime.
Tá luach cóir shócmhainní na scéime mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime leagtha amach anseo thíos:

| (mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime) | 31 Noll 2016 % | 31 Noll 2015 % |
|---|---|---|
| Cothromas | 0.4 | 0.2 |
| Bannaí | 61.2 | 65.2 |
| Airgead | 38.4 | 34.6 |

Ní chuimsíonn sócmhainní na Scéime aon chuid d'ionstraimí airgeadais BIÉ, ná aon sealúchas a bhfuil seilbh ag BIÉ air.

## 22. Cúlchiste Thobhaigh agus Ranníocaíochtaí ó Fhorbróirí

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir | 42,857 | 0 |
| Glacadh ar lámha comhardú na GFI ar 01.08.15 | 0 | 39,860 |
| Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí ó Fhorbróirí | 6,394 | 3,082 |
| Amúchadh tobhach | (203) | (85) |
| Ar 31 Nollaig | 49,048 | 42,857 |

Mar atá leagtha amach i Nóta 1(e), coimeádtar tobhaigh forbartha agus ranníocaí ó fhorbróirí a fhaigheann BIÉ i gcúlchiste do thobhaigh forbartha agus do ranníocaí ó fhorbróirí agus déantar iad a amhúchadh leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a dhéantar dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.

## 23. Dlíthíocht agus Éilimh

Tá baint ag BIÉ le roinnt cásanna dlíthiúla a bhfuil an toradh a bheidh orthu éiginnte. Níl soláthar déanta ag BIÉ d'aon chostas a fhéadfadh eascairt astu.

## 24. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

Féach ar Nóta 8d chun briseadh síos a fháil ar an luach saothair agus ar na híocaíochtaí leasa a íocadh leis an bpríomh-bhainistíocht. Glacann BIÉ le gnáthaimh atá ag teacht le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasa pearsanta chomhaltaí an Bhoird. Sa ghnáthshlí gnó is féidir go bhfaomhfaidh BIÉ deontais nó go ndéanfadh sé comhaontuithe gnó le haonáin a fhostaíonn comhaltaí Boird BIÉ nó a bhfuil leas eile acu iontu.

I gcásanna ina fhéadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist ní bhfaigheann na comhaltaí Boird doiciméadacht ná ní ghlacann siad páirt in aon phlé a bhaineann leis na hidirbhearta seo. Coimeádtar taifead d'aon chás mar seo.

Ní raibh aon idirbheart a bhain le páirtí gaolmhar le linn na bliana.

## 25. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh figiúirí comparáideacha áirithe a athrangú chun bheith i gcomhréir leis an tslí inar déileáladh leo sa bhliain Reatha.

## 26. Iar-theagmhais

**Teagmhais Rialaithe**
Ní raibh aon teagmhas suntasach ann ó dheireadh na bliana i leith a mbeadh mar thoradh air coigeartú ar na ráitis airgeadais nó nóta a chur leo.

**Teagmhas Neamh-Rialaithe – Cáin Bhreisluacha – Ioncam ó Dholaí**
Oibríonn an BIÉ an M50 agus Tollán Bhaile Átha Cliath trí chonarthaí a deineadh le páirtithe éagsúla. D'oscail Tollán Bhaile Átha Cliath i 2006 agus thosaigh socruithe dola eFlow ar an M50 mí Lúnasa 2008. Sa dá chás chinn na Coimisinéirí Ioncaim nár tháinig na dolaí faoi réir CBL. I 2010 leasaigh na Coimisinéirí Ioncaim a seasamh agus chinn siad gur tháinig córas dola ag comhlacht poiblí faoi réir CBL le feidhm ó 1 Iúil 2010.

Chuaigh an BIÉ i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim faoin athrú seo sa tslí ina gcaitear le dolaí san earnáil phoiblí agus tarchuireadh an cheist go dtí Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc le go dtabharfaí breith uirthi. Ina dhiaidh sin chuir an Coimisinéir Achomhairc an cheist ar aghaidh go dtí Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE).

## 26. Iar-theagmhais (ar leanúint)

D'eisigh an CBAE cinneadh ar 19 Eanáir 2017 i bhfabhar seasamh BIÉ. De bharr cinneadh na CBAE agus le haontú na gCoimisinéirí Ioncaim ní ghearrtar CBL a thuilleadh ar dholaí an M50 nó Thollán Bhaile Átha Cliath. D'íoc BIÉ thart faoi €100m a bhain le CBL ar dholaí an M50 agus Thollán Bhaile Átha Cliath (glan ar ionchur shochar CBL) chuig na Coimisinéirí Ioncaim thar an tréimhse 2010-2017.

Ní mór feidhmiú iarghabhálach chinneadh na CBAE a aontú fós leis na Coimisinéirí Ioncaim.

## 27. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomhaigh an Bord na ráitis airgeadais seo ar 28 Meitheamh 2017.

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

www.tii.ie

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2016